

2022

An 100ú Tuarascáil Bhliantúil

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

1923-2023

Tuarascáil Bhliantúil 2022

An céadú Tuarascáil Bhliantúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le feidhmiú Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, curtha faoi bhráid an Aire Airgeadais.

Aibreán 2023

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh, le muintín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Ár gCroíluachanna

Meas



Gairmiúil



Comhoibriú



Sofhreagrúlacht



Macántacht



Clár na nÁbhar

| | |
|---|------------|
| Athbhreithniú an Bhoird ar 2022 | 5 |
| 2022 Struchtúr na hEagraíochta | 11 |
| Príomhthorthaí 2022 | 16 |
| Bailiú cánacha agus dleachtanna | 19 |
| Seirbhís do Chomhlíontacht | 22 |
| Comhlíontacht Shaorálach a Éascú | 22 |
| Soláthar Seirbhísí | 25 |
| Riachtanais Cáinócóirí a Thuiscint | 26 |
| Tacú le Beartas Cánach agus Custam | 27 |
| Treochtaí agus Comhar Custam | 33 |
| Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht | 36 |
| Clár Comhlíontachta | 36 |
| Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht | 38 |
| Díriú agus Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar | 39 |
| Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú | 45 |
| Fiachais a Bhailiú | 46 |
| Comhoibriú | 48 |
| Tacaíochtaí Rialtais a Sheachadadh | 51 |
| Ag Dul i mBun na hOibre: Ár nDaoine agus ár Struchtúir | 54 |
| Ár nDaoine | 54 |
| Ár gCultúr | 62 |
| Nuálaíocht | 65 |
| Rúndacht an Cháinócóra | 67 |
| Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse | 68 |
| Rialachas | 69 |
| Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta | 72 |
| Bainistíocht Airgeadais | 74 |
| Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 | 75 |
| Innéacs Tábla 2022 | 95 |
| Aguisín 1 - Míreanna Oidhreachta a Thabhairt | 109 |

Athbhreithniú an Bhoird ar 2022

Seo í an 100ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Déantar taifead ann ar bhliain d'fheidhmíocht láidir inar bhailíomar suim cánach agus dleachta i gcomhthéacs na ndeacrachtaí leanúnach eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann le tionchar leanúnach phaindéim Covid-19, ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus an t-athrú ó bhonn a tháinig ar an timpeallacht trádála idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór.

D'ainneoin na timpeallachta eacnamíche dúshlánaí, athraithí agus éiginnte, d'fhan rátaí comhlíontachta tráthúla foriomlána do 2022 de bheith láidir. Is fianaise é seo ar an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh tráthúil cánach agus dleachta don tsochaí i gcoitinne, agus léiríonn sé freisin, an rannpháirtíocht dhearfach a bhí ag gnóthaí, cáiníocóirí aonair agus cleachtóirí cánach agus an méid a chuireann siad le cultúr láidir comhlíontachta deonach, in ainneoin na ndúshlán a bhí roimh go leor daoine.

Bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim iomlán de bheagnach €118 billiún i bhfáltais chomhlána, lena n-áirítear €22 billiún i bhFáltais neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. B'ionann glanfháltais an Státchiste i ndiaidh aisíocaíochtaí agus €82.4 billiún, méadú 22% nó €14.9 billiún ar 2021.

Is Príomhthosaíocht Corparáideach a bhí againn in 2022 ná socruithe nua oibre solúbtha a chur i bhfeidhm chun barrfeabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht eagraíochtúla, comhtháiteacht eagraíochtúla agus cumas forbartha agus tacaíochta a chinntiú. Chuireamar socruithe oibre cumaisc agus bealaí nua oibre i bhfeidhm agus leanamar orainn d'infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i gcumas ár ndaoine.

Tá ár gcroíluachanna de sofhreagrúlacht, macántacht, meas, comhoibriú agus gairmiúlacht fite fuaite inár gcultúr agus thacaigh siad lenár bhfeidhmíocht in 2022.

Bailiúchán

D'fhan rátaí comhlíontachta tráthúla foriomlána do 2022 láidir, rud a léiríonn cultúr leanúnach comhlíontachta saorálaí agus tráthúil.

Tugann stórasú fiachais cánach cabhair do ghnóthaí a bhfuil deacrachtaí acu le sreabhadh airgid agus trádáil mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19 agus an ngéarchéim fuinnimh. I mí Dheireadh Fómhair 2022, mar gheall ar an staid dhúshlánach eacnamaíoch atá i gceist do ghnóthaí faoi láthair, d'fhógair muid síneadh tábhachtach agus suntasach leis an Scéim Stórasaithe Fiachais (SSF). Faoin scéim, bhí an chuid is mó de ghnóthaí a raibh fiachas stórasaithe acu dlite le dul isteach i gcomhaontú chun tús a chur leis an bhfiachas sin a aisíoc roimh dheireadh na bliana 2022. Chun dul i dtiaithí leis an éiginnteacht leanúnach eacnamaíochta, shíneamar an amlíne sin go dtí an 1 Bealtaine 2024. Tá gnóthaí fós in ann leas a bhaint as an ráta laghdaithe úis 3% do thréimhsí stórasaithe fiachais ón 1 Eanáir 2023, seachas an ráta ginearálta úis 10%, ar an gcoinníoll go dtíolactar agus go n-íoctar na tuairisceáin agus dliteanais reatha in am. Amhail an 31 Nollaig 2022, rinneadh stórasú ar €2.37 billiún i bhfiachas cánach do 68,609 gnó, agus tá fiachas os cionn €50,000 ag beagán os cionn 7,000 díobh sin

Is iad na príomhchoinníollacha atá ag an SSF ná nach mór gach tuairisceán cánach a thíolacadh ionas go ndéantar an fiachas a mheas, agus caithear cánaíochtaí reatha a íoc de réir mar a thagann siad de bheith dlite. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim na príomhriachtanais seo in iúl go leanúnach ina gcuid doiciméad cumarsáide agus teorach stórasaithe go léir go dtí seo.

Léiríonn ár gcur chuige bailithe fiachais struchtúr deighilte cásbhainistíochta. Cuireann sé seo ar ár gcumas ár bhfreagra a oiriúnú bunaithe ar iompar cáiníocóirí agus cuireann sé solúbthacht níos fearr ar fáil ó thaobh ár n-acmhainní bainistíochta fiachais a mheaitseáil riosca bailithe

cánach a fhritháireamh.

Le linn 2022, chuireamar tús le filleadh céimnithe ar bhailiú caighdeánach fiachais d'fhiachas neamhstórasaithe a cuireadh ar fionraí go páirteach ó thús na paidéime i mí an Mhárta 2020. Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim gur féidir le cáiníocóirí nó le gnóthaí deacrachtaí sealadacha sreafa airgid a fhulaingt uaireanta a mbíonn tionchar acu ar a gcumas oibleagáidí cánach a chomhlíonadh ar bhonn tráthúil. I gcúinsí den chineál sin, déanaimid iarracht oibriú leis an gcáiníocóir chun socrú íocaíochta a aontú leo seachas roghanna forfheidhmithe a úsáid. Tá sé rithábhachtach go rachadh gnólachtaí a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir.

Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta

Baineann muid amach ár gcroí-thasc maidir le cánacha agus dleachtanna a bhailiú trí shamhail seachadta i leith seirbhís comhlíontachta a sholáthar atá lúfar, freagrúil agus a chuireann san áireamh riachtanais na gcáiníocóirí agus na ngníomhairí cánach. Leanaimid lenár gcur chuige deighilte maidir le seachadadh seirbhíse a bheachtú agus a dhoimhniú ar bhealach a thacaíonn agus a éascaíonn leibhéal arda comhlíontachta saorálaí.

De réir a chéile, tá cáiníocóirí, agus a ngníomhairí, ag súil le tairiscintí na seirbhísí digití agus níos mó solúbthachta a bheith acu maidir le rochtain ar sheirbhísí, cibé acu digiteach nó gan a bheith. Is é an taithí atá againn ar sholáthar seirbhíse le linn na paidéime ná go bhfuil níos mó idirbheart cáiníocóra aistrithe ar líne. Tá méadú feicthe againn freisin ar an éileamh ar sheirbhís 24/7. Agus é seo san áireamh, is é fócas ár ndearadh seirbhíse ná sraith seirbhísí ar líne nó digiteacha a sholáthar a ghíaráil uathobriú próisis, nuair is cuí, agus a ligeann do cháiníocóirí agus gníomhairí féinseirbhís a dhéanamh chomh fada agus is féidir.

Lean an áis **Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí Ar Líne** de sheirbhísí riachtanacha a chur ar fáil i rith 2022 chun tacú le gnóthaí inmharthana a raibh deacrachtaí íoca cánach acu. Cuireann an tseirbhís seo eolas cothrom le dáta ar fáil ar dhliteanais agus tuairisceáin amuigh agus treoraíonn sí an cáiníocóir tríd an bpróiseas iarratais chun Socraíocht Tráthíocaíochtaí a bhaint amach. In 2022, phróiseáil muid 10,804 Tíolacadh Tráthíocaíochtaí tríd an áis ar líne.

Mar chomhlánú ar ár gcuid seirbhísí digiteacha, tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil in ann leas a bhaint as ár seirbhísí ar líne. Cuireann ár Seirbhís Náisiúnta coinní fíorúla agus aghaidh ar aghaidh araon ar fáil chun deireadh a chur le hamanna feithimh agus ligean do cháiníocóirí am a roghnú atá áisiúil dóibh bualadh le ball dár bhfoireann.

Príomhghné dár ról ná cabhrú ar bhealach réamhghníomhach le cáiníocóirí lena ndualgais chánach agus dleachta a chomhlíonadh. Tacaíonn muid le cáiníocóirí trí fhaisnéis agus treoir thráthúil agus cuí a thabhairt dóibh agus é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach go saorálach. Chun tacú le gnóthaí tuiscint a fháil ar an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí, reáchtáil muid seimineár gréasáin beo idirghníomhach ar an 14 Nollaig 2022 inar tugadh míniú cuimsitheach sothuigte ar an scéim, agus léiriú ar an gcaoi le clárú agus éileamh a dhéanamh ar ROS. Chun tacú le cáiníocóirí ÍMAT a dteidlíochtaí iomlána a éileamh agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, scríobhamar chuig breis agus 400,000 duine aonair in 2022 a d'fhéadfadh, de réir a Réamhráiteas Deireadh Bliana, cáin ró-íochta nó gearríochta a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na blianta cánach 2019 – 2021, agus an dá bhliain sin san áireamh.

Inár ról mar Údarás Inniúil chun díospóidí a réiteach a thagann chun cinn faoi líonra na hÉireann de Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte (CCDanna), leanamar orainn ag cothú caidrimh láidre chomhoibríocha le comhpháirtithe conartha agus fuaireamar trí ghradam ón ECFE mar aitheantas ar thiomantas agus díograis na foirne, Údarás Inniúil na hÉireann.

Leanamar orainn ag rannchuidiú le meastóireacht, forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta cánach, agus le tograí an Aontais Eorpaigh (AE) agus Creat Cuimsitheach an ECFE chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitiú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí. In 2022, d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Airgeadais, ní hamháin maidir leis na príomhthacaíochtaí a riarann muid thar ceann an Rialtais, ach freisin maidir le beartas náisiúnta cánach, go háirithe maidir le próiseas an Bhille Airgeadais, agus na mórfhorbairtí cánach idirnáisiúnta a cuireadh chun cinn le huaimhian nach bhfacthas riamh roimhe ag Creat Cuimsitheach an ECFE.

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Tacaímid le cultúr comhlíontachta deonach trí fhreagra fíor-ama, dírithe ar riosca, éifeachtach agus comhréireach a sheachadadh ar neamhchomhlíontacht, a léiríonn iompar cáiníocóra.

Ba é an toradh iomlán ónár n-idirghabhálacha iniúchta agus comhlíontachta in 2022 ná €813 milliún. Comhaontaíodh socraíochtaí cánach, ar luach €28 milliún iad, le 36 cáiníocóirí a foilsíodh mar mhainnitheoirí cánach.

I dtús na Bealtaine 2022, tháinig CIC nua, arna thacú ag Cód Cleachtais um Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe, i bhfeidhm. Forbraíodh an creat 3-leibhéal seo tar éis obair fhairsing le linn 2021, lena n-áirítear rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ar nós gníomhairí cánach agus gairmithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha.

Tacaíonn an creat le comhlíontacht trí luach agus tábhacht an fhéinmheasúnaithe agus an fhéin-athbhreithnithe a fheabhsú tuilleadh mar mhodh chun comhlíontacht deonach tráthúil a chinntiú. Tacaíonn sé freisin lenár rannpháirtíocht níos gaire d'fhíor-ama le cáiníocóirí, agus íoslaghdaíonn sé an costas comhlíontachta do ghnóthaí agus ar dhaoine aonair a fhéachann leis an gcáin cheart a íoc ag an am ceart. Ionchorpraíonn sé ár gcur chuige traidisiúnta maidir le hiniúchadh cánach laistigh de Chreat Idirghabhála Comhlíonta a dhéanann foráil d'fhreagairt chomhsheasmhach, chéimnithe ar riosca agus iompar comhlíonta cáiníocóra.

I rith 2022, lean muid lenár réimse leathan idirghabhálacha riosca-bhunaithe ag díriú ar chalaíoch, trádáil neamhdhlísteach, smuigleáil agus coiriúlacht eagraithe. Ghabh muid breis is 3,600 kg de dhrugaí arbh fhiú beagnach €46 milliún iad agus rinneamar níos mó ná 7,000 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha arbh fhiú breis agus €48 milliún iad. D'urghabhamar freisin beagnach 600,000 lítear d'alcól aindleathach arbh fhiú €3.9 milliún é agus d'urghabhamar 1,055 feithicil mar gheall ar chionta éagsúla.

Custaim

Lean an méadú i rannpháirtíocht gnóthaí le córais Custam na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh in 2022. Léiríonn sé seo an tionchar a bhí ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE ar an 1 Eanáir 2021, an ghné leathan agus fairsing idirnáisiúnta den slabhra soláthair i ndáil le hearraí a iompórtáiltear isteach go hÉirinn agus fás na ríomhthráchtála.

D'oibríomar freisin le comhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun sreabhadh éifeachtúil earraí trínár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt a bharrfheabhsú, agus leanamar orainn ag tógáil ar an gcur chuige comhoibríoch trasghníomhaireachta atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phraiticiúla 'ar an talamh' de réir mar a tháinig siad chun cinn nó chomh tapa agus is féidir ina dhiaidh sin.

Le linn na bliana is mó riamh, rinneamar beagnach 43 milliún dearbhuithe custam a phróiseáil. Dearbhuithe iompórtála a bhí i 40 milliún de na dearbhuithe seo, agus bhain 90% díobh sin leis an ríomh-thráchtáil.

Ag féachaint ar ghluaiseachtaí feithiclí lastais ón mBreatain Mhór isteach go hÉirinn thar an mbliaín iomlán, tugadh an bealach glas do 89% díobh, rud a chiallaíonn gur ghluais siad go saor tríd an gcalafort ábhartha gan gá le haon idirghníomhaíocht bhreise leis na Coimisinéirí Ioncaim ná le haon Ghníomhaireacht Stáit eile, tugadh an bealach oráiste do 9% díobh rud a chiallaíonn go raibh seiceáil doiciméadach nó rialú comhchosúil de dhíth ar na hearraí agus tugadh an bealach dearg do 2% díobh a chiallaíonn go raibh gá le scrúdú fisiceach nó cigireacht ar na hearraí.

Leanann muid de theagmháil dhíreach a dhéanamh le gnóthaí, oibreoir eacnamaíochta, comhlachtaí trádála agus ionadaíochta chun tacú leo comhlíonadh leis na riachtanais rialála a bhaineann le hiompórtálacha agus le heaspórtálacha go dtí gach tír neamh-AE.

Tacaíochtaí Rialtais a Sheachadadh

Lean deacrachtaí eacnamaíochta agus sóisialta de bharr na paindéime Covid-19 ar aghaidh go dtí 2022. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin go mór le tionchar na ndeacrachtaí seo.

Rinneamar ár samhail seachadta seirbhíse a bheachtú tuilleadh, chun riachtanais cáiníocóirí agus ról na n-idirghníomhaithe a chur san áireamh. D'oibríomar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun tacú le náisiúnaigh de chuid na hÚcráine atá ag cuir tús le fostaíocht in Éirinn.

Lean muid ar aghaidh le ról suntasach a bheith againn i dtacú le gnólachtaí a raibh tionchar acu orthu trí thacaíochtaí ríthábhachtacha an Rialtais a sheachadadh.

Riaramar roinnt príomhchéimeanna tacaíochta COVID-19 thar ceann an Rialtais. I gcaitheamh na bliana, d'éiligh beagnach 23,300 fostóir €804.7 milliún faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) i leith beagnach 326,500 fostaí. D'éiligh 2,694 gnó iomlán de €21.2 milliún in íocaíochtaí um an Scéim Tacaíochta Srianatá COVID (STSC) i leith 2,847 áitreabh le haghaidh 2022.

Chomh maith leis sin, chabhraigh muid leis an Roinn Airgeadais an creat reachtaíochta don SSTFG a sholáthar agus a riar. Is tacaíocht spriocdhíríte atá sa scéim, a dearadh chun tacú le gnóthaí leis an méadú suntasach i gcostais fuinnimh de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá an Clárúchán don SSTFG ar fáil ón 26 Samhain 2022 agus osclaíodh an tairseach éilimh ar an 5 Nollaig 2022. Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí 8,849 gnó cláraithe don scéim agus faomhadh €6.6 milliún in íocaíochtaí SSTFG i leith 2,984 éileamh.

Cáin Mhaoine Áitiúil

Leanamar de leibhéil airde gníomhaíochta a fheiceáil thar 2022 toisc go raibh úinéirí maoine i dteagmháil linn le linn na bliana chun úinéireacht a dheimhniú agus socraíochtaí íocaíochta a shocrú suas roimh na dátaí íocaíochta. Le linn 2022, rinneadh breis agus 450,000 glao gutháin go dtí ár Líne Chabhrach Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) agus fuarthas breis agus 210,000 mír comhfhreagrais.

Ba í 2022 an chéad bhliain ar tháinig maoine nuadhlighteanaigh taobh istigh den mhuirear CMÁ ar bhonn bliantúil. Iarradh or úinéirí maoine a tógadh le linn 2022 Tuairisceán CMÁ a thíolacadh agus socraíocht íocaíochta a shocrú suas le haghaidh 2023. Deimhníodh 18,856 maoine mar mhaoine nuadhlighteanaigh.

Faoi láthair, seasann an ráta comhlíontachta tuairisceáin le haghaidh CMÁ don tréimhse luachála 2022 - 2025 ag 94%, agus tá an ráta comhlíontachta íocaíochta do 2022 ag 97%.

Ár nDaoine agus ár gCumas

Tá ár bhfoireann agus a gcuid scileanna, solúbthacht, teacht aniar agus gairmiúlacht fós

lárnach inár n-éachtaí. Cuireann cumas agus obair chrua ár bhfoireann mar aon lenár struchtúir lúfar agus ár gcumas leanúnach leas a bhaint as nuálaíocht sa teicneolaíocht, agus éifeachtúlacht ár gcleachtais ghnó agus ár bpróisis a bharrfheabhsú, ar ár gcumas ár ról a chomhlíonadh go héifeachtach.

Príomhthosaíocht Chorporáideach in 2022 ab ea socruithe oibre solúbtha nua a chur i bhfeidhm chun comhtháiteacht agus cumas eagrúcháin a bharrfheabhsú, agus ag an am céanna feabhas a chur ar fholláine agus ar shaol oibre ár ndaoine. Bhí cur i bhfeidhm socruithe **Oibre Cumaisc** sna Coimisinéirí loncaim mar chuid lárnach den phróiseas sin.

Cothaímí timpeallacht oibre dhearfach shásúil trí rannpháirtíocht bhríoch agus trí fhócas láidir a choinneáil ar fholláine, ar éagsúlacht agus ar uilechuimsitheacht. Cuirimid sábháilteacht agus folláine ár bhfoireann i gcroílár ár gcur chuige freisin, ag baint amach ár bhfís mar rogha fostóra dár bhfoireann reatha agus d'earcaigh nua ionchasacha araon.

Ag deireadh 2022, bhí breis agus 6,851 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí loncaim, arb ionann é agus 6,635 coibhéis lánaimseartha. Leanaimid de bheith ag infheistiú inár bhfoireann chun a gcuid scileanna a fhorbairt, agus chun tacú leo agus cur ar a gcumas feidhmiú go dtí na leibhéil is airde trí raon leathan deiseanna forbartha scileanna agus cumais a sholáthar. Le linn na bliana, cheap muid 841 ball foirne ó chomórtais earcaíochta oscailte, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil.

Ag Féachaint Chun Cinn

Marcáileann 2023 céad bliain de dhícheall agus tiomantas na gCoimisinéirí loncaim chun freastal ar Éirinn, trí rialuithe éifeachtacha cánach agus custam a chur i bhfeidhm agus a riaradh thar ceann an Stáit. Agus muid ag tabhairt faoin gcéad aois eile d'oibríochtaí, leanfaimid le bailiú éifeachtach na gcánacha agus na ndleachtanna atá dlite don Stát, agus leanfaimid ag oiriúnú agus ag feabhsú ár múnla seirbhíse chun tacú le comhlíontachta, arna dtiomáint ag riachtanais cáiníocóirí agus gníomhairí cánach, agus ag an am céanna ag baint úsáide as dul chun cinn breise i dteicneolaíochtaí. Tá muid tiomanta i leith cultúr láidir comhlíontachta deonaí, agus do neamhchomhlíontacht a aithint agus aghaidh a thabhairt air go tráthúil. Cinnteoidimid go bhfuil ár gcur chuige maidir le neamhchomhlíontacht agus imghabháil nó seachaint de gach cineál a aithint, agus curtha i bhfeidhm go tráthúil, go láidir agus go héifeachtach.

Beidh muid ag déanamh monatóireachta agus bainistíochta cúramach ar chomhlíontacht tuairisceáin agus íocaíochta thar gach ceanteideal cánach. In 2022, d'filleamar ar ghnáthghníomhaíocht bainistithe agus forfheidhmithe fiachais tar éis briseadh os cionn dhá bhliain mar gheall ar ghéarchéim Covid-19. Tá sé ríthábhachtach go rachadh gnóthaí a bhfuil deacrachtaí sealadacha sreafa airgid acu i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir. Beidh muid ag bainistiú gnóthaí a bhain leas as an SSF, a bhfuil fiacha €50,000 nó níos mó orthu, agus beagán os cionn 7,000 díobh atá i gceist. Tá síneadh curtha againn le spriocdháta an SSF go dtí an 30 Aibreán 2024, ach chun bunstáistí suntasacha na scéime a choinneáil áfach, ní mór tuairisceáin reatha agus íocaíochtaí a choinneáil cothrom le dáta.

Táimid san airdeall ar agus réamhghníomhach i dtaobh dul i ngleic leis na rioscaí a eascraíonn as na hathruithe atá tagtha ar na timpeallachtaí geilleagair agus gnó go náisiúnta agus go domhanda. Tuigimid go rímhaith na dúshláin atá roimh an ngeilleagar maidir le slándáil leanúnach na slabhraí soláthair, géarchéim an chostais mhaireachtála agus ionradh na Rúise ar an Úcráin. Leanfaimid orainn ag tacú leis an bhfreagra náisiúnta ar na dúshláin sin.

Agus comhlíontacht in am is i dtrá á uasmhéadú againn, leanfaimid orainn ag cur lenár rannpháirtíocht fíor-ama agus lenár bhfreagra do riosca. Bainfidh muid é sin amach trínár CIC a neadú inár gcur chuige bainistíochta comhlíontachta. Déanfar ár bhfreagra agus ár gníomhartha a chinneadh de réir an leibhéil riosca agus iompair cáiníocóirí.

Cuirfidh muid treoir agus tacaíocht chuimsitheach ar fáil d'úinéirí maoinne roimh an gcéad tréimhse inmhuirir don Cháin ar Thithe Folmha (CTF) agus an Cháin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC). Táimid ag cur chun cinn na hoibre ar na bearta teicniúla agus riaracháin a theastaíonn chun na cánacha seo a riaradh.

Leanfaimid orainn ag tacú le gnó agus le trádáil de réir mar a thagann siad in oiriúint do riachtanais iompórtála Rialtas na Ríochta Aontaithe agus leanfaimid freisin ag tacú leis an Roinn Airgeadais maidir leis an gclár oibre cánach idirnáisiúnta agus custam casta atá ag forbairt.

Cosúil le roinnt eagraíochtaí ar fud na tíre agus ar fud an domhain le trí bliana anuas, chuamar i dtaithí ar bhealaí nua oibre. Chuireamar ár socruithe oibre cumaisc i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gCreat Beartais Oibre Cumaiscthe d'Eagraíochtaí Státseirbhíse¹ agus leanfaimid orainn ag cur leis na héifeachtúlachtaí a fuarthas le trí bliana anuas agus ag baint leas as réitigh teicneolaíochta feabhsaithe chun timpeallacht oibre a chumasú a éascaíonn meascán d'obair ar an láthair agus d'obair fhíorúil.

Is tosaíocht bhunúsach don eagraíocht iad slándáil chórais agus shonraí na gCoimisinéirí loncaim agus tá sé deartha i ngach seirbhís a oibríonn na Coimisinéirí loncaim, nó a obrítear dóibh. Leagtar béim ar shlándáil don fhoireann ar fad agus is cuid de chultúr na heagraíochta í. Ní fhéadimid, áfach, glacadh leis go bhfuilimid díolmhaithe ón mbaol a bhaineann le cibirionsaithe agus, dá bhrí sin, leanaimid de bheith airdeallach agus infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar slándála, ár n-athléimneacht agus ár bhfreagrúlacht agus a uasghrádú.

Ar deireadh, aithnímid gairmiúlacht, dúthracht agus tiomantas fhoireann uile na gCoimisinéirí loncaim agus gabhaimid buíochas leo as a gcuid oibre crua agus barr feabhais leanúnach, agus nach bhféadfaí ár n-éachtaí in 2022 a bhaint amach dá n-uireasa. Aithnímid freisin agus gabhaimid buíochas leis na baill foirne de chuid na gCoimisinéirí loncaim a chuaigh ar scor le bliain anuas, ar thiomnaigh go leor acu 40 bliain nó níos mó seirbhíse don Stát, lena n-áirítear an Coimisinéir Michael Gladney a chuaigh ar scor i mí Aibreáin 2022.




Ruth Kennedy
Coimisinéir

Niall Cody
Cathaoirleach

Gerry Harrahill
Coimisinéir

¹ <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/da010-blended-working-policy-framework-for-civil-service-organisations/>

2022 Struchtúr na hEagraíochta






Bord agus Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta

Príomhthorthaí 2022


Iomlán na bhfáltas comhlán de €117.8 billiún a bailíodh, lena n-áirítear €82.4 billiún i nglanfháltais chánach agus €22 billiún i bhfáltais neamh-Stáitchiste.

Costas riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim €491.7 milliún


Fáltais Chánach Chomhlána



Glanfháltais Chánach



Bailiúchán le haghaidh Ranna & Gníomhaireachtaí eile



23 milliún teagmhálacha le custaiméirí in 2022, tacú leis an gcomhlíontacht ag 4 milliún fostaíocht, 0.2 milliún fostóirí, 0.8 milliún gnó, 0.3 milliún trádálaithe CBL, 0.1 milliún trádálaí Custaim agus 1.3 milliún uinéirí maoine

Príomhthorthaí 2022

Tacú le Gnóthaí agus Ioncaim a Chosaint

SFPF

I gcaitheamh na bliana, d'éiligh beagnach 23,300 fostóir €804.7 billiún faoin SFPF i leith 326,500 fostaí.

SSTFG

An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí - €6.6 milliún de thacaíochtaí ceadaithe i ndáil le 2,984 éileamh

STSC

Scéim Tacaíochta Srianthaí Covid - €21.2 milliún i dtacaíochtaí íochta le 2,694 gnó i ndáil le 2,847 áitreabh gnó

Stórasú Fiachais

€2.37 billiún i ndliteanais stórasaithe le 68,609 gnó tacaithe

Treochtaí Custam

42.9 milliún

Dearbhuithe Custam a Próiseáladh

€618 milliún

Dleacht Custam a Bailíodh

411,339

Leoraithe & Gabhdáin Isteach ón mBreatain Mhór

89%

Sciar de ghluaiseachtaí isteach ón mBreatain Mhór a tugadh 'Bealach Glas' dóibh

10,836

Clárúcháin Nua Custaim (EORI)

Athluacháil ar an gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) le haghaidh 2022

Tuairisceáin

1.3m úinéir tar éis tuairisceáin a thíolacadh i leith 1.9m* maoin 95%* de na tuairisceáin tíolactha ar líne

Comhlíontacht

94%* comhlíontacht tuairisceáin, 97%* comhlíontacht íocaíochta

Íocaíochtaí

B'ionann an bailiúchán in 2022 agus €500m

Príomhthorthaí 2022

Bailiú agus Comhlíontacht

- €117.8 billiún in Ollfháltais a bailíodh (Tábla 1)
- Bailíodh €22 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste thar ceann gníomhaireachtaí eile (Tábla 1)
- B'ionann glanfháltais Státchiste do 2022 agus €82.4 billiún, méadú 22% ar fháltais 2021 (Tábla 2)
- €491.7 milliún i gcostais riaracháin, arb ionann é agus thart ar 0.60% den ollfháltais a bailíodh
- Ráta comhlíontachta tuairisceáin/Íocaíochta tráthúil 99% do ghnóthaí mórmhéide agus 97% do ghnóthaí meánmhéide, le leibhéil chomhlíontachta ard á choinneáil ar an iomlán (Tábla 6).
- Glanfháltais CMÁ €500 milliún a bailíodh le ráta comhlíontachta tuairisceáin 94% agus ráta comhlíontachta íocaíochta 97%

Tacaíochtaí Rialtais a Sheachadadh

- SFPF - €804.7 milliún i bhfóirdheontais éilithe ag 23,287 fostóirí i ndáil le 326,449 fostaithe
- Stórasú Fiachais - €2.37 billiún i bhfiachas cánach stórasaithe do 68,609 gnó
- Aisíocaíochtaí CBL - €7.9 billiún in aisíocaíochtaí CBL eisithe
- SSTFG - Ceadaíodh €6.6 milliún d'íocaíochtaí SSTFG i leith 2,984 éileamh

Fiachas a Bhainistiú

- Bhí fiachas €1,270 milliún ar fáil lena bhailiú: is ardú €279 milliún (28%) é sin ar fhiigiúr 2021.
- Ba é méid na bhfiach a bhí ann le bailiú mar chéatadán na bhfáltas comhlán ná 1.08%, suas 1.03% ar fhiigiúr 2021
- Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí i bhfeidhm ag 9,899 gnó agus duine aonair i leith fiachas €192 milliún

Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta

- 12.5 milliún íocaíocht leictreonach íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim, ar luach €111.9 billiún (Tábla 3)
- 1.6 milliún aisíocaíocht leictreonach íoctha le cáiníocóirí, ar luach €11.4 billiún (Tábla 3)
- 4.5 milliún tuairisceán leictreonach próiseáilte (Tábla 3)
- 1.7 milliún glao gutháin freagraíodh (Tábla 3)
- 3.9 milliún mír chomhfhreagrais (litreacha, ríomhphoist slán, fiosruithe ar líne srl) (Tábla 3)
- 42.9 milliún dearbhú Custam (iompórtáil, easpórtáil, iompar) próiseáilte (Tábla 13)

- 3.6 milliún cáiníocóir aonair cláraithe ar moChúrsaí ag deireadh 2022
- Cuireadh tús le 16% de ghníomhaíocht moChúrsaí tríd an tairseach MyGovID

Tuairisciú Párolla

- 6.8 milliún tíolacadh párolla rathúil
- 167,801 fostóirí ag déanamh tíolacthaí (soláthraithe pinsin san áireamh)
- 3.2 milliún fostaí agus faighteoir pinsin taifeadta trí chórais na gCoimisinéirí Ioncaim
- €112.4 billiún i bpá agus pinsin chomhlána tuairiscithe
- €22.3 billiún de Cháin Ioncaim íoctha trí thuairisciú párolla na gCoimisinéirí Ioncaim
- €4.3 billiún MSU íoctha trí thuairisciú párolla na gCoimisinéirí Ioncaim

Éascú Trádála agus Custaim

- 411,339 gluaiseacht feithiclí lastais isteach go hÉirinn ón mBreatain Mhór: 89% Bealach Glas, 9% Bealach Oráiste, 2% Bealach Dearg
- 75,879 glaoh ar ár Líne Chabhrach Chustaim 24/7
- 10,836 Clárúcháin Custam Nua (Uimhreacha Clárúcháin agus Aitheantais Oibreora Eacnamaíoch (EORI))

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

- €813 milliún mar thoradh ar idirghabhálacha iniúchta agus comhlíontachta (Tábla 14 & Tábla 14A)
- €16.1 milliún, ús agus pionóis san áireamh, mar thoradh ar 104 cás seachanta cánach
- €28 milliún i socraíochtaí cánach i ndáil le 36 cáiníocóir foilsithe in Iris Oifigiúil (Tábla 16)

Urghabhálacha

- 10,357 urghabháil drugaí dar luach beagnach €46.6 milliún (Tábla 18)
- 51.6 milliún toitín agus 11,803kg de thobac urghafa, ar luach €39.5 milliún agus €8.5 milliún faoi seach (Tábla 19)
- 600,000 lítear alcóil, ar luach €3.9 milliún (Tábla 19)
- 1,055 feithicil (Tábla 19)
- 57,793 lítear de bhreosla aindleathach (Tábla 19)
- 37 urghabháil airgid thirim ar luach €1,405,627 (Tábla 20)
- €1,024,338 d'orduithe forghéillte airgid ceadaithe ag an gCúirt Chuarda in 24 cás (Tábla 21)

Ionchúisimh

- 9 ciontú coiriúil de bharr imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta (Tábla 22)
- 162 ciontú agus fineáil arbh fhiú €416,840 iad de bharr raon ciontuithe achoimre éagsúla (Tábla 22)

Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta

- 76 Comhaontú um Chánachas Dúbailte sínithe (74 i bhfeidhm) agus 26 Comhaontú um Malartú Faisnéise Cánach (CMFC) i bhfeidhm ag deireadh 2022
- 1,931 iarratas ar chúnamh frithpháirteach faighte agus 401 iarratas eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (Tábla 23) faoi fhorálacha chomhaontuithe malartaithe faisnéise na hÉireann
- 103 Nós Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (NICF) curtha i gcrích tar éis teagmhála le hÚdaráis Inniúla i ndlínsí eile chun deireadh a chur le cánachas dúbailte maidir le díospóidí cánach agus 4 Réamh-Chomhaontú Praghsála (RCP) déthaobhach tugtha chun críche d'fhonn díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a chosc (Táblaí 11 agus 12)

Bailiú cánacha agus dleachtanna

Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa gheilleagar chun cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a sholáthar maidir le comhlíontacht agus freagra riosca-dhírthe, éifeachtach, comhréireach do neamhchomhlíontacht a chur ar fáil, mar léiriú ar iompar cáinócóirí.

Bailíodh fáltais chomhlána €117.8 billiún in 2022, lena n-áirítear €22 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit eile an Aontais Eorpaigh (AE) (Tábla 1).

Bhí na Glanfháltais Státchiste €82.4 billiún suas 22% nó €14.9 billiún i gcomparáid le 2021, agus tháinig na fáltais chánach is mó ó Cháin Ioncaim (37% nó €30.7 billiún), Cáin Chorporáide (27% nó €22.6 billiún) agus CBL (23% nó €18.8 billiún) (Tábla 2).

I measc na nglanfháltais neamh-Státchiste €22 billiún bhí beagnach €15 billiún i ndáil le hÁrachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus €5.6 billiún i ndáil le Scéimeanna An Ionaid Uileghnó CBL. Chomh maith leis sin bhí €0.5 billiún san áireamh i ndáil leis an gCáin Maoine Áitiúil (CMÁ), cáin atá á riar agus á bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríodh na glanfháltais chuig an gCiste Rialtais Áitiúil.

D'fhan rátaí comhlíontachta tráthúla foriomlána do 2022 láidir (Tábla 5). Ag léiriú an chultúir leanúnaigh de chomhlíontacht láidir shaorálach, bhí ráta comhlíontachta in am is i dtráth de 99% i gceist do chásanna móra in 2022, 97% do chásanna meánmhéide agus 88% do gach cás eile (Tábla 6).

Ba é €4.8 billiún comhlán suim iomlán an fhiachais, agus tháinig méadú 28% go €1.3 billiún comhlán ar shuim an fhiachais a bhí ar fáil le bailiú i gcomparáid le 2021. Ba é €87.7 milliún luach na bhfiachas a díscríobhadh mar fhiacha nárbh fhéidir a bhailiú. Rinne muid éascú ar Shocraíochtaí Tráthíocaíochtaí i leith 9,899 gnó agus duine aonair, arb ionann é agus €192 milliún i bhfiachas.

Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe

I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhógair an tAire Airgeadais go dtabharfaí isteach an Cháin Talún Cónaithe-Chriosaithe (CTCC) mar chuid de shraith beart atá i straitéis an Rialtais "Tithíocht do Chách".

Is cáin bhliantúil féinmheasúnaithe í CTCC, a ríomhtar é ag 3% de luach margaidh na talún laistigh dá scóip. Tá an cháin deartha, faoi réir eisiámh agus díolúintí áirithe, chun forbairt chónaithe a spreagadh i leith úinéirí talún le talamh atá seirbhísithe agus criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe nó measctha (lena n-áirítear úsáid chónaithe).

Reachtaíodh an cháin san Acht Airgeadais 2021 agus tiocfaidh sí in ionad an Tobhaigh ar Láithreáin Folmha, atá fós á riaradh ag údarás áitiúla. Cuirfear cur i bhfeidhm CTCC i gcrích in dhá chéim.

Céim 1 - Léarscáileanna CTCC

Ionas go mbeidh a fhios ag úinéirí talún go bhfuil siad faoi dhliteanas CTCC, cuireadh de chúram ar gach ceann de na 31 údarás áitiúil sa Stát léarscáileanna a chur le chéile a thaispeánann talamh atá laistigh de scóip na cánach. Tá na príomhdhátá sa phróiseas seo leagtha amach thíos.

- **1 Samhain 2022:** d'fhoilsigh gach údarás áitiúil dréacht-léarscáileanna CTCC
- **1 Eanáir 2023:** spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ó úinéirí talún agus ón bpobal maidir le cruinneas na léarscáileanna
- **1 Aibreán 2023:** chuir údarás áitiúla in iúl d'úinéirí talún a rinne aighneacht an bhfuil a gcuid talún fágtha ar an léarscáil nó á thógáil den léarscáil
- **1 Bealtaine 2023:** foilseoidh na húdarás áitiúla léarscáileanna forlíontacha, ina sainithneofar aon talamh laistigh de raon feidhme na cánach ar an 1 Aibreán 2023, ach nár léiríodh ar na dréacht-léarscáileanna roimhe seo
- **1 Lúnasa 2023:** eiseoidh na húdarás áitiúla cinntí maidir le haon aighneachtaí breise a fhaightear ó úinéirí talún maidir le talamh a chur ar an léarscáil fhorlíontach agus an dáta ar shásaigh an talamh critéir ábhartha an CTCC den chéad uair, sa chás go bhfuil an dáta sin i ndiaidh an 1 Eanáir 2022
- **1 Nollaig 2023:** ullmhóidh agus foilseoidh na húdarás áitiúla léarscáileanna deiridh.

Léireoidh na léarscáileanna deiridh toradh gach ceann de na céimeanna thuas sa phróiseas agus aon achomhairc ghaolmhara a rinne úinéirí talún leis an mBord Pleanála. Léireoidh na léarscáileanna deiridh freisin, aon athruithe ar chriosú nó ar stádas seirbhíse talún laistigh de limistéar an údarás áitiúil suas go dtí mí amháin roimh fhoilsiú na léarscáile deiridh.

Déanfaidh na húdarás áitiúla na léarscáileanna dá limistéir feidhme a nuashonrú ar bhonn bliantúil, ag tosú in 2025.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas mapála a fháil ag

<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/cain-ar-thalamh-chriosaithe-conaithe/>, lena n-áirítear naisc chuig suíomh idirlín gach ceann de na 31 údarás áitiúil.

Céim 2 – Riarachán CTCC ag na Coimisinéirí Ioncaim

Cuirfimid tús le riaradh an CTCC in 2024 agus táimid ag cur gach beart teicniúil agus riaracháin a theastaíonn i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach.

Tiocfaidh an cháin maidir le talamh a criosáidh le haghaidh úsáid chónaitheach agus seirbhísithe roimh an 1 Eanáir 2022 de bheith inmhuirir ar an 1 Feabhra 2024. Is é an 23 Bealtaine 2024 an dáta íoca agus tíolactha lena mbaineann.


Sa chás go ndéantar talamh a chriosú le haghaidh úsáid chónaitheach agus seirbhísithe tar éis an 1 Eanáir 2022, beidh an cháin dlíte den chéad uair sa tríú bliain tar éis na bliana ina dtagann sé faoi raon feidhme.

Tá eolas soiléir cuimsitheach ar riaradh na cánach ar fáil ar ár suíomh idirlín agus is féidir teacht air ag:

<https://www.revenue.ie/ga/property/residential-zoned-land/index.aspx>

Seirbhís do Chomhlíontacht

Teagmháil Custaiméara in 2022




moChúrsaí

mochúrsaí

3.6m Cáiníocóirí aonair cláraithe

Féinmheasúnú



851,910 Cláraithe le haghaidh Cáin Ioncaim

Éascú Trádála ag Custaim



42.9m Dearbhú Custam próiseáilte

Socruithe Íoca Fiachais



9,899 le luach €192m

Seirbhís do Chomhlíontacht

Baineann muid amach ár gcroí-thasc maidir le cánacha agus dleachtanna a bhailiú trí shamhail seachadta i leith seirbhís comhlíontachta a sholáthar atá lúfar, freagrúil agus a chuireann san áireamh riachtanais na gcáiníocóirí agus na gníomhairí cánach. Leanaimid lenár gcur chuige deighilte maidir le seachadadh seirbhíse a bheachtú agus a dhoimhniú ar bhealach a thacaíonn agus a éascaíonn leibhéal arda comhlíontachta saorálaí.

Is éard atá lárnach dár n-éachtaí ina leith seo ná:

- seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil thar réimse ardán seachadta ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de
- deiseanna breise a fhorbairt chun buntáistí na teicneolaíochta agus na léargas sonraí a threisiú i measc ár gcuid teagmhálacha gnó chun eispéireas cáiníocóirí a fheabhsú agus íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca ó neamhchomhlíontacht neamhbheartaithe
- ár samhail seachadta seirbhíse a scagadh agus a athdhírú go leanúnach chun riachtanais cáiníocóirí, athruithe ar shamhail gnó agus ról gníomhairí agus idirghabhálaithe cánach a chur san áireamh
- faisnéis atá soiléir, cuimsitheach agus cothrom le dáta a sholáthar do cháiníocóirí agus do ghairmithe cánach ar ár suíomh idirlín
- ag cinntiú go mbíonn an toradh ceart ar cháiníocóirí agus ar na Coimisinéirí Ioncaim mar thoradh ar ár seirbhís
- féachaint le costais chomhlíontachta a íoslaghdú ar cháiníocóirí
- ag laghdú an ghá atá le cáiníocóirí teagmháil a dhéanamh linn.

Comhlíontacht Shaorálach a Éascú

Príomhghné dár ról ná cabhrú ar bhealach réamhghníomhach le cáiníocóirí lena ndualgais chánach agus dleachta a chomhlíonadh. Tacaíonn muid le cáiníocóirí trí fhaisnéis agus treoir thráthúil agus cuí a thabhairt dóibh agus é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach go saorálach.

Tuigimid ó aiseolas ó chustaiméirí agus ó ghníomhairí go bhfágann faisnéis réamhlíonta go bhfuil sé níos éasca ag cáiníocóirí tuairisceáin chánach a chomhlánú. Leanamar ar aghaidh, dá bhrí sin, leis an bpróiseas um **réamhlíonadh tuairisceán cánach** (Foirm 11, Foirm 12, CT1) a úsáideann sonraí ó réimse foinsí. Sa bhFoirm 11 2021, chuireamar faisnéis réamhlíonta ó thuairisceáin tríú páirtí a thíolaic Gníomhairí Ligin i ndáil le hÍocaíochtaí a rinneadh i dtaca le ligean maoiné (sa "bhFoirm 8-3"). Feidhmíonn an fhaisnéis a cuireadh leis mar leid chun cabhrú le tíolaiceoirí an painéal ioncaim cíosa dá dtuairisceán a chomhlánú.

Úsáideann muid eolas tríú páirtí chun **tuairisceáin cánach ioncaim a réamhlíonadh**. In 2022 rinne muid réamhlíonadh ar bhreis agus 85,000 tuairisceán Cánach Ioncaim le faisnéis ar íocaíochtaí déanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, réamhlíonadh ar bhreis agus 97,000 le faisnéis ar thionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, agus réamhlíonadh ar bhreis agus 20,000 le faisnéis ar Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta déanta ag údaráis áitiúla.

Is féidir le **luach saothair scairbhunaithe** (SBR) a bheith ina mheicníocht atá éifeachtúil ó thaobh cánach de d'fhostóirí chun fostaithe a mhealladh agus a choinneáil agus tá sé anois ina phríomhghné de phacáistí luach saothair a chuireann roinnt fostóirí ar fáil.

Mar thoradh ar an obair chomhlíontachta atá déanta againn, tá a fhios againn go mb'fhéidir nár thuig roinnt fostaithe go hiomlán, oibleagáidí áirithe maidir le cánacha bainteach le SBR a bhí le n-íoc agus le tíolacadh, agus ghníomhaigh muid chun aghaidh a thabhairt air sin.

Scríobh na Coimisinéirí Ioncaim go díreach chuig gach fostóir a fheidhmíonn Scairscéimeanna (thart ar 1,200) i rith na bliana agus iarradh orthu nóta eolais a scaipeadh ar a bhfostaithe/faighteoirí scaireanna, ag cur in iúl dóibh faoina ndualgais CISR, CGC agus Díbhinní a íoc agus a thíolacadh, agus treoir éasca a thabhairt d'fhostaithe maidir le conas agus cathain na cánacha ábhartha a íoc agus a thíolacadh. Threoraigh an t-eolas seo fostaithe/faighteoirí scaireanna chuig físeán gearr teagaisc chun eolas céim ar chéim a thabhairt dóibh maidir lena n-oibleagáidí íocaíochta cánach.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim **Seirbhís Náisiúnta Coinní** ar fáil do chustaiméirí lena n-áirítear seirbhís coinní pearsanta inár n-oifigí poiblí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach. Má dhéantar coinne, cuirtear deireadh le hamanna feithimh agus ligeann sé do cháiníocóirí am a roghnú atá áisiúil dóibh bualadh le ball dár bhfoireann.

Agus aitheantas á thabhairt againn don ghá le leanúint de sheirbhís aghaidh ar aghaidh a chur ar fáil do cháiníocóirí a theastaigh sé uathu le linn srianta sláinte phoiblí, thug muid isteach seirbhís coinní fíorúla (físe) i mí na Nollag 2020. Is éard atá i gceist le coinne fhíorúil ná go bhféadann cáiníocóirí físchruinniú a eagrú le duine dár bhfoireann Seirbhíse do Chomhlíontacht thar ghlaio MS Teams. Féadann duine muinteartha nó cara leis an gcáiníocóir teacht isteach ar an bhfísglhaoch chun cabhrú leis an duine lena bhfiosrú. Bunaithe ar aiseolas ónár gcustaiméirí, leanamar orainn ag cur na seirbhíse seo ar fáil nuair a baineadh na srianta sláinte poiblí.

Níor theastaigh coinne i bpearsa ó 98% de na fiosrúcháin a fuarthas tríd an Líne Coinní agus cuireadh na glaoiteoirí chuig an gcainéal seirbhíse is oiriúnaí bunaithe ar a riachtanais aonair. Bhí coinne ag teastáil ó 2% de na glaoiteoirí agus cuireadh coinne ar fáil dóibh.

Féadann custaiméirí nach féidir leo leas a bhaint as coinne fhíorúil nó coinne i bpearsa ag ceann de na ceithre oifig phoiblí coinne a shocrú in oifig áitiúil ar bhonn cás ar chás de réir mar a thagann an riachtanas chun cinn. 2022, cuireadh 175 coinne fhíorúla agus 657 coinne aghaidh ar aghaidh ar fáil.

Ag deireadh na bliana, cuirimid **Réamhráiteas Deireadh Bliana (RDB)** ar fáil do gach fostaí ÍMAT. Soláthraíonn an RDB réamhríomh ar Cháin Ioncaim agus Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) fostaí don bhliain, agus léiríonn sé cibé an bhfuil a seasamh cánach cothrom, ganníochta nó ró-íochta.

Más mian le fostaí creidmheasanna, faoisimh nó costais bhreise a éileamh, (ar nós costais sláinte nó an creidmheas cánach cíosa) nó ioncam eile a dhearbhu, ní mór dóibh tuairisceán Cánach Ioncaim a chomhlánú don bhliain. Ansin ginfidh muid Ráiteas Dliteanais ina ndeimhneofar an seasamh cánach deiridh don bhliain sin.

In 2022, próiseáladh os cionn 1.1 milliún tuairisceán Cánach Ioncaim i leith cáiníocóirí a thíolaic a dtuairisceán Cánach Ioncaim do 2021.

- Mar thoradh ar 784,235 de na tuairisceáin seo agus aisíocadh €546 milliún le cuntais bhainc na gcáiníocóirí ina leith seo cheana féin.
- Bhí 66,641 de na tuairisceáin seo cothrom.
- Bhí gearríocaíocht cánach mar thoradh ar 170,314 de na tuairisceáin seo. Is é €44 milliún an gearríocaíocht iomlán agus tá sé seo á bhailiú trí laghdú ar chreidmheasanna cánach na gcáiníocóirí ó 2024.

Chun tacú le cáiníocóirí a dteidlíochtaí iomlána a éileamh agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh,

scríobhamar chuig breis agus 400,000 duine aonair in 2022 a d'fhéadfadh, de réir a RDB, cáin ró-íochta nó gearríochta a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na blianta cánach 2019 – 2021, agus an dá bhliain sin san áireamh. Moladh do na faighteoirí sna litreacha seo tuairisceán Cánach Ioncaim a thíolacadh chun aon chreidmheasanna cánach nó faoisimh bhreise a d'fhéadfadh a bheith dlíte dóibh a éileamh agus/nó chun aon ioncam breise a d'fhéadfadh a bheith faighte acu a dhearbhu.

Go dtí seo tá thart ar 259,000 tuairisceán faighte againn ó bhreis is 140,000 de na custaiméirí a scríobhamar chucu in 2022 mar chuid den chlár seo. Tá €42 milliún aisíochta cheana féin le cuntais bhainc na gcustaiméirí maidir leis na tuairisceáin seo.

Leanfaimid orainn ag scríobh chuig daoine aonair in 2023 a d'fhéadfadh, de réir a RDB, cáin ró-íochta nó gearríochta a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na blianta cánach 2019 – 2022, agus an dá bhliain sin san áireamh.

I gcúinsí áirithe, féadann cáiníocóirí agus a ngníomhairí teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh linn chun tuairim nó deimhniú a fháil má bhíonn amhras ann maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánach i leith idirbheart nó cás áirithe. Is í **Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS)** an mheicníocht don rannpháirtíocht seo.

Le linn 2022, lean líon na dtuairimí/deimhnithe a iarradh tríd an RTS ag méadú. Eisíodh 336 tuairim/deimhnithe san iomlán.

I mí na Nollag 2021, d'eisíomar meabhrúchán (eBrief Uimhir 234 de 2021), maidir leis an uastréimhse bailíochta cúig bliana a bhaineann le tuairimí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus chuir muid in iúl go mbeadh tuairimí a tugadh idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2016 faoi réir athbhreithnithe. Aon cháiníocóirí ar mian leo leanúint ar aghaidh ag brath ar thuairimí den chineál sin, i leith idirbheart, tréimhse nó cuid de thréimhse, ar an 1 Eanáir 2022 nó dá éis, iarradh orthu iarratas a dhéanamh ar a athnuachan nó síneadh a chur leo ar an 31 Márta 2022 nó roimhe sin. Fuair muid iarratais chun 2 thuairim dá leithéid a athnuachan nó a shíneadh.

Mar thuairimí/deimhnithe atá éagsúil ón réimse iomlán a chuirtear ar fáil tríd an RTS, is éard is **Tuairimí Cánach Iomchuí** ann ná iad siúd nach gcuirtear ar fáil ach amháin do chuideachtaí agus eintitis eile (ní do dhaoine aonair ná chun tairbhe daoine aonair) agus a bhaineann le cáiníochtaí díreacha amháin (mar shampla Cáin Chorparáide, Cáin Ioncaim Gnó, Dleacht Stampa, CGC). Sa chás go bhfuil gné trasteorann ag baint le Tuairim Cánach Iomchuí, tá sé inmhálartaithe faoi na hionstraimí Malartaithe Faisnéise. Le linn 2022, thug muid 99 Tuairim Cánach Iomchuí do chuideachtaí agus eintitis eile maidir le ceisteanna casta teicniúla (Tábla 10).

Is foinse faisnéise ríthábhachtach é ár **suíomh idirlín**, www.revenue.ie, do cháiníocóirí agus gníomhairí cánach. Cuirimid faisnéis fhairsing ar fáil a mhíníonn ár seirbhísí agus a leagann amach na rialacha cánach a bhíonn casta uaireanta ar bhealach chomh simplí agus is féidir.

Tá faisnéis curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais éagsúla d'úsáideoirí ár suímh idirlín, ag freastal ar raon an-leathan cáiníocóirí agus gairmithe cánach. Cinntimid go bhfuil an fhaisnéis agus an treoir ar ár suíomh idirlín ábhartha, reatha agus cruinn tríd an ábhar a nuashonrú go leanúnach agus trí aiseolas ónár suíomh idirlín a athbhreithniú go cúramach. Le linn 2022, leanamar freisin ag tabhairt tosaíochta d'inrochtaineacht ár suíomh idirlín don lucht féachana is leithne is féidir, beag beann ar theicneolaíocht nó ar chumas.

Lean an **áis Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí Ar Líne** de sheirbhísí riachtanacha a chur ar fáil i rith 2022 chun tacú le gnóthaí inmharthana a raibh deacrachtaí íoca cánach acu. Tá an tseirbhís seo ar fáil 24/7, cuireann sí eolas cothrom le dáta ar fáil ar dhliteanais agus tuairisceáin amuigh agus treoraíonn sí an cáiníocóir tríd an bpróiseas iarratais chun Socraíocht Tráthíocaíochtaí a bhaint amach. In 2022, phróiseáil muid 10,804 Tíolacadh Tráthíocaíochtaí tríd an áis ar líne. Agus é ceadaithe, tá solúbthacht shuntasach ag cáiníocóirí chun an sceideal

íocaíochta a bhainistiú féin de réir riachtanais athraitheacha gnó. Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí iomlán de 9,899 Socraíocht Tráthíocaíochtaí á bainistiú go gníomhach trí chóras na Seirbhíse Bainistithe Fiachais (DMS).

Maidir lenár ngrúpaí móra corparáidí, cuirimid chun cinn agus feidhmímid beartas um chomhlíontacht chomhoibríoch trínár **gCreat Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC)**. Is é is cuspóir leis sin ná ár gcaidreamh le gnólachtaí corparáideacha móra a bhainistiú ionas gur féidir linn oibriú le chéile chun an leibhéal is airde comhlíontachta saorálaí a bhaint amach ar fud na gcánacha agus dleachtanna uile. Cuireann an CCC comhrá rialta ar fáil do ghnólachtaí corparáideacha rannpháirteacha, ag cabhrú le cinnteacht fhadtéarmach a sholáthar maidir le neamhchosaintí cánach agus dleachta, agus an cumas a thuar le muinín réasúnach cén seasamh a bheidh againn ar aon ghné ar leith d'oibleagáidí cánach agus dleachta.

Mar chuid de CCC, tionóltar cruinnithe athbhreithnithe riosca le gnólachtaí rannpháirteacha gach bliain. Ag deireadh 2022, bhí 121 grúpa corparáideach ag obair linn in CCC. Ag eascairt ó chruinnithe athbhreithnithe riosca agus ó rannpháirtíochtaí eile faoi CCC, fuarthas tuairim is €96.18 milliún nochtaí ó na grúpaí seo.

Tugadh athbhreithniú cuimsitheach ar an CCC chun críche le linn 2022. Is éard a bhí i gceist leis an athbhreithniú, atá ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, ná anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar staitisticí, nósanna imeachta, agus taithí na bpáirtithe leasmhara agus ár gcásoibrithe féin ar oibriú an Chreata.

Bhí roinnt moltaí mar thoradh ar an athbhreithniú, a raibh sé mar aidhm leo éifeachtacht leanúnach CCC a chinntiú do gach rannpháirtí ceadaithe agus rátaí rannpháirtíochta a fheabhsú. Foilsíodh treoir athbhreithnithe a léiríonn na moltaí seo i mí Eanáir 2023.

Soláthar Seirbhísí

De réir a chéile, tá cáiníocóirí, agus a ngníomhairí, ag súil le tairiscintí na seirbhísí digití agus níos mó solúbthachta a bheith acu maidir le rochtain ar sheirbhísí, cibé acu digiteach nó gan a bheith. Is é an taithí atá againn ar sholáthar seirbhíse le linn na paidéime ná go bhfuil níos mó idirbheart cáiníocóra aistrithe ar líne. Tá méadú feicthe againn freisin ar an éileamh ar sheirbhís 24/7.

Agus é seo san áireamh, is é fócas ár ndearadh seirbhíse ná sraith seirbhísí ar líne nó digiteacha a sholáthar a ghíaráil uathoibriú próisis, nuair is cuí, agus a ligeann do cháiníocóirí agus ngníomhairí féinseirbhís a dhéanamh chomh fada agus is féidir. Mar chomhlánú air seo tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil in ann leas a bhaint as ár seirbhísí ar líne.

Is pointe rochtana aonair é **moChúrsaí** dár sheirbhísí slán ar líne do dhaoine aonair. Tá sé ar fáil 24/7, ar feadh na bliana agus tá sé inrochtana go hiomlán ar gach gléas soghluaiste agus cliste. Is é an bealach is tapúla agus is áisiúla é do dhaoine aonair rochtain a fháil ar a dtaifid chánach agus a ndualgais chánach a bhainistiú.

Mar a fógraíodh i mBuiséad 2022, cuireadh síneadh leis an scéim '**Cabhair le Ceannach**' (CLC) go dtí 2024. In 2022, ceadaíodh 17,596 iarratas CLC, agus chuaigh 5,109 díobh ar aghaidh chuig céim an éilimh agus tá siad ceadaithe go hiomlán anois. B'ionann luach iomlán na n-éileamh CLC ceadaithe in 2022 agus €175 milliún, agus bhain 73% díobh sin le maoiné nua a ceannaíodh ó fhorbróirí agus bhain 27% le féin-tógáil.

Leanaimid orainn ag déanamh **anailís mhionsonraithe ar theagmhálacha custaiméirí** chun réimsí a aithint ina bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag cáiníocóirí a gcuid oibleagáidí cánach agus custam a chomhlíonadh agus déanaimid beart chun cabhrú leo go réamhghníomhach. Leanaimid orainn ag cur tacaíochtaí breise ar fáil dár gcustaiméirí féinmheasúnaithe atá

65 bliana d'aois agus níos sine, lena n-áirítear comhfhreagras agus faisnéis shaincheaptha a sholáthar chun cabhrú leo lena ndualgais Íoca agus Tíolactha agus aon ualach neamhriachtanach a bhaint as an áireamh. Leathnaíomar ár seirbhísí chuig na custaiméirí seo chun céilí faoi mheasúnú comhpháirteach a chur san áireamh in 2022. Is éard a bhí i gceist le heisiúint na litreacha saincheaptha chuig na cuistiméirí seo agus chuig a gcéilí ná chun figiúirí ioncaim na Roinne Coimirce Sóisialaí agus pinsin a leagaint amach lena gcur san áireamh ar a dTuairisceán Cánach Ioncaim. Dá réir sin, níor ghá do chustaiméirí teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an t-eolas seo a fháil.

Cuirtear tobhaigh árachais Dleachta Stampa le chéile anois in aon Tuairisceán amháin ar **Thobhaigh Árachais Dleachta Stampa (TÁDS)** a fhaightear go leictreonach trí ROS. Ligeann sé seo do cháiníocóirí clárú ar ROS don cheann cánach TÁDS agus tuairisceáin a thíolacadh. Chuaigh an córas beo i mí Aibreáin 2022.

In 2022, seachadadh córas íoca agus tíolactha ar líne do na Tobhaigh Dleachta Stampa éagsúla ar Pholasaithe Árachais (is é sin an tobhach 1% ar pholasaithe árachais saoil, an tobhach 3% ar pholasaithe árachais neamhshaoil agus an dleacht stampa €1 iníochta ar gach polasaí árachais seachas polasaithe saoil) agus do na ranníocaíochtaí a rinne cuideachtaí árachais leis an gCiste Cúitimh Árachais (is tobhach 2% é seo ar pholasaithe árachais neamhshaoil a bhailimid thar ceann Bhanc Ceannais na hÉireann). Is feabhas suntasach seirbhíse é an fhorbairt TF seo dár gcustaiméirí agus méadaíonn sé ár gcumas chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus idirghabhálacha comhlíontachta a dhéanamh sa réimse seo.

Riachtanais Cáiníocóirí a Thuiscint

Ciallaíonn fachtóirí ar nós timpeallachtaí gnó agus eacnamaíocha atá ag athrú go tapa chomh maith le haistriú i dtreo socruithe oibre níos solúbtha in eagraíochtaí ar fud na tíre agus ar fud an domhain, go gcaithfidimid dul i dteagmháil go leanúnach le cáiníocóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun a riachtanais éagsúla agus athraitheacha a thuiscint.

Seo a leanas samplaí de chuid dár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha le linn 2022:

- D'oibríomar go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta trínár riaradh ar an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG), atá maoinithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
- D'oibríomar go dlúth leis an Roinn Airgeadais, Baincéireacht agus Íocaíochtaí, Cónaidhm na hÉireann agus bainc mhiondíola atá ag imeacht chun na gníomhartha agus na tacaíochtaí riachtanacha a shainaithint a theastaíonn chun na deacrachtaí a eascraíonn as imeacht dhá bhanc miondíola ó mhargadh Baincéireachta na hÉireann a íoslaghdú do chustaiméirí.

In 2022, rinne na Coimisinéirí Ioncaim cuíchóirú ar an gcur i láthair ar ár leathanach logála isteach moChúrsaí chun feachtas custaiméirí a ardú maidir le gur féidir rochtain a fháil ar an gcóras trí úsáid a bhaint as sonraí logála isteach MyGovID. In 2022, chláraigh os cionn 80,000 nó 16% de chustaiméirí a úsáideann moChúrsaí é, nó fuair siad rochtain air trí MyGovID.

Oibrímid go dlúth leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus malartaímid faisnéis ábhartha chun a chinntiú go ndéantar ioncam incháinithe a thaifeadh agus cáin a ghearradh air ar bhealach cuíchóirithe agus éifeachtúil. Ina theannta sin, déantar fhaisnéis ranníocaíochta an Árachais Shóisialaigh Pá Choibhneasa (ÁSPC) ábhartha a chur ar thaifid árachais shóisialaigh na saoránach, rud a chinntíonn gur féidir a dteidlíochtaí ar shochair agus ar phinsin a mheas chomh tapa agus is féidir.

Bímid ag plé go forleathan freisin le gníomhairí, le hionadaithe tionscail agus gnó trí réimse

tionscnamh agus fóram, chun comhoibriú, tacú, comhairliú, éisteacht agus foghlaim. Treoraíonn an rannpháirtíocht seo ár straitéisí seirbhíse, ár gcur chuige maidir le bainistiú bealaí teagmhála agus dearadh córas, d'fhonn leibhéal arda comhlíonta deonacha a choinneáil.

Ar bhonn leanúnach, bímid i dteagmháil agus i gcomhairle le raon **cleachtóirí agus comhlachtaí ionadaíocha gnó**. Tríd an *gCoiste Idirchaidrimh um Riarachán Cánach (TALC)* déanaimid athruithe praiticiúil a phlé chun riarachán níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach sa chóras cánach. Mar shampla, tríd an bhFochoiste TALC um Iniúcháireacht, chuamar i dteagmháil le cleachtóirí maidir leis an gCreat Idirghabhála Comhlíontachta nua a thabhairt isteach. Cheadaigh an cur chuige comhoibríoch seo rannpháirtíocht chuiditheach ar ghnéithe praiticiúla agus oibríochtúla an chreata nua de réir mar a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme é.

Leanaimid de bheith inár rannpháirtí cuiditheach muid sa phróiseas Dócmhainneachta Pearsanta agus tá ionadaíocht againn ar *Fhóram Comhairliúcháin na Seirbhíse Dócmhainneachta na hÉireann (ISI)* agus ar an *gCoiste Maoirseachta Prótacail* araon.

Is rannpháirtí cuiditheach muid freisin leis an Scrúdaitheoireacht agus an Phróiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (SCARP) araon. Maidir leis an gcéad cheann, is fógrapháirtí muid do gach Scrúdaitheoireacht, chun iniúchadh a dhéanamh ar an ionchas réasúnach go mairfidh an chuideachta agus chun aire a thabhairt do leas na gcreidiúnaithe go léir, lena n-áirítear fostaithe. I gcás SCARP, oibrímid go dlúth le hAthstruchtúrú agus Dócmhainneacht na hÉireann chun rannpháirtíocht agus tuiscint le Comhairleoirí Próisís a fheabhsú.

Tá ionadaíocht againn ar an *nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG)* agus ar a *Fhochoiste um Dhócmhainneacht Chorparáideach*. Tá freagracht ar an bhfochoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar dhlí na gcuideachtaí laistigh den réimse dócmhainneachta corparáidí le cinntiú go dtéann sé i ngleic le haon ábhair imní de chuid na ngeallsealbhóirí agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm.

Soláthraíonn an Coiste Comhairleach Custaim (CCC) fóram do na Coimisinéirí Ioncaim agus d'eagraíochtaí ionadaíocha chun dul i gcomhairle agus tuairimí a mhalartú ar chúrsaí Custam. Pléann an fóram forbairtí agus tograí i réimse an Chustaim, go háirithe ar leibhéal an AE agus tháinig sé le chéile faoi dhó in 2022. Dhírigh an Coiste in 2022 ar chúrsaí riaracháin agus oibríochtúla agus ar na dúshláin a d'eascair as imeacht na Ríocht Aontaithe ón AE chomh maith le forbairtí ar ár gcur chun feidhme ar Chlár Oibre TF Chód Custaim an Aontais (CCA). I measc na n-ábhar eile a pléadh bhí an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) agus Pacáiste Athchóirithe Custaim an AE.

Tacú le Beartas Cánach agus Custam

Leanaimid de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun rannchuidiú le measúnú, forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta cánach, chomh maith le tograí Creata Uilechuimsitheach an AE agus an ECFE chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitiú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí. Áirítear leis seo anailís agus costálacha staitistiúla agus eacnamaíocha a chur ar fáil don Roinn Airgeadais agus don Rialtas agus don Oireachtas.

Tugadh isteach an **Creidmheas Cánach Cíosa**, mar a fhoráiltear in alt 473B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 leis an Acht Airgeadais, 2022. Ar an iomlán, foráiltear leis an mbeart seo creidmheas cánach cíosa suas le €500, nó €1,000 i gcásanna measúnaithe chomhpháirtigh. Tá an creidmheas ar fáil maidir le híocaíochtaí cíosa cáilitheacha do na blianta measúnaithe 2022 go 2025 agus an dá bhliain sin san áireamh.

Rinne an tAcht Airgeadais 2022 foráil freisin do thuirisciú leictreonach uathoibríoch do na

Coimisinéirí Ioncaim ar “**shochair intuairiscithe**”, áirithe, nach bhfuil faoi réir cánach faoin gcóras ÍMAT. Faoin gcéad chéim seo, is iad na sochair intuairiscithe atá san áireamh ná an liúntas cianoibre laethúil de €3.20, íocaíochtaí taistil agus cothaithe agus an díolúine i leith sochar beag. Tá próiseas comhairliúcháin forfheidhmithe ar bun agus meastar go gcuirfear tús leis an tuairisciú ag tús 2024.

Thug an tAcht Airgeadais 2022 isteach na forálacha cánachais don **táirge pinsin phearsanta uile-Eorpach (PEPP)** nua. Chuir an tAcht deireadh freisin leis an muirear sochair comhchineáil ar ranníocaíochtaí fostóra chuig Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) an fhostaí, mar a mhol an Grúpa um Athchóiriú agus Cánachas Idir-Rannán um Pinsin (IDPRTG).

Leasaigh an tAcht freisin pionóis maidir le mál chun ailíniú leis na forálacha pionóis do chánacha eile a tugadh isteach in 2021.

Maidir le ioncam cíosa, rinne an tAcht Airgeadais 2022 an uasteorainn ar chaiteachas le haghaidh speansais réamh-ligin a dhúbailt ó €5,000 go €10,000 agus an íostréimhse folúntais a laghdú ó 12 mhí go 6 mhí. Thug an tAcht **faoiseamh nua "iarfheistithe"** isteach freisin chun tiarnaí talún a spreagadh chun éifeachtúlachtaí fuinnimh i leith tionóntachtaí cónaithe a fheabhsú. Ina theannta sin, rinne an tAcht nuachóiriú ar fhorálacha a bhaineann le hioncam cíosa do thiarnaí talún neamhchónaitheacha trí chead a thabhairt do ghníomhairí bailiúcháin cáin shiarchoinneálach a asbhaint agus faisnéis faoi na tionóntachtaí a chur ar fáil dúinn.

Maidir le fostaithe soghluaiste ar fud an domhain, áiríodh leis an Acht Airgeadais 2022 forálacha maidir le síneadh a chur leis an **gClár Faoisimh do Shannaithe Speisialta (CFSS)** agus leis an **Asbhaint Tuillimh Eachtrach (FED)** go dtí 2025.

Bhí foráil san Acht freisin chun a chinntiú go bhféadfaí measúnuithe a leasú chun éifeacht a thabhairt do **Nós Imeachta um Chomhaontuithe Frithpháirteacha (MAP)** le tíortha eile.

I mí Eanáir 2021, d'fhoilsigh an Rialtas **nuashonrú ar an Treochlár Cánach Corparáide**² a foilsíodh in 2018. Bhreathnaigh an nuashonrú ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le gealltanais a tugadh sa Treochlár Cánach Corparáide chomh maith le hathchóiriú cánach domhanda agus leagadh amach conair le haghaidh tuilleadh gníomhartha. Cé gur seachadadh go leor de na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa treochlár le linn 2021, thacaíomar leis an Roinn Airgeadais chun na gealltanais seo a leanas a chur chun cinn le linn 2022:

- **Críochachas:** Tháinig comhairliúchán poiblí a sheol an Roinn Airgeadais ar an gconclúid. Ós rud é gur athrú bunúsach é seo ar cháin chorparáide na hÉireann, tá anailís ar na roghanna atá ar fáil agus a n-impleachtaí á ndéanamh ag an Roinn Airgeadais i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim. Leanfar leis an obair sin in 2023.
- **Íocaíochtaí amach:** Cuireadh comhairliúchán poiblí de chuid na Roinne Airgeadais i gcrích maidir le bearta a thabhairt isteach a mbeadh feidhm acu maidir le híocaíochtaí amach ó Éirinn, lena n-áirítear le dlínsí ar liosta an AE de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach agus gan aon chóras cánach nó córais chánach nialasacha. Leanfaimid orainn, in 2023, ag tacú leis an Roinn Airgeadais maidir leis an gceist seo agus reachtaíocht le tabhairt chun cinn sa Bhille Airgeadais, 2023 chun garspriocanna atá geallta i bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann a bhaint amach.
- **Malartú faisnéise:** Cur chun feidhme gnéithe den 7ú Treoir um Chomhar Riaracháin (DAC7) nár trasúidh le linn 2021 agus cur chun feidhme Rialacha Samhail an ECFE agus na ceanglais maidir le malartú uathoibríoch faisnéise do dhíoltóirí a úsáideann ardáin dhigiteacha.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, bhí Éirinn i measc beagnach 140 dlínse a chomhaontaigh, trí Chreat cuimsitheach an ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis

² <https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/678e5-irelands-corporation-tax-roadmap-january-2021-update/>

(BEPS), réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair.

I gColún a hAon, déanfar cuid de na cearta cánach ar bhrabúis corparáidí móra ilnáisiúnta a ath-leithdháileadh ar dhlínsí margaidh, i.e., tíortha ina bhfuil tomhaltóirí deiridh agus úsáideoirí táirgí agus seirbhísí bunaithe. Baineann sé le grúpaí ilnáisiúnta a bhfuil láimhdeachas os cionn €20 billiún acu in aghaidh na bliana agus brabúsacht níos mó ná 10%. Laghdófar an tairseach go €10 billiún tar éis 7 mbliana. I gColún a Dó, glacfar le híosráta cánach éifeachtach domhanda nua de 15% a mbeidh feidhm aige maidir le grúpaí ilnáisiúnta a bhfuil ioncam domhanda os cionn €750 milliún acu.

Le linn 2022, lean obair an ECFE ar aghaidh maidir leis an réiteach dhá cholún a thabhairt chun críche. Bhí oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim gníomhach i ngach gné den idirbheartaíocht seo, gus cuireadh tacaíocht ar fáil don Roinn Airgeadais, ag ullmhú do chur chun feidhme na rialacha casta seo i reachtaíocht chánach na hÉireann.

Thug an tAcht Airgeadais 2022 na chéad leasuithe isteach i reachtaíocht chánach na hÉireann mar thoradh ar Cholún a Dó, leasaíodh an **creidmheas cánach Taighde & Forbartha** chun na riachtanais idirnáisiúnta a bhfuiltear ag súil leo a léiriú. Níor athraigh candam an chreidmheasa atá cuideachta i dteideal a fháil, ach tá athruithe ar conas agus cathain a fhaigheann cuideachta an creidmheas curtha i bhfeidhm.

Thug an tAcht Airgeadais 2022 isteach an **SSTFG**, atá á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim agus a chuireann tacaíocht ar fáil do ghnóthaí atá comhlíontach ó thaobh cánach de agus atá i mbun trádála nó gairme, maidir le costais fuinnimh a bhaineann leis an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 28 Feabhra 2023, áit a gcomhlíonann siad critéir cháilitheachta áirithe. Tá síneadh curtha leis an SSTFG ó shin chuig tréimhsí, suas go dtí an 31 Bealtaine 2023, tar éis faomhadh a fháil ón gCoimisiún Eorpach d'iaratas ar chúnamh Stáit na hÉireann ar fheabhsuithe ar an scéim.

Foráladh freisin do thobhach ar **Tháirgí Lochtacha Coincréite** san Acht Airgeadais 2022 mar bheart ardaithe ioncaim chun cur le maoiniú na Scéime Deontais i leith Bloic Coincréite Lochtacha a thug an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht isteach. Beidh feidhm ag an tobhach maidir leis an gcéad soláthar de liosta sainithe de tháirgí coincréite áirithe agus ríomhtar é ag ráta 5% de luach na dtáirgí ar an margadh oscailte. Tiocfaidh an tobhach i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2023.

Tugadh isteach sraith **beart talmhaíochta agus iascaigh** san Acht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 agus san Acht Airgeadais, 2022, lena n-áirítear an tabhairt isteach de liúntais bhrostithe le haghaidh caiteachais chaipitiúil ar stóráil sciodair agus cánachas shonrach le haghaidh íocaíochtaí a fuarthas faoi scéim dhíchoimisiúnaithe dheonach an Bhreitheachta, a chuireann íocaíochtaí cúitimh ar fáil d'úinéirí soithí iascaireachta áirithe mar mhalairt ar shoithí a tharraingt siar go buan ón trál ilfhiúsach agus bíoma de chabhlach iascaireachta na hÉireann.

Le linn 2022, chuireamar cúnamh ar fáil don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, go háirithe maidir le **Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach (TSC)** a fhorbairt. Baileoidh na Coimisinéirí Ioncaim an TSC, a bhaineann le cuideachtaí agus bunaíochtaí buana atá lonnaithe in Éirinn le gníomhaíochtaí i réimse eastósctha, mianadóireachta, peitriam scagtha (lena n-áirítear gás nádúrtha agus gual) nó monarú táirgí oighinn chóc.

Shainnithin ár Ráiteas Straitéise tacú le cur i bhfeidhm an **Choimisiúin um Chánachas agus Leas (COTW)** mar réimse tosaíochta fócais. Chuir an Rialtas de chúram ar COTW breithniú neamhspleách a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir leis na córais chánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht agus rathúnas méadaithe a chur chun

cinn in Éirinn. Tugadh ceathrar ball foirne ó na Coimisinéirí Ioncaim ar iasacht do Rúnaíocht an COTW, mar aon le comhghleacaithe sa Státseirbhís ón Roinn Airgeadais agus Coimirce Sóisialaí, chun anailís pholasaí agus ionchur riaracháin a sholáthar do bhaill an Choimisiúin.

Tháinig obair an COTW chun críche in 2022 nuair a foilsíodh an tuarascáil deiridh, "Foundations for the Future", ina leagtar amach moltaí chun na córais chánach agus leasa a athchóiriú agus a neartú.

Tá Éire tiomanta do thacaíocht a thabhairt do réimeas éifeachtach frith-sciúradh airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí. Faoin reachtaíocht um Fhrith-sciúradh Airgid, iarrtar ar gach Ballstát den AE **Clár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas (CLÚTI)** a bhunú. Is é cuspóir CLÚTI cúnamh a thabhairt le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc trí thrédhearcacht a fheabhsú maidir le cé leo iontaobhais Éireannacha agus cé a rialaíonn iad. Tá an CLÚTI á bhainistiú ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhthéacs oibleagáidí na hÉireann mar Bhallstát den AE faoi reachtaíocht frith-sciúradh airgid.

Ní mór d'úinéirí tairbhiúla iontaobhais a bheith cláraithe ar an CLÚTI laistigh de shé mhí ó bhunú iontaobhais. Tugadh faoi chlár gníomhaíochtaí comhlíontachta in 2022 chun caighdeán na dtíolacthaí sonraí a sheiceáil.

Tá córas CBL na hÉireann – cosúil le córas gach Ballstáit den AE – socraithe laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe chomhchoitinn a bhfuil feidhm aige ar fud an Aontais ar fad. Oibrímid go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag leibhéal an AE ar chúrsaí CBL agus tacaímid leis an Roinn chun bearta beartais agus reachtaíochta atá cothrom agus éifeachtach a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta chun an cháin a mheas, a bhailiú agus a rialú.

Bhain leasuithe ar an reachtaíocht CBL le 12 réimse i leith bearta beartais agus reachtaíochta le linn 2022, lena n-áirítear:

- cur i bhfeidhm sealadach an ráta laghdaithe CBL 9% ar sholáthairtí gáis agus leictreachais a thabhairt isteach, agus síneadh a chur leis sin go dtí deireadh mhí Feabhra 2023
- roinnt earraí a bhogadh go dtí an ráta nialasach CBL – nuachtáin (lena n-áirítear nuachtáin leictreonacha), dífhibrileoirí, roinnt táirgí míosta (iad siúd nach bhfuil ag an ráta nialasach cheana féin), agus teiripe athsholáthair hormón áirithe agus cógais teiripe athchurtha nicitín - agus cur i bhfeidhm an ráta nialasach ar bhainne a shoiléiriú
- soiléiriú a dhéanamh ar an díolúine CBL do sheirbhísí leighis agus gaolmhara
- cosaint i gcoinne mí-úsáid clárúchán CBL trí cheangal a chur ar thrádálaithe a bhfuil clárúcháin CBL intíre amháin acu na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas má chuireann siad tús le trádáil trasteorann laistigh den AE
- an coigeartú bliantúil ar leibhéal an bhreisithe ar ráta ar comhréidh na bhfeirmeoirí
- cumhacht na gCoimisinéirí Ioncaim faisnéis atá i seilbh institiúidí airgeadais a mhalartú le Ballstáit eile nuair a iarrtar sin, mar chuid d'iarracht an AE maidir le comhoibriú riaracháin agus calaois i réimse CBL a chomhrac
- a chinntiú go bhféadfaidh an díolúine CBL do ghrúpa neamhspleách daoine ("grúpa roinnte costas") iarratas a dhéanamh ar bhaill an ghrúpa a dhéanann gníomhaíochtaí incháinithe sa bhreis ar a ngníomhaíochtaí díolmhaithe nó neamh-incháinithe
- roinnt athruithe a bhaineann leis an earnáil seirbhísí agus seirbhísí airgeadais amhail a chinntiú go bhfuil cistí atá cláraithe san AE díolmhaithe ó CBL cosúil le cistí coibhéiseacha airgeadais atá cláraithe sa Stát, lena gcuirtear srian ar chur i bhfeidhm na díolúine CBL a bhaineann le cuideachtaí alt 110, agus a chinntiú nach bhfuil soláthar seirbhísí gníomhaireachta áirithe díolmhaithe ó CBL de réir Treoir CBL an AE

I rith 2022, chuireamar chun cinn forbairt agus bainistiú líonra conarthaí cánach na hÉireann. Áiríodh leis sin daingniú san Acht Airgeadais 2022 ar Phrótaicail a ghabhann le gach ceann de na Conarthaí le raon feidhme teoranta le hOileán Mhanann agus le Geansaí. Tá Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte (CCDanna) sínithe ag Éirinn le 76 tír, a chlúdaíonn Cáin Ioncaim, MSU agus CGC. As na CCDanna sínithe, tá 74 i bhfeidhm faoi láthair.

Leanamar freisin leis an bpróiseas chun téacsanna sintéiseithe a chomhaontú le comhpháirtithe conartha chun modhnuithe ar ár CCD reatha a léiriú mar a fhoráiltear leis an Ionstraim Iltaobhach frith-BEPS. Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí agus aiseolais, foilsíodh Ráiteas Beartais na hÉireann maidir le Conradh Cánach i mí an Mheithimh 2022. Cuireann an ráiteas beartais bonn foirmiúil leis an mbeartas atá ann cheana maidir le líonra na gcomhaontuithe um chánachas dúbailte, a chothabháil agus a fheabhsú chun tacú le trádáil agus infheistíocht, lena n-áirítear trí thosaíocht a thabhairt do chatagóirí sonracha i leith comhpháirtithe ionchasacha. Leagtar amach sa ráiteas freisin beartas fabhrach maidir le rannpháirtíocht leis na tíortha bheagfhorbartha a thugann aird ar riachtanais ar leith na ndlínsí sin

Feidhmímid mar an **tÚdarás Inniúil** chun críche aon díospóidí maidir le faoiseamh ó chánachas dúbailte a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Chomhaontuithe CCD na hÉireann a réiteach. I rith 2022, réitíomar 103 díospóid den sórt sin, ar bhain 37 acu le leithroinnt nó leithdháileadh brabúis idir Éire agus an tír eile lena mbaineann (praghsanna aistrithe) agus bhain 66 díobh le díospóidí praghsála neamhaistrithe eile. Mar chuid den obair sin, reáchtáladh idirbheartaíocht i leith NICF, arna bhforáil faoinár ngréasán de CCD agus faoi Coinbhinsiún Eadrána an AE (Tábla 11). I mí na Samhna 2022, fuair Éirinn trí ghradam NICF ón ECFE.

Bhí idirbheartaíocht againn le hÚdarás Inniúla tíortha eile maidir le **Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (RCP)** déthaobhacha casta chun deimhniú a fháil, roimh an tréimhse chuntasaíochta i gceist, maidir le bunús comhaontaithe le haghaidh praghsáil aistrithe trasteorann idir comhlachtaí comhlachaithe. Féachann idirbheartaíocht RCP le hÚdarás Inniúla tíortha eile cosc a chur ar dhíospóidí maidir le praghsáil aistrithe a thagann chun cinn agus teastaíonn anailís chuimsitheach agus plé forleathan lenár gComhpháirtithe Conartha chun teacht ar chomhaontú. In 2022, fuaireamar 12 iarratas ar RCP. Tar éis idirbheartaíocht le hÚdarás Inniúla ó thíortha eile, tugadh 4 iarratas ar RCP chun críche agus tharraing cáiníocóirí siar 6 iarratas ar RCP (Tábla 12).

Leanamar ag caibidlíocht, aontú agus cur i bhfeidhm tionscnamh nua maidir le **Malartú Uathoibríoch Faisnéise (AEOI)**. Ceanglófar leis an Treoir DAC7, a comhaontaíodh in 2021, ar oibreoirí ardán digiteacha ioncam a thuilleann díoltóirí atá ag gabháil don gheilleagar comhroinnte agus gigeanna a thuairisciú. Rinneadh an Treoir a thrasú go dlí na hÉireann go hiomlán in 2022. Cuirfimid tús le tuarascálacha a fháil ó oibreoirí ardán i mí Eanáir 2024 agus cuirfear tús le malartuithe den fhaisnéis seo le Ballstáit ábhartha i mí Feabhra 2024. Reachtaíodh Rialacha Tuairiscithe Samhail an ECFE d'Oibreoirí Ardán Digiteach (DPI) freisin san Acht Airgeadais 2022 agus nuair a chuirfear tús leis, beimid in ann faisnéis chomhchosúil a mhalartú le dlínsí comhpháirtíochta neamh-AE. In 2022, bhí Éire ina sínitheoir ar Chomhaontú Iltaobhach Údarás Inniúil an DPI.

Comhaontaíodh Creat Tuairiscithe Cripteassócmhainní an ECFE (CARF) agus Comhthuairisciú Caihdeánach (CRS) leasaithe in 2022. Éileoidh an creat tuairiscithe ar Sholáthraithe Seirbhíse Cripteashócmhainní (CASPanna) sonraí a sholáthar maidir le gach idirbheart cripteashócmhainní ábhartha ag a n-úsáideoirí. Chuir an Coimisiún Eorpach tús le tograí le haghaidh Treoir nua (DAC8) go déanach in 2022 lena gceanglófar ar CASPanna atá bunaithe san Aontas agus nach bhfuil san Aontas araon gach idirbheart cripteashócmhainní ábhartha a thuairisciú i gcás ina bhfuil úsáideoirí intuairiscithe acu san Aontas Eorpach.

Lean an clár oibre idirnáisiúnta cánach de bheith ag forbairt go tapa in 2022. Bhí ról gníomhach ag na Coimisinéirí Ioncaim i bhforbairt beartas cánach idirnáisiúnta agus AE thar raon leathan cúrsaí cánach agus dleachta, ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais, an ECFE, an

Coimisiún Eorpach agus grúpaí na Comhairle san AE.

Chinntigh ár rannpháirtíocht go raibh ionadaíocht mhaith ag dearcadh na hÉireann in idirbheartaíocht thábhachtach amhail comhaontú Bhallstáit an AE ar an Treoir "Colún a Dó" (Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle) maidir le híosráta cánachas corparáideach éifeachtach agus comhaontú na n-airí sa Chomhairle ar shainordú níos leithne don Ghrúpa Cód Iompair (Cánachas Gnó), a dhéanann póilíneacht ar chleachtais chánach dhíobhálacha.

Gradaim an ECFE i leith Nós Imeachta um Chomhaontuithe Frithpháirteacha (MAP)

In 2015, chomhaontaigh tíortha ECFE agus G20, in éineacht le geallsealbhóirí eile, pacáiste de 15 ghníomhaíocht agus réitigh ghaolmhara chun dul i ngleic le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS), agus thug Gníomh 14 aghaidh ar "Making Dispute Resolution Mechanisms More Effective". Trí Gníomh 14 - Íoschaighdeán, a ghlacadh, gheall dlínsí, Éire san áireamh, díospóidí a bhaineann le conarthaí a réiteach ar bhealach tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil.

Comhlíonann an Brainse Praghsála Aistrithe agus an Brainse Conarthaí Cánach sa Rannóg Cánachais Idirnáisiúnta feidhm an Údarás Inniúil i leith an Comhaontú Frithpháirteach ('MAP') in Éirinn, trínar féidir le cáinócóirí cúnaimh MAP a iarraidh chun díospóidí a eascraíonn as cánachas a réiteach nach dtagann le forálacha chonartha cánach. Mar chuid d'Íoschaighdeán BEPS Gníomh 14, foilsíonn an ECFE staitisticí bliantúla MAP faoi Chreat Tuairiscithe Staitisticí MAP de chuid an ECFE. Tá staitisticí MAP tábhachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme íoschaighdeán BEPS agus chun fráma tagartha oibiachtúil agus domhanda a sholáthar maidir le hiarrachtaí agus dul chun cinn chun díospóidí a réiteach.

Nuair a foilsíodh staitisticí MAP an ECFE do 2021 (lena gclúdaítear 127 dlínse), cuireadh gradaim MAP ar fáil d'Údarás Inniúla ó dhlínsí áirithe mar aitheantas ar a n-iarrachtaí le linn 2021 chun a gcásualach MAP a réiteach ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil.

Le linn shearmanas bronnta 2022, fuair Éire trí ghradam MAP ón ECFE mar aitheantas dá cuid oibre agus dá hiarrachtaí le linn 2021. Tagann sé seo sna sála ar ghradaim MAP an ECFE do 2020 ina bhfuair Éire gradam don "dlínse is mó a d'fheabhaigh". Ba iad na gradaim a fuair Éire i shearmanas 2022 ná an cásbhainistiú is fearr ar fhardal mórmhéide cásanna, don mheán-am is giorra chun cásanna MAP a dhúnadh maidir le díospóidí praghsála neamhaistrithe eile agus freisin, in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, don chomhoibriú is fearr le dlínse eile le haghaidh díospóidí praghsála neamhaistrithe eile le linn 2021. Tháinig Éire sa dara háit go hidirnáisiúnta freisin as an gcuid is lú de chásanna roimh 2016 a bheith san fhardal deiridh in 2021.

Oibríonn foireann Údarás Inniúil na hÉireann go crua chun díospóidí faoina chonarthaí cánach a réiteach trí MAP. Is é an rud is tábhachtaí d'Éirinn na gradaim seo a bhaint amach ná an caidreamh láidir comhoibritheach le comhpháirtithe conartha, rud a chinntíonn go bhfuil acmhainní maithe ag foireann Údarás Inniúil na hÉireann, ag cuir le dúthracht agus tiomantas na foirne chun cásanna MAP a réiteach go tráthúil.

Leanann ról na riarachán custaim de bheith ag forbairt ón sprioc thraidisiúnta dleachtanna custaim a fháil ar earraí a iompórtáiltear ó lasmuigh den AE i dtreo an chuspóra leathain maidir le trádáil, sláine Mhargadh Singil an Aontais agus saoránaigh an AE a chosaint. Tá sé sin le feiceáil le dhá mhí dhéag anuas, áit a bhfuil plé beartais dírithe ar fhreagairt an Aontais ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar chlár oibre glas an Aontais, agus ar athchóiriú a dhéanamh ar an Aontas Custaim lena chinntiú go mbeidh sé solúbtha agus aclaí amach anseo chun déileáil go tapa le dúshláin sa todhchaí.

Rinne an tAontas gníomhaíocht ghasta tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Áiríodh leis sin, an tabhairt isteach líon pacáistí smachtbhannaí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana chomh maith le simpliúcháin a chur ar fáil a laghdaigh an t-ualach riaracháin a bhí de dhíth chun cabhair agus tabhartais a sheoladh chuig an Úcráin. I measc na mbeart smachtbhannaí bhí smachtbhannaí trádála a chuir cosc ar earraí a iompórtáil ón Rúis agus ón mBealarúis, agus a easpórtáil chucu, a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an iarracht chogaidh Chuir na Coimisinéirí loncaim le cur i bhfeidhm smachtbhannaí in Éirinn agus ghlac siad páirt ghníomhach sa bplé ábhartha ag leibhéal an AE.

Bhí an clár oibre glas le feiceáil go soiléir freisin ar an gclár oibre beartais agus rinneadh

dul chun cinn suntasach maidir le forbairt reachtaíochta chun éifeacht a thabhairt don Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) agus cuireadh tograí chun cinn freisin chun dífhoraioisiú agus obair éigeantais a chosc.

Chomh maith leis an bplé ar smachtbhannaí agus ar an gclár oibre glas, díródh an phríomhobair in 2022 ar **Phacáiste Athchóirithe Custam** a ullmhú a mbeidh tionchar aige, nuair a chuirfear chun feidhme é, ar an gcaoi a bhfeidhmíonn Custaim ag eibhéal an AE. Tá an Pacáiste Athchóirithe mar thoradh ar chlár oibre uailmhianach atá leagtha amach ag Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula Von der Leyen chun an tAontas Custaim a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile. Cuirfidh DG Taxud, an Ard-Stiúrthóireacht atá freagrach as Custaim ag leibhéal an AE, an Pacáiste Athchóirithe faoi bhráid Choláiste na gCoimisinéirí in 2023.

Ag leibhéal domhanda, bhí plé na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) dírithe ar nuachóiriú. Tá plean nuachóirithe á fhorbairt le béim ar fheidhmíocht agus ar bhainistiú tionchair, bainistíocht tionscadal EDC, struchtúir inmheánacha EDC, Eintitis Réigiúnacha EDC, beartas maoinithe deontóirí & maoiniú inbhuanaithe, agus an caidreamh le páirtithe leasmhara. Lean Éire ar aghaidh ag imirt ról gníomhach i bhforbairt an phlean nuachóirithe seo.

Treochtaí agus Comhar Custam

Lean an méadú i rannpháirtíocht gnóthaí le córais Custam na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh in 2022. Léiríonn an treocht seo an tionchar a bhí ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE ar an 1 Eanáir 2021, an ghné leathan agus fairsing idirnáisiúnta den slabhra soláthair i ndáil le hearraí a iompórtáiltear isteach go hÉirinn agus fás na ríomhthráchtála.

Leanaimid orainn ag plé le réimse leathan páirtithe leasmhara, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ríomhthráchtáil trasteorann agus bhíomar gníomhach maidir le cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil go hidirnáisiúnta. B'ionann ríomhthráchtáil agus timpeall 90% de na dearbhuithe iompórtála uile in 2022 agus táimid chun tosaigh sna hiarrachtaí domhanda chun ríomhthráchtáil trasteorann a éascú agus ag an am céanna dearadh agus cur chun feidhme modhanna nuálacha a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht agus cothrom na féinne a chinntiú d'oibreoírí eacnamaíochta san Aontas.

In 2022, phróiseáladh os cionn 40 milliún **dearbhuithé iompórtála** maidir le hearraí iompórtáilte ó choinsíneachtaí ar luach íseal (níos lú ná €150) go hualaí leantóir/coimeádán iomlán (Tábla 13). Bhí sé sin i gcomparáid le díreach os cionn 27 mhilliún dearbhuithe iompórtála a próiseáladh in 2021.


Ag breathnú ar an mbliain iomlán, tugadh an bealach glas do 89% de ghluaiseachtaí feithicil lastais ón mBreatain Mhór isteach go hÉirinn ar a dteacht isteach chun na tíre, rud a chiallaíonn gur tháinig siad tríd an gcalafort cuí gan gá le hidirghníomhú breise a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ná aon ghníomhaireacht eile Stáit. Tugadh an bealach oráiste do 9% díobh, rud a chiallaíonn go raibh seiceáil doiciméadach nó rialú den chineál sin ag teastáil ó na hearraí, agus tugadh an bealach dearg do 2% dóibh, rud a chiallaíonn go raibh riachtanas ann scrúdú nó imscrúdú fisiceach ar na hearraí a dhéanamh.

Maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm in Éirinn, is ball muid den Choiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí Idirnáisiúnta (CDISC) a bunaíodh chun cur i bhfeidhm agus riaradh córas smachtbhannaí idirnáisiúnta in Éirinn a éascú agus tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha ina chathaoirleach air. Is é an ról atá againn ná rialuithe Custam a chur i bhfeidhm thar ceann údaráis inniúla na hÉireann. Is iad seo a leanas na trí údarás inniúla le haghaidh smachtbhannaí in Éirinn: An Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Banc Ceannais na hÉireann.

Maidir lenár ról sonrath, déanann muid earraí a rialú ag tráth na hiompórtála nó na heaspórtála thar ceann na n-údarás inniúil i gcás ina bhfuil toirmeasc nó srian ar iompórtáil nó easpórtáil

earraí ó dhlínsí ceadaithe. Tá 9 bpróifíl riosca i bhfeidhm againn chun éifeacht a thabhairt do na 9 bpacáistí smachtbhannaí a fógraíodh le linn 2022.

Úsáidtear próifílí chun coinsíneachtaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith faoi réir beart smachtbhannaí. Tar éis do phróifíl "amas" a dhéanamh, ciallaíonn sé go bhfuil gá le tuilleadh imscrúdaithe chun a chinneadh an bhfuil an choinsíneacht faoi réir bearta smachtbhannaí go cinntitheach. D'fhéadfaí a áireamh leis seo rannpháirtíocht leis an údarás inniúil i ndáil le maoluithe, údaruithe, lena bhfíoraítear go bhfuil ceadúnas bailí i bhfeidhm nó le haghaidh sainchomhairle maidir le cóid shonracha AC. I gcás earraí a iompórtáiltear ón Úcráin nó a easpórtáiltear chuici, tá gá le seiceálacha chun a chinntiú nach bhfuil earraí i ndán do réigiúin neamhrialaithe na hÚcráine nó nach dtagann siad astu (Luhansk, Donetsk, Zaphorizhzhia agus Kherson). Ní raibh aon urghabháil ná coinneáil mar thoradh ar na rialuithe sin.



Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta



428,316 Idirghabhálacha le toradh **€813m**

Seachaint



104 Cás Réitithe le toradh **€16.1m**

Ionchúisimh



9 Ciontú i leith Imghabháil & Calaois Thromchúiseach

162 Ciontú Achomair

Foilseacháin ar Liostaí na Mainnitheoirí Cánach



36 Cás Foilsithe

€28m i Socraíochtaí

Forfheidhmiúchán Fiachais



28,458 Cás le toradh **€109.7m**

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Tacaímid le cultúr comhlíontachta deonach trí fhreagra dírithe ar riosca, éifeachtach agus comhréireach a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, a léiríonn iompar cáiníocóra.

Comhlíonann formhór mór na gcáiníocóirí a n-oibleagáidí cánach agus dleachta go hiomlán, tíolacann siad tuairisceáin agus dearbhuithe cruinne agus íocann siad an méid ceart cánach ag an am ceart.

Cuirimid cur chuige measúnaithe riosca fíor-ama, bunaithe ar shonraí i bhfeidhm chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú agus táimid tiomanta do dhul i ngleic le gach cineál neamhchomhlíontachta. Láidríonn muid ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta cáiníocóirí agus, nuair is gá, cuireann muid dúshlán roimh dhianphleanáil cánach. Treisíonn muid ár sealúchais sonraí agus ár gcumas do shain-anailísíochtaí. In éineacht, cuireann na bearta seo ar ár gcumas riosca a shainaithint agus a chainníochtú agus aghaidh a thabhairt ar chásanna ina léirítear táscairí neamhchomhlíontachta. Ina theannta sin, laghdaítear an t-ualach ar cháiníocóirí comhlíontacha mar gheall ar an maoirseacht thráthúil riosca-bhunaithe seo atá dírithe ar chomhlíonadh.

Ar an 1 Bealtaine 2022, tháinig **Creat Idirghabhála Comhlíontachta** nua, arna thacú ag Cód Cleachtais um Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim³ athbhreithnithe, i bhfeidhm. Tacaíonn an creat 3-leibhéal nua seo le comhlíontacht tríd ár rannpháirtíocht fíor-ama le cáiníocóirí a fheabhsú agus cuireann sé leis an mbainistíocht chomhlíontachta fíor-ama ar ár mbonn cás deighilte. Ionchorpraíonn sé ár gcur chuige traidisiúnta maidir le hiniúchadh cánach laistigh de Chreat Idirghabhála Comhlíontachta a dhéanann foráil d'fhreagra chomhsheasmhach, chéimnithe ar riosca agus iompar comhlíontachta cáiníocóra.

Cuimsíonn na freagairtí seo ó dheiseanna inrochtana chun earráidí a cheartú go deonach go himscrúdú coiriúil do chásanna tromchúiseacha calaoise nó imghabhála. Gheobhaidh cáiníocóirí a bhaineann leas as deiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas comhlíontacht chánach agus a thugann aghaidh go deonach ar aon saincheisteanna a shainaithnítear, an t-íosleibhéal pionóis agus de ghnáth ní bheidh siad i mbaol foilsíú nó ionchúiseamh. Ar an taobh eile de, tugaimid freagra comhleanúnach, le fuinneamh cuí, do cháiníocóirí nach gclóíonn go deonach nó nach n-athraíonn iompar neamhchomhlíontach.

In 2022, ba ionann an toradh iomlán ónár n-idirghabhálacha iniúcháireachta agus comhlíontachta agus €813 milliún. (Táblaí 14 agus 14A).

Rinne muid urghabháil ar os cionn 3,600kg de dhruaí, ar a raibh luach sráide measta de bheagnach €46.6 milliún. Chomh maith leis sin, rinne muid 6,994 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha, ar luach measta de bhreis agus €48 milliún, urghabháil ar breis agus 590,000 lítear d'alcól neamhdhlisteanach ar luach measta €3.9 milliún agus urghabháil ar 1,055 feithicil i leith cionta éagsúla (Táblaí 18 agus 19).

In 2022, bhí fíneálacha Cúirte de €416,840 san iomlán mar thoradh ar ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim i 162 cás achomair agus 9 gciontú coiriúla mar gheall ar chalaois thromchúiseach cánach agus chustaim. Ag deireadh na bliana, bhí 48 cás coiriúil eile os comhair na Cúirte (Tábla 22).

Clár Comhlíontachta

Tá ár gcreat comhlíontachta riosca-bhunaithe agus fite fuaite inár ngnáthchláir ghnó. Laghdaíonn an cur chuige bainistíochta comhlíontachta seo an t-ualach riaracháin ar an gcáiníocóir comhlíontach agus tugann sé tosaíocht dár n-acmhainní comhlíontachta don

³ <https://www.revenue.ie/ga/tax-professionals/documents/code-of-practice-revenue-compliance-interventions.pdf>

cháiníocóir neamhchomhlíontach.

I rith 2022, bhíomar i dteagmháil le cáiníocóirí maidir le hiniúchadh agus gníomhaíocht idirghabhála comhlíontachta eile de réir ár dtreoirlínte maidir le hidirghabhálacha comhlíontachta a dhéanamh i dtimpeallacht oibre cumaisc. Tá sonraí ar ár ngníomhaíocht comhlíontachta earnála leagtha amach i dTábla 15. Tá cuid de na réimsí a ndíreofar orthu dár ngníomhaíocht chomhlíontachta 2022 leagtha amach thíos.

Le roinnt blianta anuas, tá an **earnáil tógála** tar éis rioscaí suntasacha a chruthú don chóras cánach, mar is léir ó thorthaí ár gclár comhlíontachta sa réimse seo. I bhfianaise an leibhéil riosca atá i gceist chomh maith leis an méadú leanúnach ar ghníomhaíochtaí tógála atá le feiceáil againn ar fud na tíre, bhí an earnáil arís chun chinn inár gclár comhlíontachta in 2022.

Bhain toradh de beagnach €24 milliún le gníomhaíochtaí comhlíontachta a bhain leis an earnáil tógála, agus is ionann é agus timpeall 2% den toradh iomlán a tháinig as na hidirghabhálacha uile. Bhí na hidirghabhálacha seo dírithe go príomha ar rioscaí CBL, Cánach Conarthaí Iomchuí (CCI) agus Íoca Mar a Thuillir (ÍMAT) (Fostóra), agus leanamar freisin ag déanamh monatóireachta ar an mbealach ar bhain an earnáil seo leas as scéimeanna tacaíochta paidéime.

Le linn 2022, leanamar orainn dár gclár seiceálacha a chur i gcrích ar gach fostóir a bhain leas as an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (**SFSP**). Rinneadh na seiceálacha seo lena chinntiú gur chomhlíon fostóirí critéir incháilitheachta na scéime agus, go ríthábhachtach, gur íocadh an t-airgead a bhí i gceist i gceart le fostaithe. Dhearbhaigh ár seiceálacha ardleibhéal comhlíonta leis an scéim.

Tá méadú eisceachtúil tagtha ar **ríomhthrachtáil** ar fud an domhain mar gheall ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear an phaindéim Covid-19, agus leanaimid ag forbairt ár dtionscnaimh ghnó chun feasacht a fheabhsú i measc cáiníocóirí ar na rioscaí agus na himpleachtaí cánach a bhaineann leis sa réimse seo. Is ábhar spéise ar leith é comhlíontacht CBL na dtrádálaithe neamhchónaitheacha ar líne a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí digiteacha do chustaiméirí Éireannacha. I measc phríomhchuspóirí ár gcuid oibre ina leith seo le linn 2022 bhí fíorú CBL a dhearbhaigh gnóthaí neamhchónaitheacha cláraithe.

In 2022, rinneamar iarracht tuilleadh feabhais a chur ar ár gcumas na rioscaí CBL a chuireann gnóthaí neamhchónaitheacha i láthair a bhainistiú trí oibriú go dlúth le comhghleacaithe i mBallstáit eile agus le Coimisiún an Aontais Eorpaigh (AE) chun creat láidir laistigh den AE a bhunú le haghaidh rialáil agus comhlíontacht ríomhthrachtála trasteorann. Go háirithe, d'oibríomar chun dualgais tuairiscithe a chur chun cinn do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta trasteorann a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 agus a chuirfidh go mór lenár gcumas rioscaí CBL a bhrath.

Leanann muid d'aghaidh réamhghníomhach a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht chánach idirnáisiúnta, lena n-áirítear iniúchtaí praghsála aistrithe riosca-tiomáinte a dhéanamh agus idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe eile. Sa tréimhse 2015 go dtí deireadh 2022, chuireamar tús le 51 idirghabháil comhlíontachta praghsála aistrithe, a bhfuil 25 acu tugtha chun críche a raibh le toradh €676.1 milliún agus srianadh €949 milliún ar chaillteanais trádála (éifeacht cánach €118.6 milliún). Ina theannta sin, rinneadh measúnuithe cánach comparáide leasaithe mar thoradh ar idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe agus sainithníodh cáin chorparáideach ganníochta de thart ar €81.6 milliún. Tá formhór na measúnaithe leasaithe faoi hachomharc faoi láthair.

De réir Alt 1086A den ACC 1997, tá ceanglas dlí ar na Coimisinéirí Ioncaim **Liosta Mainnitheoirí Cánach** a fhoilsiú san fhoilseachán Iris Oifigiúil laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh gach ráithe ina dtagtar ar shocraíochtaí comhaontuithe nó ina gcuireann na Cúirteanna Cinntí Pionóis i bhfeidhm. Is díspreagadh tábhachtach é seo inár dtroid in aghaidh na neamhchomhlíontachta cánach. In 2022, comhaontaíodh socraíochtaí cánach, ar luach

€28 milliún iad, le 36 cáiníocóir, agus foilsíodh iad de réir na reachtaíochta. Tugtar sonraí na bhfoilseachán sin in 2022 i dTáblaí 16 agus 17, lena n-áirítear miondealú de réir ráithe agus na hearnálacha is coitianta a foilsíodh.

Rinne na Coimisinéirí Ioncaim athfhorbairt ar an gcóras reatha um **Riosca Fíor-Ama ÍMAT (RTR)** in 2022 a ligeann dúinn freagairt go tapa do rioscaí a thagann chun cinn. Leanfaimid orainn ag cur le rialacha an RTR lena chinntiú go soláthraímid freagairt riosca-dhírthe, éifeachtach agus chomhréireach ar neamhchomhlíontacht i mbonn cásanna ÍMAT.

Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht

Leanaimid lenár gcumas agus ár n-eolas anailíse sonraí a neartú chun rioscaí in imghabháil cánach agus dleachta, calaois, coireacht eagraithe, trádáil aindleathach agus smuigleáil a aithint agus a dhíriú ar bhealach níos fearr. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas teagmhas, scála agus suntasacht an riosca a shainaithint agus chun díriú ar ár n-acmhainní chun neamhchomhlíontacht a chosc nó aghaidh a thabhairt air.

Is gá do raon leathan tríú páirtithe, mar shampla, ceannaitheoirí, comhlachtaí Rialtais, institiúidí airgeadais, agus cineálacha áirithe idirghabhálaithe, tuairisceáin faisnéise a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim. Déantar na sonraí a bhailítear sna tuairisceáin tríú páirtí seo a mheaitseáil lenár dtaifid agus úsáidtear iad chun dearbhuithe cáiníocóirí a chros-seiceáil agus chun neamhréireachtaí a aibhsiú chomh maith le neamhthíolaiceoirí a aithint, a d'fhéadfadh a bheith i mbun gníomhaíochta trádála, agus/nó chun bonn eolais a chur faoi chinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le tionscadail shonracha chomhlíontachta a dhéanfar.

Baineann muid úsáid fhorleathan as faisnéis tríú páirtí, sonraí iXBRL agus foinsí eile, inár **dtionscadail anailísíochta sonraí**. In 2022, d'úsáideamar anailísíocht sonraí chun rioscaí na Scéime Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a shainaithint agus chun dul i ngleic leo, chun ár dtuiscint ar rioscaí earnála a fheabhsú, agus chun leanúint ar aghaidh ag foghlaim ó thorthaí na dtionscadal comhlíontachta roimhe seo. Bhí anailísíocht sonraí lárnach freisin inár gcuid oibre chun feidhmíocht ár gcóras riosca a mheas agus a fheabhsú, mar shampla ár n-uirlis Riosca, Meastóireacht agus Próifíliú (REAP) le haghaidh cáin agus ár Clár Roghnaithe um Idirghabháil Riosca Custam (CRISP). Leanann muid d'úsáid a bhaint as anailísíocht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar ár ngníomhartha ar iompar cáiníocóirí.

Le hionstraimí éagsúla dlí, foráiltear do **Mhalartú Uathoibríoch Faisnéise (AEOI)** idir córais riartha cánach. Úsáideann muid an fhaisnéis seo chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a bhrath agus a chosc agus chun feidhmiú ceart na reachtaíochta cánach náisiúnta in Éirinn a chinntiú.

Tá socruithe reachtúla agus comhaontuithe idirnáisiúnta i bhfeidhm againn chun faisnéis cuntais airgeadais a mhalartú go huathoibríoch, lena n-áirítear sonraí cuntas bainc agus sonraí infheistíochtaí. In 2022, ghlac 64 dlínse san iomlán páirt sa mhalartú sonraí seo. Tugann sé seo faisnéis dúinn maidir le cuntais arna gcoinneáil thar lear ag custaiméirí Éireannacha, agus déantar an fhaisnéis sin a chrostagairt le tuairisceáin chánach chun a chinntiú go bhfuiltear tar éis sócmhainní agus ioncaim uile thar lear a dhearbhu, de réir mar is cuí.

Faoi thionscnamh AEOI an AE - an Treoir um Chomhar Riaracháin 6 (DAC6) - ceanglaítear ar idirghabhálaithe socruithe áirithe a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh pleanáil ionsaitheach cánach trasteorann. Déantar na nochtaithe sin a mhalartú go huathoibríoch leis na Ballstáit ábhartha. Cuireadh tús le tuairisciú DAC6 in 2021 agus rinne Éire malartuithe ráithiúla i rith na bliana. Rinne Éire tuairisceáin 202 san iomlán a mhalartú don bhliain 2022.

Tá sé de cheangal ar fhiontair mhóra ilnáisiúnta (fiontair FMI) Tuarascáil de réir Tíre (TdT) a thíolacadh ina dtugtar miondealú ar ioncam, brabúis, cánacha agus táscairí eile ar

ghníomhaíochtaí eacnamaíochta, i gcás gach dlínse cánach ina ndéanann an grúpa FMI gnó. Bainimid úsáid as an bhfaisnéis seo chun bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe riosca i leith praghsála aistrithe ardleibhéil agus chun rioscaí eile a bhaineann le BEPS a mheas. In 2022, mhalartaigh Éire sonraí TdT le 63 dlínse.

I gcomhréir lenár dtiomantas do thrédhearcacht cánach idirnáisiúnta, agus i gcomhréir le tionscnaimh AE agus OECD chun malartú faisnéise idir údaráis chánach a neartú i réimse na rialuithe cánach, chuir muid sonraí 21 tuairim trasteorann ar fáil in 2022.

Áirítear le **Cúnamh Frithpháirteach** malartú faisnéise a iarradh go sonrath idir Bhallstáit an AE agus tíortha eile. Soláthraíonn agus baineann muid leas as cúnamh frithpháirteach trí fhaisnéis airgeadais agus eile a roinnt agus trí fhiosruithe comhoibríocha laistigh de chreat oibre reachtacha. In 2022, fuair muid 1,931 iarratas ar chúnamh frithpháirteach ó Bhallstáit an AE agus thíortha eile agus rinne muid 401 iarratas den chineál seo (féach Tábla 23).

Chomh maith leis sin, fuair muid 27 cumarsáid Assistance Mutuelle (AM) ó Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Baineann mórán de na hiarratais faighte le riosca sonrath Custam i ndáil le haicmiúchán, luacháil nó bunús.

Le linn 2022, fuair muid os cionn 42,200 **Tuairiscí ar Idirbhearta Amhrasta (TIA)** ó institiúidí airgeadais agus comhlachtaí eile saincheaptha, a bhfuil ceanglas orthu faoin dlí ,tuairiscí mar sin a dhéanamh. Is ionann é sin agus méadú 10% i gcomparáid le 2022. Tá TIA mar chuid lárnach den phróifíl riosca iomlán do cháiníocóirí aonair. Nuair a fhaightear TIA, déantar iad a scrúdú agus measúnú riosca a dhéanamh orthu, agus úsáidtear iad chun neamhchomhlíonadh a aithint agus ina dhiaidh sin aghaidh a thabhairt air.

Cuireadh córas nua cásoibre ar fáil in 2022 chun **aisíocaíochtaí iasachta Tithe Altranais** a bhainistiú. Soláthraíonn sé uaslódáil uathoibríoch agus easpórtáil comhad Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a neartaíonn cumas na gCoimisinéirí loncaim a chuid oibleagáidí i leith Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chomhlíonadh. Tacaíonn sé le cásobair éifeachtach ionas gur féidir iad siúd nach n-aisíocann iasachtaí a aithint go héasca agus tús áite a thabhairt dóibh.

Díriú agus Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar

Tugaimid dúshlán gníomhach do **ghníomhaíocht sa scáthgheilleagair** agus cuireann muid srian ar dheiseanna chun imghabháil cánach agus dleachta d'aon ghnó. Is léir é seo sa raon leathan idirghabhálacha a dhéanaimid a dhíríonn ar chalaois, ar thrádáil aindleathach, ar smuigleáil agus ar choireacht eagraithe.

Tá ionchur suntasach á thabhairt ag ár **nAonad Comh-Imscrúduithe (ACI)** dár stráitéis fhoriomlán idirghabhálacha a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí scáthgheilleagair. Reáchtáil oifigigh an ACI oibríochtaí aonair ar son na gCoimisinéirí loncaim agus oibríonn go han-éifeachtach le hoifigigh de chuid an Aonaid Imscrúduithe Speisialta (AIS) sa Roinn Coimirce Sóisialaí, agus nuair a teastaíodh sna cúinsí, leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) chun aghaidh a thabhairt ar réimsí inní coiteanna, thar réimse earnálacha sa gheilleagar. Earnáil amháin is ea an earnáil tógála.

D'éascaigh maolú leanúnach na socruithe oibre srianta, a bhaineann le Covid-19, le linn 2022 méadú ar ár ngníomhaíocht sa scáthgheilleagar i rith na bliana. Thug ár n-oifigigh ACI in éineacht le baill foirne eile de chuid na gCoimisinéirí loncaim 407 cuairt ar láithreáin tógála 'neamhspleácha' de chuid na gCoimisinéirí loncaim i rith na bliana. Le linn na gcuairteanna seo chuir oifigigh agallamh ar 872 conraitheoir, fochonraitheoir, agus fostaithe chun iad a chur ar an eolas faoina gcomhlíontacht agus a ndualgais reachtúla eile. Chomh maith leis sin thug ár n-oifigigh ACI 714 cuairt eile ar láithreáin tógála i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus chuir muid 1,423 duine eile faoi agallamh. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, cláraíodh

76 duine mar fhostaithe nua faoin gcóras ÍMAT agus athrangaíodh 7 fo-chonraitheoirí eile mar fhostaithe.

Chomh maith le cuairteanna ar láithreáin tógála, thug ár n-oifigigh ACI in éineacht le baill foirne eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim 1,936 cuairt eile, ar bhonn neamhspleách nó i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, thar réimse gnóthaí i dtaca le cineálacha éagsúla gníomhaíochta scáthghuilleagair. Mar thoradh ar na cuairteanna seo, cláraíodh 168 duine aonair mar fhostaithe nua le haghaidh ÍMAT.

I rith na bliana, lean ár n-oifigigh ACI ar aghaidh ag déanamh cumarsáide lena gcomhghleacaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí chun faisnéis a mhalartú maidir le sárúithe féideartha ar íocaíocht leasa. Áiríodh leis seo Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (IDP) agus íocaíochtaí don Scéim Fóirdheontais Pá, a chríochnaigh le linn 2022. Rinneadh na iarratais agus malartuithe faisnéise seo faoin gcreat oibre fadbhunaithe Meamram Tuisceana agus Comhaontú Roinnte Sonraí atá ann idir an dá ghníomhaireacht.

Gné thábhachtach i mbainistiú riosca ná an comhoibriú déthaobhach le Ballstáit ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha trasteorann CBL. Tá muid ag leanúint de bhearta a fhorbairt chun an riosca **calaoise CBL** a chomhrac agus de dhul i mbun caidrimh le gníomhaireachtaí agus fóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear EUROFISC agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCóras Riartha Cánach (IOTA) chun eolas a roinnt i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus an deachleachtas.

In 2022, mar chuid dár n-obair chun cur isteach ar ghníomhaíocht chalaoiseach CBL, d'ardaíomar measúnuithe cánach as a d'eascair dliteanais bhreise de €4 milliún agus cuireadh 6 gclárúchán CBL ar ceal go héigeantach i gcás inar léiríodh go raibh gníomhaíocht chalaoiseach ann. Scríobh muid chuig 13 soláthraithe eachtracha chun iad a chur ar an eolas faoi na cealúcháin.

Tá príomhfhreagracht orainn **na drugaí rialaithe a chosc, a bhrath, a idircheapadh agus a urghabháil** a bheartaítear iad a smuigleáil, nó a iompórtáil isteach sa Stát nó a easpórtáil amach as an Stát go neamhdhleathach. Tacaíonn ár gcur chuige idirghabhála drugaí le Straitéis Náisiúnta Drugaí na hÉireann "Dochar a Laghdú, ag tacú le téarnamh: *Freagra sláinte-bhunaithe ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017 – 2025*".⁴

Baineann muid úsáid as cur chuige rioscabhunaithe chun príomh-gheallsealbhóirí a shainiúint taobh istigh de na sraitheanna éagsúla den slabhra soláthair do dhrugaí neamhdhleathacha. Oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um fhorghníomhú an dlí chun cur isteach ar chroíshlabhraí soláthair agus iad a dhíchóimeáil, lena n-áirítear táirge a urghabháil, agus chun faisnéis a fhorbairt agus a roinnt.

Baineann na daoine sin a bhfuil baint acu le trádáil drugaí mídhleathacha úsáid as modhanna smuigleála agus teicnící folaithe atá ag éirí níos casta agus níos airgile agus tá an cumas agus na hacmhainní acu a modheolaíochtaí a oiriúnú go tapa. Déanaimid monatóireacht leanúnach ar threochtaí agus forbairtí ina leith seo agus glacaimid le freagairt an-solúbtha agus lúfar maidir le húsáid acmhainní agus tosaíochtaí riosca.

Oibríonn muid go dlúth leis an nGarda Síochána, go háirithe le Biúró an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, i gcomhfhiosruithe agus comhoibríochtaí. I rith 2022, bhíomar rannpháirteach i 69 seachadadh rialaithe drugaí as a dtáinig 51 gabháil, chomh maith le 26 chomhoibríocht le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe. Oibríonn muid go dlúth chomh maith leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte, leis an tSeirbhís Chabhlaigh, agus le comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí-Támhsuanaigh (MAOC-N) i Liospóin, Europol, Interpol, an Eagraíocht Dhomhanda Custam (EDC) agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dtíortha eile.

4 http://www.drugs.ie/downloadDocs/2017/ReducingHarmSupportingRecovery2017_2025.pdf


I rith 2022, rinneamar níos mó ná 10,300 urghabháil drugaí, 3,600kg san iomlán ar luach measta de bheagnach €46.6 milliún (Tábla 18).

Smuigleáil Drugaí agus an Tábhacht a bhaineann le Comhoibriú Idirnáisiúnta

I mí Iúil 2022, urghabhadh 16kg de chócaon ar luach measta €1 milliún ag Aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis oibríocht chomhpháirteach bunaithe ar fhaisnéis a rinne Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (BNGSDCE). D'aimsigh Custaim na Gearmáine na drugaí i mbagáiste paisinéara ar an mbealach ó Sao Paulo, an Bhrasaíl go hAerfort Bhaile Átha Cliath trí Frankfurt. Cuireadh oibríocht i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun iad siúd a raibh baint acu leis an iompórtáil a aithint.

Bhuail an paisinéir le beirt fhostaithe ar conradh de chuid Aerfort Bhaile Átha Cliath sa halla teachta. D'aistrigh sé coimeád na ndrugaí chuig fostaithe an aerfoirt sna leithris, a d'fhág ansin trí bhealach amach foirne ag iarraidh rialuithe Custam a sheachaint. Gabhadh an triúr.

Aibhsíonn an cás seo cé chomh tábhachtach is atá comhoibriú idirnáisiúnta sa ról i leith eagraíochtaí coireachta trasnáisiúnta a mbíonn i mbun smuigleáil drugaí a chomhrac.



16kg de chócaon a braitheadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2022

Roinnt urghabhálacha suntasacha drugaí eile le linn 2022:

Urghabhadh 18kg de chócaon ar luach €1.3 milliún ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2022, tar éis oibríocht chomhpháirteach bunaithe ar fhaisnéis a rinne ár Seirbhís Custaim agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (GNDOCB).

Rinneadh an ghabháil mar thoradh ar mionscrúdú a déanadh ar veain champála a tháinig isteach go Calafort Bhaile Átha Cliath ón Ríocht Aontaithe. Rinneadh an cuardach le cúnamh ó cheann dár scanóirí soghluaiste x-ghathach agus madra brathadóra, James. Chuir Aonad Imscrúdaithe Mótarfheithicil Goidte an Gharda Síochána cúnamh speisialtóra ar fáil. Nocht an cuardach ceilt shofaisticiúil ina raibh na drugaí. Gabhadh beirt mar chuid den oibríocht seo.



Madra brathadóra James sa phictiúr le 18kg de chócaon ag Calafort Bhaile Átha Cliath

Urghabháil 138kg de channabas ar luach €2.8 milliún ag Europort Ros Láir: i mí na Bealtaine 2022, urghabhadh 138kg de channabas ar luach measta de thart ar €2.8 milliún ag Europort Ros Láir tar éis scrúdú a dhéanamh ar fheithicil chláráithe Spáinneach a tháinig go hÉirinn ag iompar coinsíneachta torthaí agus glasraí. Rinneadh an scrúdú le cabhair ónár scanóir soghluaiste x-gathaithe agus gabhadh tiománaí na feithicle.

Leagann an urghabháil seo béim ar thábhacht na Spáinne mar thír fhoinse mhór do channabas sa dlínse seo. Tar éis na hurghabhála seo, rinne comhghleacaithe Spáinneacha roinnt brath den chineál céanna i gcoinsíneachtaí torthaí agus glasraí a bhí beartaithe d'Éirinn.

Tá na hurghabhálacha seo mar chuid dár n-oibríochtaí leanúnacha atá dírithe ar an scáthghilleagar agus ar an smuigleáil, trí chomhoibriú idirnáisiúnta agus náisiúnta agus trínár gclár féin, Faire Custam ar Dhrugaí.

Agus muid ag dul i ngleic leis an **trádáil aindleathach tobac**, dírimid ar gach céim den slabhra soláthair, ag aithint agus ag díriú ar smuigleáil, táirgeadh, dáileadh agus díol táirgí tobac aindleathacha. Is é ár gcuspóir na táirgí aindleathacha a urghabháil agus, nuair is féidir, iad siúd atá freagrach a ionchúiseamh. Áirítear inár straitéis ilghnéitheach:

- anailís a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid na faidhbe
- faisnéis a fhorbairt agus a roinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Ag úsáid teicneolaíochtaí anailíse, próifílithe agus braite chun lasta, feithiclí, bagáiste agus pacáistí poist a aithint agus a scagadh chun soláthar táirgí tobac aindleathacha a thascradh
- ag cinntiú an barr is fearr acmhainní a imlonnú ag féachaint don riosca ag pointí allmhairithe agus laistigh den tír.

Tá gné trasnáisiúnta agus trasteorann ag baint le mórán de na gníomhaíochtaí coiriúla seo agus, in éineacht le comhoibriú leanúnach leis an nGarda Síochána sa réimse seo, oibríonn muid go dlúth lenár gcomhghleacaithe i ndlínsí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear OLAF, Europol an EDC.

In 2022, ba é an toradh a bhí ar ár ngníomhaíochtaí spriocdhírthe ná urghabháil os cionn 51.6 milliún toitín aindleathacha ar luach €39.5 milliún (Tábla 19). Ghabh muid 11,803 kg tobac freisin ar luach €8.5 milliún. Is toradh iad na hurghabhálacha seo ar chomhoibriú leanúnach agus ar chomhroinnt faisnéise le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile agus ar ár n-ardmhodhanna próifílithe agus braite.

Urghabhálacha Suntasacha ar Tháirgí Tobac

Urghabháil 9 milliún toitín i gCalafort Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022: Mar thoradh ar ghnáthphróifíliú, agus le cúnamh ó scanóir soghluaiste x-ghathaithe na gCoimisinéirí loncaim agus madra brathadóra Waffle, ghabh oifigigh de chuid na gCoimisinéirí loncaim 9 milliún toitín ag Calafort Bhaile Átha Cliath.

Bhí luach measta miondíola €6.8 milliún ar na toitíní, brandáilte “Lambert & Butler”, agus is ionann é agus cailteanas poitéinsiúil don Státchiste de €5.3 milliún.



9 milliún toitín gafa i gCalafort Bhaile Átha Cliath le cabhair an mhadra bhrathadóireachta, Waffle

4.3 milliún toitín gafa ag Europort Ros Láir: I mí Eanáir 2022, mar thoradh ar ghnáthphróifíliú, ghabh oifigigh de chuid na gCoimisinéirí loncaim 4.3 milliún toitín ag Europort Ros Láir. Tá luach measta miondíola €3.2 milliún ar na toitíní den bhranda “Marine Blue” agus “Marine Green” agus is ionann é agus cailteanas poitéinsiúil tuairim is €2.5 milliún don Státchiste.

Thángthas ar na toitíní mídhleathacha nuair a stad agus chuardaigh oifigigh de chuid na gCoimisinéirí loncaim trucail cláraithe san Íseltír a tháinig ar bhád farantóireachta ó Cherbourg, An Fhrainc. Mar thoradh ar an gcuardach, a rinneadh le cabhair ó scanóir soghluaiste x-gha na gCoimisinéirí loncaim, a aimsíodh na toitíní mídhleathacha.

Gradam Golden Paw Hero

I mí na Samhna 2022, bhuaigh madra brathadóra na gCoimisinéirí loncaim Flynn an chatagóir Forfheidhmithe Dí de Ghradaim Madraí Golden Paw 2022. Tá sé mar aidhm ag na gradaim seo aitheantas a thabhairt do na madraí is misniúla agus is cróga in Éirinn.



Flynn lena ghradam (ar chlé)

Madra Brathadóra Flynn agus Láimhseálaí Lynda (thuas)

Tá ról spreagúil ag láimhseálaithe madraí agus madraí brathadóra na gCoimisinéirí loncaim mar ghné lárnach dár gcur chuige forfheidhmithe chun dul i ngleic leis an mbagairt do ghnólachtaí dlisteanacha, do thomhaltóirí agus don Státchiste trí thrádáil agus smuigleáil aindleathach.

Oibríonn ár bhfoirne forfheidhmiúcháin agus cigireachta ag gach calafoirt, aerfoirt agus ionaid poist, chomh maith le háitribh lasta-seoltóra ag díriú ar an smuigleáil drugaí mídhleathacha, tobac agus airgead tirim. Mar thoradh ar a mbraith, cuireadh ciontuith rathúla i bhfeidhm agus d'éirigh leo cur isteach ar ghníomhaíochtaí dronganna coiriúla.

Tá flynn, spáinnéar preabach Sasanach 6 bliana d'aois, tar éis gairmréim oirce a bheith aige leis na Coimisinéirí

loncaim le 5 bliana anuas agus chuir sé go mór le clár braite cainínigh na gCoimisinéirí loncaim. Bhí baint aige le go leor oibríochtaí, lena n-áirítear drugaí toirmiscthe agus airgead tirim a bhrath ar an mbealach isteach agus amach as an Stát, rud a d'fhág gur urghabhadh luach os cionn €15 milliún de dhruaí agus beagnach €1 milliún d'airgead tirim.

Táimid an-bhródúil as Flynn agus as ár madraí brathadóra agus láimhseálaithe go léir.

In 2022, bhí méadú i líon na n-urghabhálacha ar **alcól aindleathach** ag ár bpríomhchalafoirt agus aerfoirt. Tá sé seo mar thoradh ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt faisnéise idir Éire agus Ballstáit eile an AE, i ndáil le gluaiseacht táirgí idir bannathrádstórais san AE. Urghabhadh iomlán os cionn de 590,722 lítear alcóil ar luach measta €3.9 milliún le linn na bliana. Chomh maith, ghlac Éire páirt in oibríochtaí ilnáisiúnta le Ballstáit eile, ag díriú isteach ar ghluaiseachtaí calaíseacha táirgí alcóil.

Príomhthosaíocht chorparáideach dúinn is ea an **chalaíse bhreosla** agus, bunaithe ar an bhfianaise go dtí seo, táimid sásta go bhfuil ár straitéis fhoriomlán éifeachtach chun dul i ngleic leis an trádáil aindleathach i dtáirgí breosla. In 2022, bhrath muid 4 sciúrlann bhreosla agus tá

muid ag leanúint de bheith ar an airdeall i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus bagairtí sa réimse seo.

Faoi **fhóralacha urghabhála airgid thirim** san Acht um Fháltais ó Choireacht (arna leasú), 2005, coinníonn muid suimeanna airgid de €1,000 nó níos mór a bhfuiltear ina amhras gur fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla iad, nó atá beartaithe lena n-aghaidh. Nuair a choinnítear airgead tirim, déanann muid iarratas chuig na Cúirteanna ag iarraidh tuilleadh ama chun foinse an airgid a fhiosrú. Féadfaidh na Cúirteanna, nuair a bheidh siad sásta leis an iarratas, ordú coinneála a dheonú ar feadh aon tréimhse suas le trí mhí agus ar feadh ré iomlán nach faide ná 24 mhí chun ligean dúinn imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh d'fhonn an t-airgead a fhorghéilleadh don Stáit, nuair is cuí. In 2022 deonaíodh orduithe coinneála dúinn maidir le 37 cás le himscrúdú ar mhéideanna airgid thirim arbh fhiú €1,405,627 san iomlán iad (Tábla 20).

I gcásanna inar bunaíodh naisc leis an gcoiriúlacht, rinne muid iarratas chun na Cúirte chun ordú forghéillte a fháil. Le linn 2022, cheadaigh na Cúirteanna orduithe forghéillte maidir le 24 cás urghabhála coiriúla airgid thirim, ar luach €1,024,338 milliún iad (Tábla 21).

Foráiltear i Rialacháin an AE dár gcaingean in aghaidh **earraí góchumtha, falsa nó bradacha**. Déanaimid braith rialta ar earraí góchumtha ag calafoirt, aerfoirt agus moil phoist na tíre mar thoradh ar phróifiliú riosca. Déantar mórán de na hearraí góchumtha a bhraitear agus a choinnítear a idircheapadh i moil phoist nó cúiréara, agus go seoltar siad chuig daoine a cheannaigh iad ar an idirlín. Ó am go chéile aimsítear coinsíneachtaí níos mó i gcoimeádáin loingseoireachta.

Mar thoradh ar fhaisnéis agus próifiliú riosca, le linn 2022, bhraith muid beagnach 29,507 earra góchumtha amhrasta ar luach nach mór €5.8 milliún. I measc raon na n-earraí góchumtha a urghabhadh, tá earraí leictreonacha, cosmaidí, fóin phóca/oiriúintí, éadaí agus seodra, agus is ón tSín, Hong Cong agus an Tuirc a thagann an chuid is mó díobh.

Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú

Is é ár misean ná freastal ar an bpobal trí cháin agus dleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn córas cánach agus custaim atá cothrom, trédhearcach, éifeachtach a chinntiú. Chun torthaí cánach a chosaint agus cothroime an chórais chánach a chaomhnú, Aithnímid go réamhghníomhach **scéimeanna seachanta cánach** agus úsáid na reachtaíochta cánach, faoisimh agus liúntais ar bhealach nach raibh beartaithe, agus déanaimid dúshlán fúthu. In 2022, thugamar 104 cás seachanta cánach chun críche le toradh os cionn €16.1 milliún i gcáin, ús agus pionóis. Ina theannta sin, ag deireadh 2022, bhíomar gníomhach ag tabhairt aghaidh ar 104 cás a bhain le seachaint cánach féideartha, a bhain le 17 idirbheart.

Aghaidh a thabhairt ar Seachaint Cánach: Aistriú Sócmhainní Thar Lear

Trí anailísíocht agus faisnéis a úsáid chun cabhrú leis na Coimisinéirí loncaim idirbhearta a aithint ina bhféadfadh sé gur úsáideadh straitéisí ionsaitheacha seachanta cánach, d'aithin an Brainse Náisiúnta Frith-sheachanta den Rannóg Cásanna Móra – Daoine Ardrachmais roinnt idirbheart atá á scrúdú acu faoi thionscadal "Aistriú Sócmhainní Thar Lear".

Mar achoimre, is éard atá i gceist leis na hidirbhearta ná scaireanna i gcuideachta Éireannach a dhíol le cuideachta nua-chorpraithe neamhchónaitheach, a dhíolann na scaireanna le ceannaitheoir tríú páirtí neamhghaolmhar. Ní mhaítear go n-eascaíonn aon dlíteanas CGC ar dhíol tosaigh na scaireanna sa chuideachta Éireannach ar bhonn éilimh faoisimh scair-ar-scair. Déantar an gnóthachan caipitiúil a chriostalú sa chuideachta neamhchónaitheach nua ar an mbonn nach dtagann aon dlíteanas CGC gaolmhar chun cinn. Ina theannta sin, le roinnt idirbheart, íoctar díbhinní leis an gcuideachta nua freisin. Measann na Coimisinéirí loncaim gurb ionann na hidirbhearta seo agus seachaint cánach do-ghlactha agus go bhfuil siad ag tabhairt aghaidh orthu trí úsáid a bhaint as fóralacha spriocdhírthe agus sonracha frith-sheachanta laistigh den rannán reachtaíochta ábhartha.

Cuid lárnach dár gcreat oibre foriomlán comhlíontachta ná an **imghabháil eischósta** a shainaithint, díriú uirthi agus aghaidh a thabhairt uirthi. Gné bhunúsach dár gcuid oibre maidir le sócmhainní eischósta is ea an úsáid is fearr a bhaint as na sonraí atá ar fáil dúinn chun neamhchomhlíonadh a aithint agus díriú air. Folaíonn sé seo sonraí a fhaightear faoi shocruithe idirnáisiúnta chun faisnéis a roinnt go huathoibríoch a úsáidtear chun daoine a shainaithint agus dul sa tóir orthu, ar daoine iad a rinne iarracht cuntais, struchtúir nó sócmhainní eischósta a úsáid chun a gcuid dualgas cánach a imghabháil nó a sheachaint.

In 2022, thugamar chun críche 13 idirghabháil ar chásanna a roghnaíodh trí úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas faoin *Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach (FATCA)*. Is comhaontú roinnte faisnéise é FATCA idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí toradh de thuairim is €790,000 i gcáin, ús agus pionóis i gceist leis na cásanna seo. In 2022, chuireamar tionscadal i gcrích freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a fuarthas faoin gclár idirnáisiúnta malartaithe faisnéise faoin Treoir maidir le Comhoibriú Riaracháin 2 (DAC 2). Bhí 61 idirghabháil i gceist leis an tionscadal agus sháraigh iomlán na socraíochtaí don tionscadal €905,000. Tá an t-athbhreithniú ar fhaisnéis a fhaightear faoi DAC 2 ina chuid lárnach dár bpróisis próifílithe agus measúnaithe riosca anois.

Déanaimid **imscrúduithe** nuair a aimsimid cásanna d'imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta agus calaoise, ag iarraidh na smachtbhannaí dlíthiúla iomlána atá ar fáil a chur i bhfeidhm a léiríonn tromchúis na himghabhála atá i gceist.

In 2022, chuireamar 5 chás d'imghabháil thromchúiseach amhrasta faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) chun **imeachtaí coiriúla** a bhreithniú, agus chomhoibríomar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun 5 chás eile a tharchur chuig an nGarda Síochána. Sa tréimhse chéanna d'ordaigh an SIP imeachtaí coiriúla a thionscnamh i 3 chás.

Ina theannta sin, daingníodh 9 gciontú as **imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta** os comhair na gCúirteanna:

- Gearradh 6 chiontú i leith cionta tromchúiseacha dleachta. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta ó 12 mí go 4 bliana i 4 chás, cuireadh 3 cinn díobh seo ar fionraí go hiomlán agus gearradh pianbhreith iomlán coimeádta 2 bhliain agus 6 mhí ar chás amháin. Gearradh fíneálacha iomlána €22,000 i 2 chás.
- Gearradh 3 chiontú i leith cionta tromchúiseacha dleachta. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta ó 18 mhí go 36 mí i 3 chás, agus cuireadh gach ceann díobh ar fionraí go hiomlán.

Ag deireadh 2022, bhí 31 cás d'imghabháil thromchúiseach nó de chalaouis á n-imscrúdú agus tá 48 cás eile os comhair na gcúirteanna faoi láthair (Tábla 22).

Fiachais a Bhailiú

Léiríonn ár gcur chuige bailithe fiachais struchtúr deighilte cásbhainistíochta. Cuireann sé seo ar ár gcumas ár bhfreagra a oiriúnú bunaithe ar iompar cáiníocóirí agus cuireann sé solúbthacht níos fearr ar fáil ó thaobh ár n-acmhainní bainistíochta fiachais a mheaitseáil riosca bailithe cánach a fhritháireamh.

Cuireadh síneadh go dtí Bealtaine 2024 leis an Scéim Stórasaithe Fiachais (SSF), a bunaíodh ar dtús chun tacú leo siúd atá buailte ag an bpaindéim, chun cabhrú le géarchéim na gcostas fuinnimh atá ag teacht chun cinn.

Is iad na príomhchoinníollacha atá ag an SSF ná nach mór gach tuairisceán cánach a thíolacadh ionas go ndéantar an fiachas a mheas, agus caithfear cánaacha reatha a íoc de réir mar a thagann siad de bheith dlíthe. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim na príomhriachtanais seo in

iúl go leanúnach ina gcuid doiciméad cumarsáide agus treorach stórasaithe go léir go dtí seo.

De réir mar a thosaigh an geilleagar ag teacht ar ais ó thionchair na paidéime, chuireamar tús le feachtas comhlíontachta rioscabhunaithe agus spriocdhírithé ar chustaiméirí a raibh fiachas acu sa stóras a raibh tuairisceáin agus / nó cánacha reatha amuigh acu. Mar chuid den fheachtas seo, chuamar i dteagmháil go forleathan le gnóthaí ábhartha agus d'oibríomar leo chun réitigh inoibrithé a aithint. Cuireadh tús leis an bhfeachtas seo i mí na Bealtaine 2022 agus tháinig sé chun críche i Meán Fómhair 2022, agus tíolacadh beagnach 250,000 tuairisceán CBL. Cúlghaireadh an stóras do 30,000 custaiméir nach ndeachaigh i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim le linn an fheachtais seo.

Sochair na Scéime Stórasaithe Fiachais

Leanaimid orainn ag cur príomhshochair an stórais in iúl dár gcustaiméirí, lena n-áirítear:

- leas a bhaint as coigiltis úis leis an ráta laghdaithe 3% (i gcomparáid leis an gnáthráta 10%),
- leas a bhaint as na socruithe íocaíochta solúbtha atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar chánacha reatha amuigh, agus
- íocaíocht an fhiachais stórasaithe a iarchur go dtí an 1 Bealtaine 2024.

Sa chás go dteipeann ar ghnó coinníollacha an trádstórais a chomhlíonadh agus go gcúlghairtear a stóras, tá roinnt impleachtaí ann, agus tá fiachas a bhí stórasaithe iníoctha láithreach. Sa chás go bhfanann an fiachas gan íoc, beidh sé faoi réir na bpróiseas caighdeánach bailithe na Coimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, cealófar imréiteach cánach an ghnó, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas an ghnó leas a bhaint as tacaíochtaí airgeadais Rialtais amhail an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG).

Sampla léiritheach de choigilteas costais úis i dTrádstóras Fiachais

Cás ->

Fiachas Stórasaithe de €10,000 dlite ó Mhárta 2020

Ráta úis laghdaithe 3% a fhabhraíonn ón 1 Eanáir 2023

Dáta tosaithe chun fiachas stórasaithe a aisíoc 1 Bealtaine 2024

Custaiméir A ag cloí go hiomlán le coinníollacha an stóras

Níl cánacha reatha á gcothabháil ag Custaiméir B agus cúlghairtear é ón stóras i mí Aibreáin 2023.

An 1 Bealtaine 2024, comhaontaíonn an dá chustaiméir Socraíocht Tráthíocaíochtaí (ST) a mhairfidh 8 mí go dtí deireadh an 31 Nollaig 2024 chun fiachas stórasaithe a aisíoc

Is ionann coigilt costais úis do Chustaiméir A agus €1,400 de réir mar a leanann siad orthu ag baint leasa as an stórasú fiachais agus an ráta laghdaithe úis de 3% ar feadh ré an ST

| Cás | Iarmhéid Cánach | Ráta Úis | Tréimhsí Úis | Muirear Úis | Iomlán an Muirear Úis |
|---|-----------------|----------|-------------------------|-------------|-----------------------|
| Custaiméir A - Socraíocht Tráthíocaíochtaí le sochar stórasaithe | €10,000 | 0% | 20/03/2020 - 31/12/2022 | €0.00 | €598 |
| | | 3% | 01/01/2023 - 31/12/2024 | €598 | |
| Custaiméir B - Socraíocht Tráthíocaíochtaí gan sochar stórasaithe | €10,000 | 0% | 20/03/2020 - 31/12/2022 | €0.00 | €1,999 |
| | | 10% | 01/01/2023 - 31/12/2024 | €1,999 | |
| | | | | Difríocht | €1,400 |

Aithníonn na Coimisinéirí loncaim gur féidir le cáiníocóirí nó le gnóthaí deacrachtaí sealadacha sreafa airgid a bheith acu uaireanta a imríonn tionchar ar a gcumas oibleagáidí cánach a chomhlíonadh ar bhonn tráthúil. I gcúinsí den chineál sin, déanann na Coimisinéirí loncaim iarracht oibriú leis an gcáiníocóir chun socrú íocaíochta a aontú leo seachas roghanna forfheidhmithe a úsáid. Tá sé ríthábhachtach go rachadh gnólachtaí a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu i dteagmháil leis na Coimisinéirí loncaim chomh luath agus is féidir. Ní chuirfidh na Coimisinéirí loncaim tús le himeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh i gcásanna go bhfuil idirghníomhaíocht fhiúntach ann agus ina bhfuiltear ag cloí le téarmaí d'aon chomhaontaithe.

Glacann na Coimisinéirí loncaim páirt chuiditheach sa scéim, 'An Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga' (SCARP). Is é aidhm na scéime seo ná chun cabhrú le cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí inmharthana athstruchtúrú a dhéanamh ar a bhfiacha, rud a chintíonn go bhfaigheann creidiúnaithe toradh níos fearr ná mar a bheadh ar fáil dóibh faoi leachtú. Le linn 2022 roghnaigh muid 18 gcinn de na 20 cás SCARP a chuimsigh fiachas na gCoimisinéirí loncaim.

Comhoibriú

Comhoibrímid go héifeachtach le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun imghabháil cánach de gach cineál a chomhrac, lena n-áirítear calaois, smuigleáil agus cineálacha eile coiriúlachta agus chun tacú le cuspoirí trádála agus rialála dlísteanacha agus iad a éascú. Tá samplaí, seachas liosta uileghabhálach, dár gcomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta leagtha amach thíos.

Samplaí dár gComhoibrithe Náisiúnta

- Oibrímid go han-dlúth leis an nGarda Síochána, leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis na Fórsaí Cosanta, agus cuirimid tacaíocht fhrithpháirteach oibríochtúil, faisnéise agus ábhair ar fáil.
- Tá ionchur gníomhach againn don fhreagra náisiúnta chun coiriúlacht eagraithe a chomhrac, lena n-áirítear 17 ball foirne a bheith tugtha ar iasacht don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.
- Glacann muid páirt san Fhóram Maoirseachta ar Dhrugaí, atá faoi threoir na Roinne Sláinte, agus a dhéanann maoirsiú ar fheidhmiú Straitéis Náisiúnta an Rialtais maidir le Drugaí 2017–2025.
- Oibrímid go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun sreabhadh éifeachtúil earraí a éascú tríd ár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt ó thríú tíortha.
- Rinne muid comhordú ar fhorfheidhmiú agus idircheapadh táirgí toirmiscthe agus srianta thar ceann ár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, san Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.
- Comhoibrímid le Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe agus gníomhaireachtaí eile maidir le trádáil mhídhleathach ainmhithe.
- Oibrímid le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le dul i ngleic le neamhchomhlíonadh maidir le dramhaíl comhshaoil.
- Oibrímid go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus le raon Gníomhaireachtaí eile chun faisnéis riosca maidir le gluaiseachtaí paisinéirí a bhailiú agus a scaipeadh trí Aonad Faisnéise Paisinéirí na hÉireann.

- Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le Údarás Sábháilteacha Bia na hÉireann agus le Feidmheannacht na Seirbhíse Sláinte ar an Scéim Táscaire Gheografaigh don Fhuisce agus don Phoitín Éireannach.
- Déanann muid comhoibriú leis an Údarás Slándála Príobháidí (ÚSP) chun faisnéis a mhalartú, de réir an Achta um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004, arna leasú, agus an ACC, 1997 chun tacú le rialú an tionscail slándála príobháidí.
- Oibrímid go dlúth le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar cheisteanna forfheidhmithe corparáideacha agus tá Oifigeach Idirchaidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe faoi Mheamram Gealltanais sínithe.

Samplaí dár gComhoibrithe Idirnáisiúnta

- Oibrímid go dlúth le go leor comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus glacaimid páirt i Meitheal an AE um Fhorfheidhmiú an Dlí-Custam. Tá oifigh tugtha ar iasacht againn do EUROPOL sa Háig, d'Ambasáid na hÉireann sa RA agus don MAOC-N atá lonnaithe i Liospóin agus Buanionadaíocht na hÉireann atá lonnaithe sa Bhruiséil.
- Bímid i ngleic go gníomhach le gníomhaíochtaí an EDC atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann le calaois agus smuigleáil.
- Oibríonn muid go dlúth le His Majesty's Revenue and Customs (HMRC) agus le gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú dlí i dTuaisceart Éireann. Is mó aird atá tugtha ar réimse na calaoise fiosaí ag an Tascfhórsa Idirghníomhaireachta trasdhlínse a bunaíodh faoin gComhaontú um Thús Nua. Faoin gcreat seo, oibrímid le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, an Garda Síochána, HMRC, BSC agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta.
- Táimid ar cheann de na príomhpháirtithe ag an gComhdháil Bhliantúil um Choiriúlacht Trasteorann, ar imeacht chomhoibríoch í idir ionadaithe na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus eagraíochtaí gaolmhara i réimse an chomhraic in aghaidh na coiriúlachta eagraithe ar an dáta thaobh den teorainn.
- Tá muid ag leanúint orainn de bheith i mbun caidrimh le Coimisiún an AE agus le Ballstáit eile AE ar fheidhmiú leanúnach na gcóras Inrianaitheachta agus Gnéithe Slándála do tháirgí tobac, mar a iarrtar faoi dhlí an AE.
- Glacann muid páirt i sainghrúpa Choimisiúin an Aontais Eorpaigh maidir le haisghabháil a dhéanamh ar fhiachas cánach trí chúnamh frithpháirteach arna bhunú le Treoir 24/ 2010 ón gComhairle.
- Táimid ina gcomhaltaí gníomhacha de Chomhthascfhórsa Idirnáisiúnta an OECD ar Faisnéise agus Comhoibriú Comhroinnte (JITSIC) a thugann le chéile 42 de riaracháin náisiúnta cánach an domhain atá tiomanta do bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun déileáil le seachaint cánach. Cuireann JITSIC ardán ar fáil chun cur ar chumas a chomhaltaí comhoibriú go gníomhach laistigh de chreat dlíthiúil coinbhinsiúin éifeachtacha déthaobhacha agus iltaobhacha agus comhaontuithe malartaithe faisnéise cánach chun a dtaithe, a n-acmhainní agus a saineolas a roinnt chun dul i ngleic leis na saincheisteanna coiteanna atá rompu.

In 2022, chuir na Coimisinéirí Ioncaim a gcuspóir chun cinn maidir le bheith ag obair i gcomhar le tíortha beagfhorbartha chun éifeachtacht a riaracháin cánach agus custam a fheabhsú. Rinneadh an obair seo i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Cúnamh Éireann) agus leis an Roinn Airgeadais, mar chuid de bheartas um fhorbairt thar lear na hÉireann "Domhan Níos Fearr",

Is é aidhm na hoibre seo ná chun ranníocaíocht na gcánacha agus na ndleachtanna a mhéadú, i gcomparáid le cabhair, mar fhoinse maoinithe do na tíortha i mbéal forbartha lena mbaineann. Déanaimid iarracht saineolas sonrath ó laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim a mheaitseáil leis na tosaíochtaí atá aitheanta ag tíortha comhpháirtíochta, d'fhonn a gcumas riaracháin cánach a fhorbairt nó a neartú sna réimsí a dtugann siad tosaíocht dóibh. Chun tacú leis an obair seo, glacann na Coimisinéirí Ioncaim páirt ghníomhach i líonraí idirnáisiúnta ar nós Líonra Fothaithe Acmhainní an ECFE.

Glacaimid páirt i gClár Idirnáisiúnta um Dhearbhú Comhlíontachta (ICAP) an ECFE agus i gCur Chuige Lontaobhais agus Comhair na hEorpa (ETACA) de chuid an AE a bhfuil an dá cheann acu dírithe ar rannpháirtíochtaí iltaobhacha agus comhlíonadh cánach deonach a chur chun cinn ar bhonn comhoibritheach idir fhiontair Ilnáisiúnta agus riaracháin chánach sna dlínsí ina n-oibríonn siad.

Gradam Bonn Barr Feabhais – an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí (Támhsuanaigh)

Is Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhorfheidhmiú an Dlí é an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí (Támhsuanaigh), (MAOC (N)), atá lonnaithe i Liospóin. Cuimsíonn sé pearsanra Forfheidhmithe Dlí agus pearsanra Míleata ó sheacht dtír Eorpacha, Éire san áireamh. Sanntar oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus ball den Gharda Síochána go lánaimeartha mar oifigigh idirchaidrimh tíre do MAOC (N) i Liospóin. Is é ról MAOC (N) ná chun gáinneáil neamhdhleathach ar dhruaí ar na farraigí isteach san Eoraip a chosc.

Gach bliain, bronnann MAOC (N) gradam, i bhfoirm boinn, ar dhaoine aonair a léirigh tiomantas urghnách don chomhrac i gcoinne gáinneáil idirnáisiúnta drugaí.

Ag searmanas bronnta MAOC (N) i Liospóin ar an 19 Deireadh Fómhair 2022, bronnadh Bonn Barr Feabhais MAOC (N) ar John Collins, Ceannasaí Cuitéir, Aonad Muirí na gCoimisinéirí Ioncaim, an Rannóg Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann. Bhí ról lárnach ag John i sainaitint an MV Natalia a rinne Údaráis na Spáinne a idircheapadh in 2021 agus mar thoradh air sin gabhadh beagnach 20,000kg de haisis.

Is léiriú an-dearfach é Bonn Barr Feabhais MAOC (N) ar an cion tairbhe idirnáisiúnta a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim sa chomhrac i gcoinne gáinneáil idirnáisiúnta drugaí.



Image courtesy Spain National Police

Drugaí gafa ar bord an MV Natalia

Tacaíochtaí Rialtais a Sheachadadh

Lean deacrachtaí eacnamaíocha agus sóisialta de bharr na paindéime Covid-19 ar aghaidh go dtí 2022. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin leis an tionchar a bhí ag an gcur isteach sin, agus bhí tionchar aige ar ghnóthaí ar fud go leor earnálacha. Lean muid ar aghaidh le ról suntasach a bheith againn i dtacú le gnólachtaí a raibh tionchar acu orthu trí thacaíochtaí ríthábhachtacha an Rialtais a sheachadadh.

Rinneamar ár múnla seachadta seirbhíse a bheachtú tuilleadh, chun cuntas a thabhairt ar riachtanais cáiníocóirí agus ról na n-idirghabhálaithe, trí phróiseas a fhorbairt chun tacú le náisiúnaigh na hÚcráine fostaíocht a thosú in Éirinn. Is éard a bhí i gceist leis na socrúithe seo ná úsáid faisnéise ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus clárú uathoibríoch na dteifeach sin atá ag dul i mbun oibre mar fhostaithe ÍMAT. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh na daoine seo tús a chur lena bhfostaíocht láithreach agus laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann teagmháil a dhéanamh lenár seirbhísí tacaíochta.

Ina theannta sin, forbraíodh comhairle go sonrach do náisiúnaigh Úcránacha atá ag tosú i bpost in Éirinn dár suíomh idirlín faoi "Imeachtaí saoil agus cúinsí pearsanta" agus "Bogadh go hÉirinn nó bogadh ó Éirinn". Tá an treoir seo ar fáil i mBéarla, Úcráinis agus Rúisis.

Lean muid ag riar roinnt príomhscéimeanna tacaíochta Covid-19 thar ceann an Rialtais, lena n-áirítear an Scém Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) agus an Scém Stórasaithe Fiachais (SSF). Chuir ár gcaidreamh oibre láidir agus seanbhunaithe leis an Roinn Airgeadais ar ár gcumas tacaíochtaí nua gnó agus athruithe ar thacaíochtaí gnó reatha a sheachadadh, go minic ag luas agus mar fhreagra ar chúinsí athraitheacha eacnamaíocha. Ní fhéadfadh muid é a dhéanamh gan comhoibriú na bpríomh-gheallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear forbróirí bogearraí párolla, fostóirí, gairmithe párolla, cleachtóirí cánach, comhlachtaí cuntasáochta agus eagraíochtaí ionadaíochta gnó.

In 2022, ba bheag nár chríochnaigh muid ár gclár seiceálacha comhlíontachta ar na fostóirí go léir a fuair fóirdheontais phá faoi Scém Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) chun a dheimhniú gur chomhlíon siad na critéir incháilitheachta agus, go ríthábhachtach, gur íocadh an t-airgead a bhí i gceist i gceart le fostaithe. Dheimhnigh na seiceálacha seo leibhéal ard comhlíontachta leis an scém, agus ceanglaíodh ar thart ar 1,936 fostóir fóirdheontais a aisíoc go hiomlán nó go páirteach, arb ionann é agus thart ar 2.8% d'iomlán na bhfostóirí a fhaigheann tacaíocht ón scém.

Shainnithin cleachtadh réitigh SFSP dliteanas comhiomlán €308 milliún, ar bhain a bhformhór le hidirthrémhse na scéime trínar íocadh coibhéis €410 sa tseachtain le fostóirí do gach fostaí incháilithe don chéad 6 seachtaine den scém. Chiallaigh sé seo go bhfuair mórán fostóirí íocaíocht fóirdheontais a bhí os cionn an fhóirdheontais a bhí dlite de cheart. Amhail an 31 Nollaig 2022, aisíocadh €263 milliún de ró-íocaíochtaí SFSP, tá €40 milliún san áireamh sa stóras fiachais chánach, tá €6.7 milliún á achomharc agus tá €5 milliún eile ar fáil lena bhailiú.

Mar chuid de Bhuiséad 2022, d'aontaigh an Rialtas todhchaí an **SFPF** lena n-áirítear a straitéis scoir chéimnithe a raibh reachtaíocht ina leith san Acht Airgeadais 2021. Ina theannta sin, mar thoradh ar shrianta nua sláinte poiblí a tugadh isteach le héifeacht ón 20 Nollaig 2021, athosclaíodh an scém. Ba é cuspóir an bhirt seo ligean d'fhostóirí áirithe a raibh tionchar ag na srianta sin orthu, nár cháiligh don SFPF faoi na critéir incháilitheachta reatha, iarratas a dhéanamh ar athiontráil sa scém ón 1 Eanáir 2022. Chuaigh breis is 460 fostóir isteach sa scém arís mar thoradh ar an mbeart seo.

D'éiligh 23,287 fostóir íocaíochtaí comhlána SFPF de €804.7 milliún do 2022 i leith 326,449 fostaí. De réir na reachtaíochta ábhartha, d'fhoilsigh muid liosta d'ainmneacha agus seoltaí na bhfostóirí uile a chláraigh don scém agus a fuair íocaíochtaí faoin SFPF in 2021 agus 2022 ar

ár suíomh idirlín.

Chun sláine an SFPF a chosaint, thugamar faoi chur chuige ilghnéitheach maidir le seiceálacha comhlíontachta. D'áirigh sé seo seiceáil córasach agus fíor-ama ar tíolacthaí párolla ó fhostóirí a bhaineann leas as an scéim agus crostagairt a dhéanamh ar shonraí éilimh i gcoinne foinsí sonraí eile chun aimhrialtachtaí nó treochothaí a dteastaíonn aird uathu a aithint. Áiríodh leis na nósanna imeachta seiceála fíor-ama, teagmháil le fostóirí chun réiteach tráthúil saincheisteanna a chinntiú. I gcás inarb iomchuí, rinneadh idirghabháil riosca trí obair leantach a dhéanamh de réir an Chóid Chleachtas um Iniúchóireacht agus Idirghabhálacha Comhlíontachta Eile nó Cód Cleachtas um Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

I mí Iúil 2022, thugamar cuireadh do thart ar 42,500 fostóir nár sholáthair doiciméid incháilitheachta iomlána roimhe seo agus a fuair íocaíochtaí fóirdheontais féin-athbhreithniú deiridh a dhéanamh ar a n-incháilitheacht SFPF do gach tréimhse den scéim. Déileáladh le haon ró-éilimh a shainaithin fostóirí faoin 30 Meán Fómhair 2022 gan ús ná pionóis a ghearradh, agus áiríodh dliteanais dhearbhair sa Stóras Fiachais do na fostóirí sin a cháiligh don SSF.

Faoi dheireadh 2022, bhí €2.37 billiún d'fhiachas cánach stórasaithe do 68,609 gnó.

Chomh maith leis sin, chabhraigh muid leis an Roinn Airgeadais an creat reachtaíochta don **Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG)** a sholáthar agus a riar. Is tacaíocht spriocdhírthe atá sa scéim, a dearadh chun tacú le gnóthaí leis an méadú suntasach i gcostais fuinnimh de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin. Chuaigh an SSTFG beo le haghaidh clárúcháin ar ár dtairseach ríomhchlárúcháin ROS ar an 26 Samhain 2022, leis an bpróiseas éileamh ag teacht ina dhiaidh sin ar thairseach ríomh-Aisíocaíochtaí ROS ar an 5 Nollaig 2022. Chuireamar tús le próiseáil íocaíochtaí atá dlite do ghnóthaí tar éis achtú an Achta Airgeadais 2022, agus fuair gnóthaí íocaíochtaí ón 22 Nollaig 2022 ar aghaidh.

Tacaíonn an scéim le gnóthaí atá comhlíontach ó thaobh cánach, a bhfuil trádáil nó gairm ar siúl acu, maidir le costais fuinnimh a bhaineann leis an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2023. Is ionann an íocaíocht atá ar fáil do thréimhsí éilimh ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 28 Feabhra 2023 agus 40% den mhéadú ar bhíllí fuinnimh gnólachtaí idir an "tréimhse éilimh" (mí féilire ó Mheán Fómhair 2022 go Feabhra 2023) agus an "tréimhse thagartha" (an mhí féilire chomhfhreagrach sa bhliain roimhe sin). De ghnáth bíonn íocaíochtaí don tréimhse seo faoi réir uasteorainn mhíosúil €10,000 in aghaidh na trádála nó na gairme. Is ionann an íocaíocht atá ar fáil do thréimhsí éilimh ón 1 Márta 2023 go dtí an 31 Bealtaine 2023 agus 50% den mhéadú ar bhíllí fuinnimh gnólachtaí idir an "tréimhse éilimh" agus an "tréimhse thagartha" agus de ghnáth bíonn siad faoi réir uasteorainn mhíosúil €15,000 in aghaidh na trádála nó na gairme.

Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí 8,849 gnó cláraithe don scéim agus faomhadh €6.6 milliún in íocaíochtaí SSTFG i leith 2,984 éileamh.

Chun tacú le gnóthaí tuiscint a fháil ar an SSTFG, reáchtáil muid seimineár gréasáin beo idirghníomhach ar an 14 Nollaig 2022 inar tugadh míniú cuimsitheach sothuigthe ar an scéim, agus léiriú ar an gcaoi le clárú agus éileamh a dhéanamh ar ROS. Rinneadh taifeadadh ar an seimineár gréasáin seo agus tá sé ar fáil ar ár suíomh idirlín. Ina theannta sin, tá treoirínthe cuimsitheacha ann, treoir "Do Bhille a Thuiscint" agus áireamhán ar líne ar an suíomh idirlín chun tuilleadh cabhair a thabhairt do ghnólachtaí leas a bhaint as an scéim.

Ag Dul i mBun na hOibre

Líon Foirne 2022



841

Foirne ceaptha

6,851

Buanfhoireann ag deireadh na bliana

Éagsúlacht, Uilechuimsitheacht agus Folláine



Revenue

Aithníonn muid agus tá meas againn ar an éagsúlacht agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú.

Revenue



Tacaíonn ár gclár folláine 'RevWell' lenár bhfoireann chun a meabhairshláinte a choimeád.

Oiliúint & Forbairt



63,778

Lá Oiliúna


89

Cáilíochtaí 3ú leibhéal OL bronnta

142

Cáilíochtaí gairmiúla cánach ITI bronnta

Cothromaíocht Inscne - Baineannaigh ag Leibhéal Bhainistíochta



50%

Rúnaí Cúnta

61%

Príomhoifigeach

57%

Príomhoifigeach Cúnta

55%

Oifigeach Riaracháin / Ardoifigeach Feidhmiúcháin

In iomlán **61%** is mná iad foireann na gCoimisinéirí Ioncaim

Deimhniúchán Inmheánach Theicneolaíocht Faisnéise



ISO 27001

Deimhniúchán Bhainistíocht na Slándála TF

ISO 22301

Deimhniúchán TF

ISO 20000

Bainistíocht Seirbhíse TF

ISO 29119

Innealtóireacht Bogearraí agus Córais TF

Ag Dul i mBun na hOibre: Ár nDaoine agus ár Struchtúir

Leanaimid de bheith ag infheistiú inár ndaoine chun a scileanna agus ár gcumas iomlán mar eagraíocht a fhorbairt. Cuirimid sábháilteacht agus folláine ár bhfoireann i gcroílár ár gcur chuige, ag baint amach ár bhfís le bheith mar fhostóir de rogha dár bhfoireann reatha agus d'earcaigh nua ionchasacha araon.

Tá ár n-éifeachtúlacht maidir le tacú leis an gcomhlíontacht agus dul i ngleic leis an neamhchomhlíontacht ag brath ní hamháin ar ár n-infheistíocht leanúnach sa teicneolaíocht, ach freisin ar úsáid earcaíochta spriocdhírthe, infheistíocht leanúnach inár ndaoine agus cultúr láidir rialachais agus cuntasachta mar aon leis an aclaíocht in ár struchtúir.

Is eagraíocht mhór muid a bhfuil **beagnach 7,000 ball foirne inti ag obair i mbreis agus 30 láthair ar fud na tíre**. Feictear dúinn go bhfuil sé ríthábhachtach dár n-éifeachtacht go leanann ár struchtúr agus ár bhfoireann araon de bheith lúfar, athléimneach agus freagrúil. Is gnéithe ríthábhachtacha iad scileanna, cumas agus gairmiúlacht ár ndaoine, solúbthacht ár struchtúir agus ár gcumas leanúnach leas a bhaint as nuálaíocht i dteicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó, a mbíonn mar bhonn taca faoin rath atá againn maidir lenár ról a chomhlíonadh agus ár spriocanna a bhaint amach.

Cothaíonn na Coimisinéirí loncaim timpeallacht oibre dhearfach agus shásúil trí rannpháirtíocht fhiúntach agus trí fhócas láidir a choinneáil ar fholláine, éagsúlacht agus cuimsiú. Aithnímid chomh maith an gá cur go leanúnach lenár gcumas, lena n-áirítear na scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus teicniúla atá de dhíth sa lá atá inniu ann agus le haghaidh na ndúshlán athraitheacha eagraíochtúil amach anseo.

Ní raibh sé riamh níos soiléire ná le dhá bhliain anuas go gcuireann ár lúfaireacht ar ár gcumas dul in oiriúint go tapa do thimpeallachtaí athraitheacha. Tá muid ag leanúint dár struchtúir a fhorbairt, a athrú agus a bheachtú le cinntiú go n-ailínítear ár n-acmhainní le riosca agus go gcuireann muid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíontacht i measc cáiníocóirí.

Ár nDaoine

Tá solúbthacht, athléimneacht agus gairmiúlacht ár ndaoine ríthábhachtach do gach rud a bhainimid amach. Ag deireadh 2022, bhí 6,851 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí loncaim, arb ionann é agus 6,635 coibhéis lánaimseartha. Déanaimid infheistíocht leanúnach inár ndaoine ionas go mbeimid in ann freagairt go héifeachtach do na dúshlán atá ann cheana féin agus do na dúshlán atá ag teacht chun cinn, d'athruithe ar iompar cáiníocóirí agus d'athruithe sa timpeallacht ghnó agus eacnamaíoch.

Bainimid úsáid as **earcaíocht spriocdhírthe** lena chinntiú go dtógaimid agus go gcoimeádaimid acmhainn inmheánach, tallann, ceannaireacht agus go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta againn. Le linn 2022, cheap muid 841 ball foirne ag gach grád ó chomórtais earcaíochta oscailte, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil (TLAC).

Chuimsigh siad seo: Chuimsigh siad seo: 1 Coimisinéir, 7 bPríomhoifigeach, 47 Príomhoifigeach Cúnta, 10 nDlíodóirí, 76 Oifigeach Riaracháin, 19 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 233 Oifigeach Feidhmiúcháin, 447 Oifigeach Cléireachais agus 1 Oifigeach Seirbhísí.

I bhfianaise na dtimpeallachtaí a bhíonn de shíor ag athrú, agus rioscaí oibriúcháin atá ag teacht chun cinn chomh maith leis an gcaillteanas taithí mar gheall ar bhaill foirne ag dul ar scor, leanaimid ar aghaidh ag tacú lenár ndaoine agus ag cur ar a gcumas feidhmiú go dtí

na leibhéil is airde trí raon de **chláir forbartha scileanna agus cumais**. Cinntíonn sé seo go bhfanann ár mbaill foirne, agus ár struchtúir, inoiriúnaithe agus solúbtha.

Cuireann muid réimse cuimsitheach clár oiliúna teicniúla cánach agus custam riachtanas-bhunaithe ar fáil agus tá réimse clár creidiúnaithe go seachtrach againn chomh maith le modúil oiliúna inmheánacha aonair. Áirítear leis an oiliúint clár oiliúna teicniúla chun tacú le seirbhís do chomhlíontacht agus chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht. Cuireann muid raon cuimsitheach scileanna oiliúna, ceannaireachta, bainistíochta boga ar fáil freisin chun scileanna, cumas agus gairmiúlacht ár bhfoireann a fhorbairt agus chun tacú leo.

In 2022, cuireadh breis agus **63,778 lá oiliúna** ar fáil d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim (Tábla 24). Leanann muid de shamhail foghlama chumaisc a fhorbairt agus a leathnú, a chuimsíonn foghlaim fhéinbhainistithe, ríomhfhoghlaim, ábhar traenála taifeadta agus ranganna fíorúla agus i bpearsa.

Leanann Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim (RTB) ar aghaidh ag forbairt agus ag soláthar réimse tacaíochtaí oiliúna a chuimsíonn ár bpunann leathan eagraíochtúil. Mar shampla, cuireadh oiliúint ar an gCreat nua Idirghabhála Comhlíontachta i bhfeidhm ar bheagnach 1,800 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis é a thabhairt isteach i mí na Bealtaine 2022. Forbraíodh ábhar agus ceardlanna oiliúna saincheaptha Cánach Corparáide, Cánacha Caipitiúla, CBL agus treoir reachtach i gcomhar le saineolaithe ábhair inmheánacha agus cuireadh ar fáil don eagraíocht i gcoitinne iad. I rith na bliana, chláraigh 154 mac léinn chun ár gClár tiomnaithe um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur i gcrích a chlúdaíonn modúil i gCánacha Pearsanta agus Cáin Ioncaim agus Párolla, mar aon le scileanna riachtanacha seirbhíse do chustaiméirí. Tá an clár deartha chun tacú le baill foirne nuacheaptha agus reatha atá sannta do róil seirbhíse do chustaiméirí agus tacaíochta comhlíontachta.

In 2022, chríochnaigh 163 earcach nua ár gClár Éascaithe Trádála, agus fuair 118 earcach nua ár n-oiliúint forfheidhmithe. Ina theannta sin, chríochnaigh 1,891 ball foirne oiliúint chustaim, mháil agus forfheidhmithe eile i rith 2022. I mí Mheán Fómhair 2022, dearadh agus seachadadh sainoiliúint shaincheaptha maidir le Scrúdú Idirnáisiúnta Coimeádán i gcomhpháirtíocht le Riarachán Custam na hÍsiltíre agus RTB.

Cé go raibh gá le hoiliúint rangbhunaithe a chur ar fionraí ó thús mhí an Mhárta 2020 agus i rith 2021 de bharr Covid-19, tháinig oiliúint rangbhunaithe ar ais in 2022. Leanann muid de leas a bhaint as cuid mhaith den mhéid a d'fhoghlaim muid ó chur chuige iomlán fíorúil le dhá bhliain anuas, chun samhail foghlama chumaisc de sheachadadh oiliúna atá lúfar agus solúbtha a chruthú. Tá muid ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i ríomhfhoghlaim, foghlaim fhéinbhainistithe ar éileamh, tacaíochtaí hibrideacha lena n-áirítear seomraí ranga fíorúla, mar aon lenár bhfoireann a uasoiliúint i bpríomhscileanna forbartha amhail meantóireacht agus cóitseáil. Bhí athbhunú na hoiliúna rangbhunaithe incriminteach i rith 2022 agus dhírigh sé ar chláir a bhfuil gné phraiticiúil, oiliúint córais agus forbairt cheannaireachta acu.

Leanann muid dár **gcomhpháirtíochtaí oideachais** láidre le hOllscoil Luimnigh (OL) agus le *Foras Cánachais na hÉireann (FCÉ)* a chothú, a chabhraíonn linn riachtanais forbartha ár bhfoirne a aithint agus a fhreagairt agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil trína bhfeabhsaítear mioneolas teicniúil, scileanna agus gairmiúlacht ár bhfórsa saothair.

In 2022, bhronn Ollscoil Luimnigh **89 cáilíocht tríú leibhéal** ar mhic léinn na gCoimisinéirí Ioncaim. I measc na gcáilíochtaí, bhí Dioplóma sa Chánachas Feidhmeach, BA (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach, Teastais Custam agus Máistreacht sa Riarachán Gnó (MBA). Lena chois sin, bronnadh Foras Cánachais na hÉireann 142 cáilíochtaí gairmiúla cánach ar ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. I measc na gcáilíochtaí bhí Dioplóma sa Cháin chomh maith le Teastais na gCoimisinéirí Ioncaim i mBunphrionsabail Cánach Ioncaim agus Párolla, CBL agus Cánacha Indíreacha Eile, Cánacha Caipitiúla agus Cáin Chorparáide (Táblaí 25 agus 26).

Searmanais Bhronnta agus Bronnadh Céime na Mac Léinn



I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhreastail foireann na gCoimisinéirí loncaim ar Dhámhachtainí na hEagraíochta Domhanda Custam (WCO) ag searmanas i nGarraithe Náisiúnta na Lus, tar éis dóibh Teastas Staidéir Ollscoil Luimnigh (OL) creidiúnaithe i gCustam a chríochnú go rathúil, mar chuid den ghrúpa 2020/2021



I mí na Samhna 2022, d'fhreastail foireann na gCoimisinéirí loncaim ar shearmanas bronnta Foras Cánachais na hÉireann (ITI) i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) tar éis dóibh cáilíocht an Teastais Cánach loncaim agus Párolla a chríochnú go rathúil.



I mí Eanáir 2023, bhailigh foireann na gCoimisinéirí loncaim in OL chun bronnadh na gcéimeanna a cheiliúradh ó 2020 go dtí 2022 i gclár staidéir lena n-áirítear an Dioplóma i Riaracháin Chánach Fheidhmeacha, Céim Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach agus an Máistreacht Fheidhmiúcháin i Riarachán Gnó

Chuir muid ár **gclár forbartha pearsanta agus gairmiúla leanúnaí (FPGL)** in oiriúint tuilleadh in 2022, chun deiseanna níos fearr a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt inniúlachtaí i dtimpeallacht oibre cumaisc. Rinneadh na cúrsaí atá ann cheana a nuashonrú, agus forbraíodh líon mór cúrsaí nua trí chomhoibriú fairsing tras-rannóige. Tá na cúrsaí seo ar fáil don fhoireann trí chlár oiliúna struchtúrtha agus trí ranganna teagaisc ríomhfhoghlama, ag cinntiú gur féidir leis an bhfoireann leas a bhaint as samhail seachadta díreach-in-am anois. Tá roghanna éagsúla maoinithe fós ina thaca breise dár bhfoireann a mbíonn cáilíochtaí aitheanta gairmiúla agus acadúla 3ú leibhéal ina dtoradh orthu.

Is cuid lárnach é an **Córas Bainistíochta 'OneLearning' (LMS)** den Athnuachan Státseirbhíse agus tá sé mar bhonn taca do Straitéis Daoine na Státseirbhíse agus dár Straitéis Acmhainní Daonna féin. Trí ardán dhigiteach na gCoimisinéirí Ioncaim One Learning LMS, tá teacht ag ár bhfoireann ar shraith chuimsitheach cúrsaí oiliúna agus tháinig níos mó ná méadú faoi dhó ar líon na gcúrsaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá ar fáil ar OneLearning le linn na bliana. Tá rochtain díreach le fáil tríd an ardán seo ar réimse méadaitheach de mhodúil r-fhoghlama na gCoimisinéirí Ioncaim. Ó thairseach deisce, féadann an fhoireann clárú ar réimse de roghanna foghlama agus forbartha, scileanna boga agus oiliúint TCF san áireamh. Éascaíonn an córas riarachán, rianú agus tuairisciú ar ghníomhaíocht oiliúna eagraíochtúil freisin.

Ag teacht le fíis *Athnuachan na Státseirbhíse 2024* chun gairmiúlacht AD a mhéadú sa Státseirbhís, moltar dár bhfoireann a gcumas agus a scileanna i gcleachtas AD a fheabhsú. In 2022, bhronn an Foras Riaracháin (IPA) agus an Institiúid Chairte um Fhorbairt Phearsanta (CIPD) Teastais ar 11 ball foirne agus Dioplóma sa Chleachtas Acmhainní Daonna ar 3 ball foirne.

Príomhthosaíocht Chorpáraideach do na Coimisinéirí Ioncaim in 2022 ab ea socrúithe oibre solúbtha nua a chur i bhfeidhm chun comhtháiteacht agus cumas eagrúcháin a chinntiú, maraon le feidhmíocht eagraíochtúil den chéad scoth a chur ar fáil, agus ag an am céanna feabhas a chur ar fholláine agus ar shaol oibre ár ndaoine. Bhí cur i bhfeidhm socrúithe **Oibre Cumaisc** sna Coimisinéirí Ioncaim mar chuid lárnach den phróiseas sin.

Trí leanúint ar aghaidh ag cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus na héifeachtúlachtaí a baineadh amach le trí bliana anuas, tá leas bainte amach againn as ár réitigh teicneolaíochta chun seachadadh ár gcroí-ghnó a fheabhsú. Thug sé seo deis dúinn timpeallacht oibre a éascaíonn meascán d'obair ar an láthair agus go fóirúil a chruthú.

Seoladh **Beartas Oibre Cumaisc** na gCoimisinéirí Ioncaim ar an 5 Meán Fómhair 2022. Ligeann an polasaí do na Coimisinéirí Ioncaim glacadh go hiomlán leis na deiseanna dár bhfoireann agus dár gcustaiméirí a thairgtear trí shocrúithe oibre cumaisc agus chun cur leis na heispéiris dhearfacha oibre a cuireadh ar fáil le linn na dt trí bliana roimhe sin. Tá na socrúithe oibre cumaisc ailínithe le riachtanais ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim agus le seachadadh ár Misin agus ár dTosaíochtaí Corparáideacha

Tá os cionn 5,400 ball foirne (79%) ceadaithe le haghaidh socrúithe oibre cumaisc. Roghnaigh thart ar 1,400 ball foirne gan iarratas a dhéanamh nó níl siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc mar gheall ar nádúr riachtanach ar an láthair a róil, mar shampla foireann ag obair ar fhorghníomhú teorainneacha. Tá roghanna oibre cumaisc éagsúla ar fáil don fhoireann, a bhaineann an chothromaíocht riachtanach amach idir riachtanas eagraíochtúil agus gnó agus riachtanas pearsanta. Chuidigh an cur chuige seo i leith obair chumaisc lenár bhfoireann cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach agus tacaíonn sé le cuspóir na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ina 'rogha fostóra'.

Brian Corban – Oifigeach Cléireachais



An Rannóg Custam

Sular thosaigh mé ag obair leis na Coimisinéirí loncaim i mí Eanáir 2022, d'oibrigh mé sa tionscal foirgníochta ar feadh 17 mbliana, agus le linn na tréimhse seo chuaigh mé ar ais chuig an gcoláiste chun Céim sa Bhainistíocht Foirgníochta a chríochnú mar mhac léinn aibí agus rinneadh Innealtóir/ Bainisteoir Sibhialta Láithreáin díom.


Le linn na paidéime thosaigh mé ag déanamh athsmoineamh ar mo rogha gairme de bharr go raibh mé nuaphósta agus bhí teaghlach óg agam. Níor oir sé dom féin ná do mo theaghlach i ndáiríre a bheith ag obair uaireanta fada oibre agus a bheith as baile. Mhol comhghleacaí an Státseirbhís dom le hobair ann mar gur áit iontach chairdiúil a thacaíonn le teaghlach a bhí ann agus mar sin chuir mé isteach ar ról an Oifigigh Chléireachais.

Sannadh mé d'aonad Údaruithe agus Faoisimh na Rannóige Custam in Aonach, Co. Thiobraid Árann. Tá an ról féin dúshlánach agus baineann sé le saincheistanna casta maidir le faoisimh chustaim a bhainistiú i leith trádáil idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach agus an méadú ar údaruithe custaim mar thoradh ar an mBreathimeacht.

Ó mo chéad lá tugadh tacaíocht iontach dom ó mo chomhghleacaithe, ní hamháin i m'aonad féin ach ar fud na Rannóige agus na heagraíochta ar bhonn níos forleithne. Fuair mé amach go dtuigeann an Rannóg Custam an gá atá le cúrsaí oiliúna, agus bhain mé tairbhe as oiliúint iontach sa phost chomh maith le hoiliúint inniúlachta ar leith tríd an tairseach oiliúna One Learning. Tá an sean-nath 'bíonn gach lá ina lá scoile' fíor go háirithe sa Rannóg seo.

Tá mé ag baint taitneamh as an ról atá agam faoi láthair agus ó mo thaithí féin is rud an-dearfach é an t-athrú ón earnáil phríobháideach go dtí an earnáil phoiblí. Cuireann mo ról nua ar mo chumas dúshlán a thabhairt dom féin agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bheith agam ag an am céanna agus cuireann sé ar mo chumas páirt a ghlacadh i mo spéiseanna spóirt sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine agus am ardchaighdeáin a chaitheamh le mo theaghlach, rud nach bhféadfainn a shamhlú riamh i mo shaol oibre roimhe seo.

Kate McDermott – Oifigeach Feidhmiúcháin



Rannóg na gCánacha Pearsanta

Thosaigh mé leis na Coimisinéirí loncaim i mí Feabhra 2018 mar Oifigeach Cléireachais in ÍMAT. Roimhe sin d'oibrigh mé in earnáil fáilteachais agus d'fhás mé aníos i ngnóthas faoi úinéireacht teaghlach.

Sular chuir mé tús le m'fhostaíocht leis na Coimisinéirí loncaim, ní raibh mórán cur amach agam ar an gcánachas agus bhí imní orm faoin mhéid a mbeifí ag súil leis uaim. Mar sin féin, chuir an oiliúint a chuir Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí loncaim agus an Fhoras Cánachais na hÉireann (FCÉ) ar fáil, mar aon le meantóireacht a chuir comhghleacaithe ar fáil i Áras na gCoimisinéirí loncaim, m'intinn ar mo shuaimhneas go tapa agus chuir sé ar mo shuaimhneas mé go raibh mé ar an mbealach ceart.


Cosúil le roinnt de mo chomhghleacaithe, d'athraigh mo ról go mór thar oíche mar thoradh ar ar an bpaindéim COVID-19 agus muid ag bogadh ó obair oifig-bhunaithe go cianobair. Cé go raibh an éiginnteacht agus an dianghlasáil dúshlánach, bhí sé de dhualgas orm glaonna a fhreagairt agus dearbhú a thabhairt go stuama do bhonn custaiméara a raibh imní orthu faoi chánachas a n-íocaíochtaí COVID-19 agus an chaoi a mbaileofaí gearriocaíochtaí, más ann dóibh.

Le linn an ama seo nach bhfacthas riamh cheana, thapaigh mé an deis clárú i gcúrsa Teicneora Cánach ITI agus fuair mé mo Cháilíocht Teicneora Cánach ITI iomlán, ag déileáil leis an obair, an staidéar agus saol an bhaile go cothrom ó shin.

Tugadh ardú céime dom le déanaí mar Oifigeach Feidhmiúcháin san Aonad Achomhairc i Rannóg na gCánacha Pearsanta. Is breá liom an dúshlán a bhaineann le mo ról reatha, mar tá go leor obair imscrúdaithe ar siúl feicim cás tríd go dtí an deireadh. Feictear cás difriúil gach lá agus bainim taitneamh as an dúshlán a thugann an éagsúlacht seo.

Táim dírithe ar ghairm bheatha laistigh de na Coimisinéirí loncaim, agus is féidir liom go leor deiseanna a fheiceáil dom féin amach anseo. Is iontach an tacaíocht don fhéinfhoghlaim trí úsáid a bhaint as tairseach ar líne an Bhrainse Oiliúna, oiliúint ónár bhfoireann inti agus cabhair agus treoir ón bhfoireann agus ó bhainisteoirí agus gan an tacaíocht seo bheadh mo chuid ama sna Coimisinéirí loncaim an-difriúil.

Robert Mackey – Ardoifigeach Feidhmiúcháin




Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Dheireadh Fómhair 2015 mar Oifigeach Cléireachais tar éis dom iarratas a dhéanamh ar chomórtas tríd an tSeirbhís um Coinní Poiblí agus sannadh mé don Aonad Earcaíochta sa An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha (RSC). Sular thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim, bhí mé ag staidéar le bheith i mo mhúinteoir Tíreolaíochta agus mé ag obair go páirtaimseartha i siopa nuachtán áitiúil. Ar ndóigh, ní raibh aon taithí agam ar earcaíocht ná ar AD ach a bhuíochas le hoiliúint iontach sa phost agus le tacaíocht ó mo bhainisteoir líne agus ó chomhghleacaithe, bhí mé in ann uas-sciliú agus cur le m'eolas ar Acmhainní Daonna na Státseirbhíse.

Ó thosaigh mé, tá tairbhe agus meas agam freisin ar thiomantas láidir na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hinfeistiú a dhéanamh ina bhfoireann agus cuireadh iliomad deiseanna féinforbartha ar fáil dom. Laistigh de mo chéad dhá bhliain chríochnaigh mé dhá theastas AD leis an Institiúid Chairte um Fhorbairt Phearsanta agus le déanaí chríochnaigh mé Diplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna leis an bhForas Riaracháin, le tacaíocht ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Bhí an t-ádh orm gur tugadh ardú céimhe dom faoi dhó ó thosaigh mé agus go raibh mé in ann fanacht i Rannóg Seirbhísí Corparáideacha le freagrachtaí éagsúla a thug deis dom m'eolas a leathnú. Sa ról atá agam faoi láthair, táim i gceannar ar fhoireann le freagracht as comórtais inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim a bhainistiú i measc dualgais eile. Go dtí seo le linn mo ghairm bheatha, d'oibrigh mé ar go leor tionscadal dúshlánach agus éagsúil, agus ag gach céim bhain mé leas as treoir agus meantóireacht ó chomhghleacaithe iontacha. Tá a fhios agam go leanfar orm ag cur deiseanna ar fáil dom forbairt phearsanta agus ghairmiúil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus tá mé ag tnúth le gairm fhada thairbheach san eagraíocht.

Ann Leonard – Príomhoifigeach Cúnta



Rannóg na gCorparáidí Móra

Sular thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim, d'oibrigh mé i mbainc infheistíochta i réimse na ngníomhaíochtaí corparáideacha ar feadh 10 mbliana. Bhí an obair suimiúil ach bhí sé tar éis éirí beagán athráiteach agus gnáthamh, agus mar sin bhí a fhios agam go raibh athrú gairme de dhíth orm. Theastaigh uaim ról a bheadh dúshlánach agus éagsúil agus a chomhlánódh mo chur chuige anailíseach i leith réiteach fadhbanna. Ba chosúil gurbh é cáin an rogha ab fhearr, agus mar sin chláraigh mé ar an gcúrsa Comhairleoir Cánach Cairte (CTA) le Foras Cánach na hÉireann.

I mí Eanáir 2020 chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí Ioncaim mar Oifigeach Feidhmiúcháin agus thug mé faoi chlár cuimsitheach oiliúna 4 mhí. Cé gur chiorraigh paidéim COVID-19 ár n-oiliúint i bpearsa, bhí beagnach 2 mhí caite agam cheana féin sa chlár oiliúna agus bhí líonra iontach curtha le chéile agam a bhféadfainn teagmháil a dhéanamh leo chun cabhair a fháil, nó fiú beagán idirghníomhaíochta sóisialta.

Sannadh mé do Bhrairse na nEolaíochtaí Beatha sa Rannóg na gCorparáidí Móra, a fhéachann ar na gnóthaí cánach do na cáiníocóirí is mó in Éirinn a dhéileáil le cógaisíocht, bitheolaíochta agus feistí leighis. Bhí mé in ann m'eolas teicniúil cánach a chur i bhfeidhm láithreach agus bhí baint agam le roinnt tionscadal laistigh de mo chéad bhliain, go háirithe, For-rochtain Breatimeachta, Scéim Fóirdheontas Sealadach Pá agus Tuairisciú Thír de réir Tíre.


Fógraíodh comórtas oscailte do Phríomhoifigeach Cúnta sna Coimisinéirí Ioncaim 18 mí tar éis dom dul isteach san eagraíocht agus mhol mo bhainisteoir agus mo Phríomhoifigeach dom iarratas a dhéanamh, i bhfianaise mo thaithí bainistíochta san earnáil phríobháideach, cáilíocht CTA agus eolas méadaitheach na gCoimisinéirí Ioncaim. Tugadh ardú céime dom i mí na Samhna 2021 agus bhí mé in ann fanacht laistigh de Bhrairse na nEolaíochtaí Beatha i ról iniúchta agus comhlíontachta.

Tá méadú tagtha ar m'eolas ar an mbonn cásanna inár mbrainse in éineacht le mo thuiscint ar cháin, agus ar fheidhmiú na gCoimisinéirí Ioncaim. Níl aon dhá lá mar an gcéanna agus cé go bhfuil an obair dúshlánach tá neart tacaíochta ó chomhghleacaithe laistigh de mo Bhrairse agus ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim ina iomláine.

Ita Foster – Príomhoifigeach

An Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha

Thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Oifigeach Riaracháin in 2005, tar éis dom a bheith ag obair roimhe seo mar Oifigeach Cléireachais agus Feidhmiúcháin sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar feadh 6 bliana. Le linn dom a bheith ag obair sa Roinn seo, cuireadh i láthair dhom na deiseanna féinforbartha agus na féidearthachtaí maidir le dul chun cinn gairme laistigh den Státseirbhís agus fuair mé urraíocht chun céimeanna Baitsiléir agus Máistreachta a dhéanamh sa bhainistíocht phoiblí.



Ba é an Brainse Beartais agus Reachtaíocht Cánacha, Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Indíreacha mo chéad sannadh sna Coimisinéirí Ioncaim. Gan a bheith ag obair i gcúrsaí cánach riamh roimhe seo bhí an obair scanrúil ar dtús agus uaireanta dúshlánach, ach éagsúil, spreagúil agus i gcónaí suimiúil. I measc roinnt buaicphointí ón sannadh seo tá a bheith in do bhall den Fhoireann Tionscadail um Athbheithniú Maoine, reachtaíocht a dhréachtú do Bhillí Airgeadais agus Rialacháin agus Treoracha an AE a thrasú, ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann ag cruinnithe an AE agus a bheith mar chuid d'fhoireann CBL Uachtaránachta na hÉireann. Fuair mé an deis freisin dhá thionscadal a threorú, an Scéim Corrlaigh do Ghníomhairí Taistil agus an Córas Leictreonach Aisíocaíocht CBL.

Lean mé le m'oidéachas a chur chun cinn agus chríochnaigh mé Máistreacht san Eolaíocht Eacnamaíoch in Anailís Polasaí agus Ard-Diplóma i nDréacht Reachtaíochta arna urrú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bhain mé an-tairbhe freisin as a bheith ag obair le comhghleacaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a roinn a dtaithí agus a gcuid ama go fial.

In 2013, tugadh ardú céime dom mar Príomhoifigeach Cúnta agus sannadh do Rannóg na gCásanna Móra mé. Le linn mo thréimhse ansin fuair mé go leor taithí sa phróiseas dlí agus bhainistigh mé ualach cásanna fairsing dúshlánach agus mé ag obair go héifeachtach in éineacht le gairmithe dlí.

In 2016, tugadh ardú céime dom mar Phríomhoifigeach agus sannadh mé don Bhrainse Léirmhíniú & Dlithíocht CBL, Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Indíreacha. Is é raon feidhme na hoibre sa bhrainse seo ná meascán dinimiciúil de dhlithíocht, léirmhíniú CBL, reachtaíocht, dlí-eolaíocht, agus rannpháirtíocht le geallsealbhóirí. Is príomhláidreachtaí an Bhrainse seo iad comhoibriú agus obair foirne, agus tá sé de phribhléid agam a bheith in ann oibriú le comhghleacaithe feidhmiúcháin a dhéanann a ndícheall difríocht a dhéanamh agus a ról a chomhlíonadh le gairmiúlacht, ionracas, agus díograis.

Cúnamh na gCoimisinéirí Ioncaim leis an bhfreagra náisiúnta ar ionradh na Rúise ar an Úcráin

I ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, rith an tAontas Eorpach (AE) Treoir um Chosaint Shealadach an AE do dhaoine atá ag fágáil na hÚcráine agus ag lorg dídine i ndlínsí eile. Leagtar amach sa Treoir gur cheart do Bhallstáit AE cúnamh daonnúil áirithe a sholáthar do náisiúnaigh na hÚcráine, mar shampla, rochtain ar chóiríocht, cúram sláinte, leas sóisialach, oideachas agus an margadh saothair.

Mar chuid d'fhreagra náisiúnta na hÉireann, bhunaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO) Foireann Cóiríochta Sealadaí um Ghéarchéim na hÚcráine (UCTAT) chun cóiríocht shealadach a aimsiú agus a leithdháileadh nuair is gá. Tugadh níos mó ná 20 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar iasacht go sealadach chun bheith mar chuid den fhoireann seo le linn 2022. Tá ceithre cinn de na hiasachtaí sealadacha sin fós ar siúl agus tá 7 gcinn de na baill foirne sin i gcomhaontuithe foirmiúla iasachta nó i mbun comhaontuithe foirmiúla iasachta.

Sannadh cuid de na baill foirne sin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí ar iasacht chuig RLCMLO do na limistéir oibriúcháin túslíne amhail mol Idirthuais Iarthar na Cathrach. Is iondúil go n-iompraítear daoine a thagann go hÉirinn ón Úcráin chuig moil den sórt sin nuair a thagann siad go hÉirinn, áit a ndéantar measúnú ar a gcuid riachtanas. Tarlaíonn an próiseas seo thar chúpla uair an chloig agus caitheann beagnach gach duine a gcéad oíche ar theacht go hÉirinn dóibh ina gcóiríocht shealadach nua. Is léiriú í an obair seo ar an gcomhoibriú idir Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus Eagraíochtaí Neamh-Rialtais ar an láthair.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim bródúil as an obair a rinne ár bhfoireann a dheonaigh chun dul ar iasacht chuig RLCMLO, agus gach duine eile a bhfuil baint acu le cabhair dhaonnúil a chur ar fáil dóibh siúd atá ag fágáil na hÚcráine. Ag féachaint chun cinn, leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ag cur leis an bhfreagra náisiúnta ar an ngéarchéim seo.



Tarraingt le leanaí ón Úcráin



Áit súgartha na leanaí i mol Iarthar na Cathrach



Baill foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a dheonaigh chun dul i mbun post iasachta i RLCMLO

Ár gCultúr

Is eagraíocht ardfhreagrach muid a chuireann timpeallacht oibre dhearfach, idirghníomhach agus shásúil ar fáil dár ndaoine. Tá ár gcroíluachanna meas, gairmiúlacht, comhoibriú, aclaíocht agus ionracas fite fuaite inár gcultúr, inár n-idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe agus inár ndéileálacha go léir le cáiníocóirí. Cothaímid oscailteacht agus cuntasacht i ngach rud a dhéanaimid agus tá comhlíontacht lenár ndualgais dhlíthiúla, lena n-áirítear sláinte & sábháilteacht, cosaint sonraí, rúndacht cáiníocóirí, bainistíocht airgeadais agus saoráil faisnéise, i gcroílár an chaoi a n-oibrímid.

Tacaíonn muid lenár ndaoine trí rannpháirtíocht fhóinteach leis an bhfoireann, trí shláinte agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn agus trí dheiseanna forbartha a sholáthar. Tá ár dtiomantas do **rannpháirtíocht fostaithe** a dhoimhniú ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta mar phríomhthosaíocht i gcónaí. Oibríonn muid le chéile i gcur chuige comhpháirtíochta, cinntíonn muid a oiread rannpháirtíochta is féidir agus tacaíonn muid le bainteacht, nuálaíocht agus ardfeidhmíocht chun tacú lenár bhfeabhsú leanúnach.

Is é an Cathaoirleach a bhíonn i mbun chathaoirleacht ar ár *bPríomhchoiste Comhpháirtíochta* agus freastalaíonn an Bord iomlán air mar aon le hionadaithe ón mbainistíocht, ó cheardchumann agus ón bhfoireann. I rith 2022, tháinig an Coiste le chéile trí huair. Ní hamháin go dtacaíonn agus cuireann an rannpháirtíocht rialta dhearfach seo le rannpháirtíocht na bhfostaithe ach feidhmíonn sé freisin chun bonn a chur faoinár Misean, Fís agus Croíluachanna agus baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise.

Glacaimid leis an indibhidiúlacht agus tá cultúr láidir glactha agus **comhionannais** tógtha againn i measc ár bhfoirne, ag cinntiú go bhfuil meas ar **chearta an duine** i dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha araon, agus go gcuirtear ár *bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas Earnála Poiblí* i bhfeidhm. Cuirtear oiliúint ar ár bhfoireann nua-earcaithe go léir sa Chomhionannas agus san Éagsúlacht mar chuid dá n-oiliúint ionductaithe. Tá sainoiliúint chearta an duine agus comhionannais forbartha againn freisin do chohórt foirne aonair, ag brath ar nádúr a sannadh laistigh den eagraíocht.

Mar fhostóir do bheagnach 7,000 ball foirne, aithníonn agus cuireann muid fáilte roimh, agus tá meas againn ar an **éagsúlacht** maidir le féiniúlacht ghnéis agus inscne agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú. Oibríonn ár **Líonra Foirne LADT+** agus ár gcoiste stiúrtha le Ranna eile de chuid na Státseirbhíse chun Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+ ar fud na státseirbhíse agus poiblí a fhorbairt atá ina príomhchuid den *Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+*. In 2022, thacaíomar arís lenár Líonra Foirne LADT+ le roinnt imeachtaí i rith na bliana agus mí Bróid lena n-áirítear:

- Cur i láthair am lóin ar líne "LADT+ 101" do gach ball foirne arna óstáil ag ár Líonra Foirne LADT+. I ndiaidh óraid oscailte an Cathaoirleach, chuir aoichainteoir ceardlann i láthair a thug réamhrá uilíoch don bpobal leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, agus idirghnéasach.
- Cur i láthair ar líne ag am lóin d'fhoireann uile ár Rannóg Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann ag tabhairt réamhrá uilíoch ar an bpobal leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, agus idirghnéas.
- Ag glacadh páirte i bparáid Fhéile Bród Bhaile Átha Cliath 2022, in éineacht le Líonraí Foirne eile sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí LADT+ faoin mbratach "Bródúil a bheith ag obair ar son na hÉireann".
- Bratach Bród ar foluain ar ár n-oifigí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, oifigí eile i mBaile Átha Cliath lena n-áirítear Teach Nua na gCustam i gCalafort Bhaile Átha Cliath, agus oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim i gcontaetha an Chláir, Corcaigh, Shligigh, Thiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman.

- Ag tacú le Bród 2022 ar ár bpríomhleathanach suíomh idirlín agus ar an láimhseáil twitter in éineacht lenár lógó Líonra Foirne LADT+.
- Roinnt imeachtaí pearsanta i rith na bliana arna óstáil ag ár Líonra Foirne LADT+ don fhoireann ar fad.

Leanann muid dár leathanach inlíne agus mol teagmhála tiomnaithe bunaithe a úsáid, chun tacú lenár Líonra Foirne LADT+ eolas, acmhainní, piarthacaíocht agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil do bhaill foirne uile.

Mar sin féin, aithnímid nach mbaineann an éagsúlacht le giniúint, le tréithe fisiceacha nó le hinscne amháin. Trínár gcláir earcaíochta, táimid ag leanúint ar aghaidh ag tógáil fórsa saothair ilghnéitheach a léiríonn sochaí na hÉireann atá ag teacht chun cinn agus atá ag forbairt, ag daingniú ár dtiomantas don chomhionannas. Cuidíonn éisteacht le, agus foghlaim ó, eispéiris agus dearcthaí éagsúla ó fhórsa saothair comhchoiteann le raon de chúirí sóisialta, eitneacha, cultúrtha agus oideachais sinn a fhorbairt le bheith níos fearr ag an méid a dhéanaimid. Ina theannta sin, méadaíonn lucht saothair a léiríonn níos dlúithe an tsochaí ar a bhfuilimid ag freastal ar mhuintir sa mhéid a dhéanaimid agus an chaoi a dhéanaimid é.

Tacaímid go gníomhach le tionscnaimh chun **cothromaíocht inscne** a fheabhsú ag gach leibhéal, ar fud na heagraíochta agus tá dul chun cinn suntasach déanta ina leith seo le 6 bliana anuas (Tábla 27).

Mar thoradh ar an gcomhoibriú idir An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, oifigí Rannóige Brainse, an Líonra Foirne LADT+ agus an Líonra Náisiúnta Folláine, tá creat seanbhunaithe againn chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú san ionad oibre a chur chun cinn agus tacú leo.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, thionóileamar ár seachtain bhliantúil um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Ba é cuspóir na seachtaine seo ná chun deis a chur ar fáil don fhoireann ar fad ar fud na heagraíochta machnamh a dhéanamh ar thábhacht an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe sna Coimisinéirí Ioncaim. Chomh maith leis sin, thug sé deis don fhoireann machnamh a dhéanamh ar an ról tábhachtach atá againn go léir chun a chinntiú go mothaíonn ár gcomhghleacaithe, ár bpiaraí agus ár mbainisteoirí uile go bhfuil cuimsiú agus meas orthu. Áirítear sna himeachtaí aoichainteoirí, ionchur ón Líonra LADT+, chomh maith leis an bhfoilseachán nuachtlitir a chuir béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear faisnéis faoi Oifigigh Rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim, Oifigigh Idirchaidrimh Míchumais agus ár Líonra LADT+. Bhí ailt ann freisin ó chomhghleacaithe ó chúirí éagsúla ag cur síos ar a dtáthí ag obair sna Coimisinéirí Ioncaim.


Inscne agus Pá sna Coimisinéirí Ioncaim

Faoi láthair, iarrann an tAcht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní ar fhostóirí a bhfuil os cionn 250 fostaí acu faisnéis a bhaineann le luach saothair a gcuid fostaithe a thuirisciú ar bhonn bliantúil chun aon difríochtaí a bhaineann le hinscne a aithint agus dul i ngleic leo.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis tuairisciú poiblí ar ár mbearna phá idir na hinscní a dhéanamh go réamhghníomhach, roimh an reachtaíocht. D'fhoilsigh muid ár dTuarascáil is déanaí ar an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Nollag 2022. Rinne an Tuarascáil meastachán ar an mbearna phá idir na hinscní agus ar na gnéithe a chur leis, agus an chaoi a bhfuil sé mar aidhm ag polasaithe na gCoimisinéirí Ioncaim tacú le díothú na bearna. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go gcuireann an anailís sa Tuarascáil leis an taighde a d'fhoilsigh muid in 2020 a léiríonn nach raibh aon mhínithe anaithnide, amhail idirdhealú pá, a chuireann le bearna phá idir na hinscní na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is é an meánbhearna phá san uair a bhí ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2022 ná 4.9%. Léiríonn sé seo an cás gur íocadh fir ráta €26.21 san uair ar an meán, i gcomparáid le €24.91 le haghaidh mná.

Léiríonn ár n-anailís gur príomhspreagadh na bearna pá idir na hinscní é an sciar níos airde fir (agus na huairéanta oibre) i ról níos sinsearaí i gcomparáid le mná. Claonadh eile a tháinig chun solais inár n-anailís, áfach, ná an méadú atá ag teacht ar sciar na mban i ról ardbhainistíochta. Mná atá fosaithe i 55% de na ról seo anois, i gcomparáid le 50% in 2019, gné a chuireann le caolú na bearna pá idir na hinscní.



Is é an bearna phá idir na hinscní d'oibríthe páirtaimseartha ná 2.1%. Tarraingíonn an Tuarascáil aird ar mhíchothromaíocht shuntasach gné, áfach, i dtéarmaí an sciar mná a roghnaíonn obair go páirtaimseartha. Tá laghdú tagtha ar sciar na mban a oibríonn go páirtaimseartha le linn na paindéime ó 26% in 2019 go dtí 20% in 2022. Sa chomhthéacs seo, tá na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim gurab ionann a bpolasaí nua ar shocrúithe oibre cumaisc agus idirghabháil tábhachtach i leith tacú le rannpháirtíocht méadaithe mná san ionad oibre amach anseo.

Sheol an Rialtas an Plean Gníomhaíochta Aeráide in 2021, a leag amach spriocanna sainithe maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Mar chuid den phlean sin, d'fhorbair na Coimisinéirí Ioncaim a dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide 2022 - 2030. Leagtar amach sa treochlár seo plean na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh béim mhéadaithe ar an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe ar fud na heagraíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide agus chun ár lorg carbóin a laghdú. Bainfear é seo amach den chuid is mó trí bharrfheabhsú a dhéanamh ar ídiú cumhachta na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áireofar nua-aoisiú ar ár n-eastát réadach, nuálaíocht sa spás TFC agus flít feithiclí na gCoimisinéirí Ioncaim a chlaochlú. Mar a iarrtar faoi Phlean an Rialtais, tionaladh an Treochlár don SEAI i mí na Nollag 2022.

Reáchtáil na Coimisinéirí Ioncaim roinnt comórtas soláthair phoiblí le linn 2022 trí úsáid a bhaint as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR). Bhronn na Coimisinéirí Ioncaim 44 conradh chun earraí agus seirbhísí éagsúla a sholáthar agus áiríodh critéir tionchair comhshaoil 'ghlasa'

nó laghdaithe i 20 díobh sin. Is é cuspóir na gCoimisinéirí Ioncaim critéir ghlasa a chur san áireamh i ngach comórtas soláthair de réir bheartas an Rialtais.

I gcomhréir le Ciorclán 1/2020⁵, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN i leith nósanna imeachta maidir le hastaíochtaí carbóin a bhaineann le haerthaistil oifigiúil, bhí dualgas airgeadais €3,585 ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2022. Tá an dualgas airgeadais seo díorthaithe ó iomlán astaíochtaí carbóin de bheagnach 192,770 lbs, le costas cánach carbóin ábhartha de €41 an tonna.

As seo amach, cuirfimid tuilleadh feasacht ar Sholáthar Poiblí 'glas' chun cinn agus é mar chuspóir aige líon na gconarthaí amach anseo a chuimsíonn forálacha comhshaoil a mhéadú trí threoir, trí phleanáil soláthair agus trí bheartas inmheánach.

Nuálaíocht

Bainimid an leas is fearr as teicneolaíocht agus leanaimid ag infheistiú inár gcumas TF. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas réitigh ghnó forásacha agus nuálaíochta a fhorbairt a chuideoidh le héifeachtúlacht agus cáilíocht a thiomáint. Is é ár dtosaíocht agus ár bhfócas a chinntiú go bhfuil an t-ardán TF agus an cumas againn chun ár bpríomhchláir ghnó a chumasú chun feidhmiú go héifeachtach agus chun tuilleadh cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú trí uathobriú próisis, digitiú agus oiriúnú seirbhísí.

Sheol an Fhoireann um an Deasc Chabhrach ROS bota comhrá roimh an tréimhse ghnóthach Íoca agus Tíolactha i mí na Samhna 2022. Ba é príomhfhócas an bota comhrá ná chun cabhair a thabhairt leis an bpróiseas logála isteach ROS. Tá sé bunaithe ar sheirbhís néalbhunaithe comhráiteach um Intleacht Shaorga (IS) ina n-úsáidtear nasc slán API leis an mbunachar sonraí ROS agus láimhseáiltear na sonraí úsáideora deiridh go léir go slán ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Seoladh an bota comhrá ar an 18 Deireadh Fómhair 2022 agus bhí suas le 600 seisiún sa lá le linn na tréimhse gnóthaí.

Tá leas bainte ag na Coimisinéirí Ioncaim as Uathobriú Róbatach Próiseas (RPA) chun tascanna athchleachtacha, láimhe a uathobriú laistigh de chuid dár bpróisis ghnó as raibh amanna freagartha níos tapúla mar thoradh air, go háirithe le linn buaicthréimhsí. In 2022, úsáideadh é seo go héifeachtúil chun saincheistanna do chustaiméirí ÍMAT a aithint agus a réiteach go réamhghníomhach sular ardaíodh iad. Ina theannta sin, baineadh úsáid as RPA chun líon mór clárúcháin nua do chustaiméirí a phróiseáil. Éascaíonn sé seo rochtain níos tapúla ar fhostaíocht, leas sóisialach, cúram sláinte, srl. Próiseáladh 45,713 clárúchán suas go dtí an 28 Nollaig 2022. Bhí RPA ina phríomhuirlis freisin chun foirmeacha 'malartóra' bainc a phróiseáil agus sonraí cuntais bainc á nuashonrú go huathobriúch do chustaiméirí a raibh orthu a gcuntais a aistriú chuig banc nua, tar éis do dhá bhanc imeacht ó mhargadh na hÉireann in 2022.

In 2022, rinne na Coimisinéirí Ioncaim dul chun cinn maidir le húsáid teicneolaíochtaí **IS agus Próiseála Teanga Nádúrtha (NLP)** chun fiosruithe M'Fhiosruithe a rangú go huathobriúch. Ba é an rún ná eispéireas an chustaiméara a shimpliú agus deireadh a chur leis an ngá a bhí ag an gcáiníocóir féin-chatagóiríú a dhéanamh ar a bhfiosrú. Ba é 70% an leibhéal cruinnis féin-chatagóirithe ag cáiníocóirí agus mhéadaigh an cur chuige seo an cruinneas go 97%. Ar an meán, laghdaigh an t-aicmiú uathobriúch an t-am ródaithé foriomlán do shaineolaithe ábhair ar níos mó ná 24 uair an chloig.

Leanann muid d'áiseanna comhroinnte ríomhaireachta a chur ar fáil, agus de chur leo, do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí, ónár Lárionad Sonraí agus tá breis agus 50 eagraíocht éagsúil ag baint leas as an tseirbhís seo. Leis an tseirbhís óstála seo, meastar go sábháiltear €2.5 milliún sa bhliain ar a laghad do na heagraíochtaí a bhfreastalaítear orthu.

5 <https://www.gov.ie/ga/ciorclan/6d8829-procedures-for-offsetting-the-emissions-associated-with-official-air/>

In 2022, rinne rannóg Priontála agus Poist na gCoimisinéirí Ioncaim laistigh den Ionad Sonraí os cionn 1 milliún teastas vacsaínithe Covid-19 a phriontáil agus a sheoladh sa phost chuig baill den phobal thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Táimid ag leanúint freisin ag soláthar seirbhísí priontála agus postála do roinnt eagraíochtaí (thart ar 0.5 – 1 milliún mír in aghaidh na míosa). Le haghaidh 2022, chuir na seirbhísí seo coigilt iomlán de bhreis agus €1.6 milliún ar fáil do na heagraíochtaí sin.

Ghlac foireann na gCoimisinéirí Ioncaim páirt i roinnt tionscadail a ainmníodh don 8ú Gradam Bliantúil Sármhaitheas agus Nuálaíocht na Státseirbhíse. Léiríonn sé seo an obair den scoth déanta ag foireann na gCoimisinéirí Ioncaim agus aithníonn sé an sármhaitheas agus an nuálaíocht a léiríonn na Coimisinéirí Ioncaim.

Bhuaigh ár gcomhoibriú leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí an tacaíocht don chatagóir 'Forbairt Beartais Straitéisigh'.



Hugh Cronin, Gary Hynds, Sinéad Ryan, Deirdre Ní Alluráin, Colin O'Connor



Jacqui O'Callaghan, Anne Dullea, David Tuohy, Davena Lyons, Sarah Waters



Cleo O'Beirne, Kieran Moroney, Irene Murphy and Ciara Chambers

Rúndacht an Cháiníocóra

Tá aird iomlán againn ar ár ndualgas dlíthiúil rúndacht faisnéise cáiníocóirí a chosaint. Thar ár seirbhísí agus próisis ghnó go léir, caitear le sonraí pearsanta cáiníocóirí leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta.

Is tosaíocht bhunúsach don eagraíocht iad slándáil chórais agus shonraí na gCoimisinéirí loncaim. Tá urrús 'deartha isteach' do na seirbhísí go léir a oibríonn na Coimisinéirí loncaim nó a fheidhmíonn dóibh. Leagtar béim ar shlándáil don fhoireann ar fad agus is cuid de chultúr na heagraíochta í. Rinne na Coimisinéirí loncaim athbhreithniú ar na torthaí a aithníodh i dtuarascáil PWC ar ionsaí bogearraí éirice Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2021. Ag baint úsáid as na 28 critéar sa tuarascáil, chuir na Coimisinéirí loncaim critéir chumais agus rialaithe i bhfeidhm ar raon dár gcórais chun stádas measúnaithe a ghiniúint i gcoinne gach critéar. Leis an measúnú seo, aithníodh na háiteanna inar gá acmhainní agus iarracht a chur i bhfeidhm chun an méadú slándála is éifeachtaí a chur i bhfeidhm.

Baineann na Coimisinéirí loncaim úsáid as creat an Lárionaid um Shlándáil Idirlín (CIS) le haghaidh cruachan agus measúnú córais chun tagarmharc slándála srathach a chruthú dár gcórais inmheánacha agus phoiblí ar féidir linn tástáil a dhéanamh ina gcoinne. Tá an creat seo suite in éineacht le Córas láidir Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise (ISMS) atá **ISO27001** deimhnithe. D'éirigh linn ár n-íniúchtaí faireachais a chomhlánú ar an 8 Márta agus an 29 Meán Fómhair 2022.

Déantar criptiú ar fhaisnéis phearsanta a thaispeántar ar ár suíomh idirlín le deimhniú Bailíochtaíthe Breise (EV) SSL 256 giotán agus é sínithe ag údarás deimhniúcháin faoi iontaoibh an phobail. Féadann cáiníocóirí fíorú go bhfuil an leathanach slán trí fhéachaint ar dheilbhín an ghlais ina mbrabhsálaí. Déanann ár bhfoirne Tacaíochta TFC monatóireacht agus measúnú gníomhach ar chomhairleoirí slándála do chórais agus feidhmchláir atá faoina smacht. Ina theannta sin, bainimid úsáid as tríú páirtithe chun Tástáil Treáite a dhéanamh ar fud ár seirbhísí seachtracha ar bhonn rialta.

Iarrtar ar gach seirbhís ghnó a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a bhailiú ardleibhéal infhaighteachta agus athléimneachta a choinneáil mar aon le nósanna imeachta comhaontaithe

leanúnachais ghnó. Bainistítear é seo de réir **ISO22301** agus tá sé deimhnithe dó. D'éirigh leis na Coimisinéirí loncaim san iniúchadh faireachais ina leith seo i mí Iúil 2022.

Déantar córais na gCoimisinéirí loncaim a thástáil de réir chaighdeán **ISO29119** agus nuair a chuirtear chun táirgeachta iad, déantar iad a bhainistiú de réir chaighdeán **ISO20000**. Cinntíonn an caighdeán seo go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun rialú athraithe, bainistíocht seirbhíse, bainistíocht teagmhas agus athbhreithniú teagmhas a bhainistiú. Bhain na Coimisinéirí loncaim deimhniú **ISO20000** amach i Márta 2022 agus athdheimhniú do **ISO29119** i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha chun leanúint de chosaint a sholáthar d'úsáideoirí ár gcórais phoiblí, in 2022 thugamar isteach **Fíordheimhniú Dhá Fhachtóir (2FA)** dár seirbhís ar líne *moChúrsaí*. Agus iad ag logáil isteach ar moChúrsaí, teastaíonn pasfhocal aonuaire ó úsáideoirí anois a sheoltar chuig an gcáiníocóir trí theachtaireacht téacs chuig a n-uimhir fhóin phóca bhailíochtaíthe. Cosnaíonn sé seo cáiníocóirí ar fhoirmhór na n-ionsaithe buainte dintiúir uathobrithe agus feidhmíonn sé freisin mar foláireamh má dhéanann duine iarracht rochtain a fháil ar a gcuntas i gcás goidte dintiúir.

Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse

Tá ról gníomhach againn i gcur i bhfeidhm leanúnach Athnuachan na Státseirbhíse agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí I measc na n-éachtaí a bhain leis na torthaí ardleibhéil don tseirbhís phoiblí in 2022 tá:

- Rannpháirtíocht ghníomhach sa ghrúpa idir-rannach a sheachaid an chreat um Obair Chumaisc agus an tairseach iarratais um Obair Chumaisc don Státseirbhís.
- Seoladh ár gCreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta nua a chabhraíonn lenár dtacaíocht i leith comhlíontacht shaorálach agus ár bhfreagra ar neamhchomhlíontacht agus bainistiú riosca.
- Seoladh an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG) a chabhróidh le gnóthaí cáilitheacha lena gcostais fuinnimh ó Meán Fómhair 2022 go dtí Bealtaine 2023 agus an dá mhí sin san áireamh.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le húsáid teicneolaíochtaí IS agus Próiseála Teanga Nádúrtha (NLP) chun fiosruithe M'Fhiosruithe a rangú go huathoibríoch chun eispéireas an chustaiméara a shimpliú agus deireadh a chur leis an ngá a bhí ag an gcáiníocóir féin-chatagóiriú a dhéanamh ar a bhfiosrú.
- Sheol Deasc Chabhrach ROS Bota comhrá i mí na Samhna 2022. Ba é príomhfhócas an bota comhrá ná chun cabhair a thabhairt leis an bpróiseas logála isteach ROS.
- Tacaíocht leanúnach do Bhonneagar Sonraí Náisiúnta na hÉireann (NDI) agus do phrionsabail na Sonraí Oscailte de réir na Straitéise Náisiúnta Sonraí Oscailte.

Rialachas

Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim, arna gceapadh ag an Taoiseach, agus ceapann an tAire Airgeadais duine amháin acu mar Chathaoirleach. Tá freagracht reachtúil ar an mBord a chuid feidhmeanna a chur i gcrích. Cuireann ár struchtúir rialachais trédhearcacht chun cinn, cinntíonn cuntasacht agus ceapadh iad chun cur ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, ár gcláir ghnó a sholáthar go cost-éifeachtach, agus ár gceanglais rialála uile a chomhlíonadh.

Tugtar ár *gCreat Rialachais Chorparáidigh*⁶ cothrom le dáta go rialta agus foilsítear é ar ár suíomh idirlín. Leagann sé amach an creat chun ailíniú ceart ár struchtúr a chinntiú le straitéisí agus treo gnó, le fócas soiléir ar thrédhearcacht mhéadaithe agus ar mhaolú riosca. Déanann sé na comhluachanna, an chomhfhealsúnacht, na comhchleachtais agus an comhchultúr taobh istigh de na Coimisinéirí Ioncaim a stiúradh, rud a dheimhníonn, i dteannta lenár struchtúir agus socruithe, an chaoi a dtugann muid aghaidh ar ár misean agus torthaí ardchaighdeán a chinntiú.

Foilsíodh ár *Ráiteas Straitéise 2021–2023*⁷ i mí na Nollag 2020.

I rith 2022, rinne ár **gCoiste Bainistíochta Riosca** monatóireacht ghníomhach ar ár *gCreat Riosca Chorparáidigh* lena chinntiú go ndeachthas i mbun na ngníomhartha cuí chun rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach ár gcuspóirí corparáideacha. Méadaíodh an leibhéal rannpháirtíochta inár bpróiseas sainaitheanta agus measúnaithe riosca chun creat bainistíochta riosca níos éifeachtaí a sholáthar agus nasc feabhsaithe le bainistíocht riosca na rannóige. Bhí ionchur ag an gCoiste Bainistíochta Riosca i bPobal Leasa Bainistiú Riosca Fiontraíochta de chuid an Fhórais ar Chórais Riartha Cánach (FCRC) i rith 2022. Díríonn an pobal FCRC de chuid an OECD seo ar na rioscaí is mó do chórais riartha cánach anois agus amach anseo.

Tá an Bord tiomanta d'fheidhm **Iniúchta Inmheánaigh** ardchaighdeán a chothabháil agus a thacú. Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) a fheidhmíonn an fheidhm seo a oibríonn le húdarás díreach an Bhoird agus faoi mhaoirseacht agus treoir ghinearálta an Choiste Iniúcháireachta. An Feidhmíonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh i gcomhlíontacht leis na Caighdeán um Iniúcháireacht Inmheánach arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN chun dearbhú oibiachtúil neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil bainistiú cuí agus éifeachtach á dhéanamh ar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá mar bhonn dár ngníomhaíochtaí, é sin nó bearta ceartúcháin a mholadh de réir mar is cuí.

Mar bhonn eolais faoinár gclár iniúcháireachta inmheánaí tá ár gCruinne Iniúcháireachta Inmheánaí, an Clár Rioscaí Corparáideacha, Tosaíochtaí Corparáideacha Bliantúla agus *Ráiteas Straitéise*. In 2022, tugadh chun críche 24 n-iniúchadh, lena n-áirítear 11 n-iniúchadh inmheánach agus 13 n-iniúchadh athleantacha.

Déanann an **Coiste Iniúcháireachta** maoirsiú ar fheidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí sna Coimisinéirí Ioncaim agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir lena feidhmiú agus a forbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Chathaoirleach mar Oifigeach Cuntasaíochta agus déanann sé measúnú ar shocruithe rialachais a thugann comhairle agus treoir maidir leis na córais bhainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2022.

6 <https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/governance-framework.pdf>

7 <https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/sos-2021-2023.pdf>

Comhaltas an Choiste Iniúchta

John Murphy, Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Helen Hall, Príomhfheidhmeannach, Údarás Póilíneachta

An Dochtúir Paul Lyons, Ollamh Taca Cúnta, Scoil Ghnó na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Declan Rigney, Rúnaí Cúnta, Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Pearsanta, na Coimisinéirí Ioncaim (ó Aibreán 2021).

An Dochtúir Karen-Ann Dwyer, Ollamh Cúnta Cuntasaíochta, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Nochtuithe Cosanta

Cothaíonn muid timpeallacht thacúil dár mbaill foirne chun cúiseanna inní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre agus cuireann muid na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do bhaill foirne a n-ardaíonn fíorchúiseanna inní.

Ardaíodh ábhar inní den sórt sin in 2022 faoi *'Polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim um Thuairisciú Nochtuithe Cosanta san Ionad Oibre'*⁸. Rinne Grúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar an ábhar inní seo agus rinneadh beart leantach cuí.

"Duine forordaithe" is ea ár Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí chun nochtuithe cosanta a fháil ar ábhair a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a mheasúnú, a bhailiú agus a bhainistiú. Fuair an Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí aon nochtadh déag sheachtracha in 2022.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina mbaill de chlár *"Ionracas ag an Obair"* de chuid Trédhearcacht Idirnáisiúnta na hÉireann agus tá muid tiomanta d'ionad oibre eiteiciúil a chothú. In 2022, fuair 14 ball foirne oiliúint maidir le conas "Nochtadh a Láimhseáil".

Eitic, Caighdeán agus Iompar

Cloíonn gach oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim leis na prionsabail, caighdeán agus luachanna atá leagtha amach in *Cód Eitice na gCoimisinéirí Ioncaim* agus *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse*. In 2022, thíolaic baill foirne ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta agus os a chionn, chomh maith le hoifigigh i bpoist ainmnithe áirithe, Ráiteas Leasanna faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

De réir Alt 6(4) den **Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015**, foilsítear ainmneacha, gráid agus sonraí gearra faoi róil/freagrachtaí na "nOifigeach Poiblí Ainmnithe" in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar ár suíomh idirlín.

Tá muid tiomanta dár **n-oibleagáidí cosanta sonraí** a chomhlíonadh agus próiseálfaidh muid sonraí pearsanta de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Cosnaíonn muid sláine na sonraí a sholáthraíonn ár gcáiníocóirí agus tríú páirtithe dúinn. In 2022, lean muid le feasacht a mhéadú, agus comhlíontacht a fheabhsú, maidir leis an gcosaint sonraí i measc ár mball foirne. Áiríodh leis seo bearta le glacadh chun slándáil sonraí a chosaint i dtimpeallacht chianoibre.

Is é ról ár **nOifig Bainistíochta Clár (OBT)** ná chun bainistíocht éifeachtach agus freagrach maidir lenár dtionscadail gnó le cuidiú TF a éascú agus chun deiseanna le haghaidh feabhsú leanúnach a lorg. Tugann Boird Thionscadail agus Coistí Stiúrtha treoir agus tacaíocht chun na tionscadail a sheachadadh, rud a chinntíonn cinnteoireacht tráthúil, chomh maith le bainistíocht

⁸ <https://www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/protected-disclosures/protected-disclosure.pdf>

agus maolú ar na fadhbanna agus rioscaí a thagann aníos.

Saoráil Faisnéise (SF)

In 2022, fuair 218 iarraidh ar SF (Tábla 28) agus leanaimid ag oibriú leis An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN le hoibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 sna Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú.

Cuireadh tús leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 in Meán Fómhair 2021 agus tá sé á bhainistiú ag an **Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN**. Mar chuid den athbhreithniú seo, dháil na Coimisinéirí Ioncaim an suirbhé maidir le sástacht custaiméirí d'iarthóirí SF agus lucht cinnteoireachta in 2022 agus mhol siad iad a chomhlánú. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim freagra mionsonraithe ar fáil chomh maith ar an doiciméad comhairliúcháin a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN. Cuirfidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN tuarascáil agus moltaí faoi bhráid an Rialtais agus foilseofar iad le linn 2023. Mar chomhlacht um Shaoráil Faisnéise faoin Acht, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag plé go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithnithe.

Gearáin

Féadfaidh cáiníocóirí atá míshásta leis an láimhseáil a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim ar a ngnóthaí cánach iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a gcás, bíodh sé go hinmheánach ag oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó ag Athbhreithneoir Seachtrach. In 2022, glacadh le 2 iarraitas ar athbhreithniú inmheánach, agus glacadh 17 iarraitas ar athbhreithniú seachtrach (Tábla 29). Thug an tOmbudsman 23 gearán maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim chun críche (Tábla 30).

Coistí Oireachtais

In 2022, tháinig an Cathaoirleach agus oifigigh eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí agus an Chomhchoiste agus an Roghchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach.

Ábhair Eile Rialachais

Tá muid comhlíontach leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (Tábla 31). Foilsítear ár dTuairisceáin ar Íocaíochtaí Prasa ar ár suíomh idirlín. Rinneadh díreach os cionn 83% de na híocaíochtaí uile taobh istigh de 15 lá.

Sholáthair muid freagraí ar 855 Ceist Pharlaiminteach agus d'fhreagair muid 527 Uiríoll ó Ionadaithe Poiblí.

Athruithe Ardbhainistíochta

Chuaigh an Coimisinéir Michael Gladney ar scor ar an 15 Aibreán 2022.

Tar éis chomórtas An Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), cheap an Taoiseach Micheál Martin T.D. Ruth Kennedy mar Choimisinéir agus chuir sí tús lena post ar an 28 Meitheamh 2022.

Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta



John Barron
Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise, Cumarsáide agus Lóistíochta

Freagrach as soláthar seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá slán, iontaofa agus ar ardchaighdeán, chomh maith le nuálaíocht, oiriúnacht agus dul chun cinn nua sa teicneolaíocht. Freagrach freisin as bainistiú agus seachadadh seirbhísí lóistíochta atá lárnach ó thaobh reachtáil na gCoimisinéirí Ioncaim



Brian Boyle
Rannóg an Ard-Chuntasóra & na Pleanála Straitéisí

Freagrach as formhaoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe gnó agus as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí comhlíontachta náisiúnta cánach. Áirítear ar na freagrachtaí freisin tomhas agus tuairisciú feidhmíochta, staitisticí agus taighde eacnamaíoch. Freagrach chomh maith as bainistíocht airgeadais agus eolais, feidhmeanna baincéireachta, feidhmeanna cumarsáide agus bainistíochta eolais.



Noel Brett
Rannóg na gCánacha Gnó

Freagrach as bainistiú agus forbairt feidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta d'eintitis atá cláraithe le haghaidh CBL, CCI, Custaim agus Mál. Freagrach chomh maith as eintitis ceadúnais máil le hioncam trádála nó gairmiúil, Stiúrthóirí Dílseánaigh agus Fo-Chuideachtaí/ Máthairchuideachtaí cuideachtaí sa Rannóg Gnó



Orla Campbell
Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Freagrach as straitéisí bainistíochta acmhainní daonna na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear pleanáil don fhórsa saothair, earcaíocht, oiliúint agus forbairt inniúlachtaí, forbairt eagraíochtúil, bainistiú buiséid riaracháin, rialú, comhlíontacht faisnéise agus athchóiriú corparáideach.




Florance Carey
An Rannóg Custam

Freagrach as an reachtaíocht Custam agus córais a fhorbairt agus as cinntiú go bhfeidhmítear rialuithe custam. Freagrach chomh maith as tionchar a imirt ar fhorbairt an pholasaí AE ar gach ní a bhaineann le custaim, lena n-áirítear feidhmiú Chód Custam an Aontais (AE) agus as ionadaíocht a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar leasanna na hÉireann ag fóraim éagsúla idirnáisiúnta.



Eugene Creighton
Rannóg na gCorparáidí Móra

Freagrach as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na custaiméirí gnó is mó sa Stát agus freagracht as earnálacha iomlána áirithe, amhail baincéireacht, árachas, léasú aerárthaigh, 'comhlachtaí faoi Alt 110' agus cistí infheistíochta. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach corparáide lena n-áirítear praghsáil aistrithe drochúsáide.




Jeanette Doonan
An Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Gnó,

Freagrach as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha maidir le CGC, cáin chorparáide, dreasachtaí, seirbhísí airgeadais agus cánacha eile gnó.



Orla Fitzpatrick
An Rannóg Fiontar Meánmhéide

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta le haghaidh fiontar mheánmhéide agus Stiúrthóirí Dílseánaigh agus Fochuideachtaí/Máthairchuideachtaí ar chuideachtaí na Rannóige Fiontar Meánmhéide, Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí. Freagracht náisiúnta as seachadadh an RTS.



Deirdre Hanlon
An Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha

Freagrach as rannchuidiú na gCoimisinéirí Ioncaim le forbairt bheartas agus reachtaíocht chánach indíreach ag leibhéal náisiúnta agus AE agus as riarachán éifeachtach agus éifeachtúil CBL agus na ndleachtanna Máil éagsúla a éascú.



Joe Howley
**Rannóg an Ard-
Bhailitheora**

Freagrach as cánacha a bhailiú agus cláir bhainistíochta fiachais a fheidhmiú, lena n-áirítear idirghabhálacha cuí chun comhlíontacht thráthúil a uasmhéadú. Freagrach chomh maith as bearta forfheidmithe fiachais in aghaidh iad siúd a loiceann a bheith comhlíontach.



**Rannóg na
gCánacha
Pearsanta**

Freagrach chomh maith as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúcháireachta do dhaoine aonair nach bhfuil ach ioncam ÍMAT acu nó a bhfuil ioncam neamhthrádála féinmheasúnaithe/ gairmiúil acu; agus eintitis eile amhail iontaobhais, carthanais agus comhlachtaí spóirt. Freagrach chomh maith as comhordú seirbhísí Gaeilge.



Maura Kiely
**Rannóg Dhlíodóirí
na gCoimisinéirí
Ioncaim**

Freagrach as seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta dlí a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim lena n-áirítear maidir le dlíthíocht agus achomhairc a dhéanamh agus in ionchúiseamh cionta coiriúla



Eamonn O'Dea
**Rannóg na
gCánacha
Idirnáisiúnta**

Freagrach as rannpháirtíocht idirnáisiúnta (déthaobhach, AE agus nithe a bhaineann leis an OECD) ar bheartas cánachais dhírigh agus ar ábhair oibríochtúla lena n-áirítear idirbheartaíocht a bhaineann le praghsáil aistriithe agus malartú faisnéise le húdaráis chánach eile. Freagrach freisin as monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar líonra conarthaí cánach na hÉireann.



Declan Rigney
**An Rannóg Beartais
agus Reachtaíochta
Cánacha Pearsanta**

Freagrach as beartas cánach pearsanta agus cánacha caipitiúla a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus an AE agus as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna beartais, reachtaíochta agus léirmhínithe do chánacha pearsanta agus caipitil (gan CGC a áireamh).



Breda Ruddle
**An Rannóg
Cásanna Móra
– Daoine Aonair
Ardrachmais**

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúcháireachta do na daoine is saibhre sa Stát, scéimeanna pinsin/árachais agus cistí scoir. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach leis an Riail Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint.



Lynda Slattery
**An Rannóg
Imscrúdaithe,
Ionchúisimh &
Bainistíochta
Teorainneacha**

Freagrach as feidhm imscrúdaithe choiriúil na gCoimisinéirí Ioncaim a threorú, sábháilteacht agus slándáil iomlán an tslabhra soláthair a chinntiú, teorainneacha seachtracha an AE a bhainistiú agus toirmisc agus srianta ar an leibhéal náisiúnta a chur i bhfeidhm. Freagrach freisin as feidhmeanna imscrúdaithe náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim agus as stiúradh oibríochtaí ábhartha atá dírithe ar chalaíoch trasteorann, smuigleáil drugaí agus atreorú earraí inchánach.

Bainistíocht Airgeadais


Gach bliain, déanann na Coimisinéirí Ioncaim an Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Cuntas Leithreasa ar chaiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ullmhú agus a thíolacadh lena n-íniúchadh.

Cuirtear an 'Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit' iniúchta arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2022 faoi bhráid an Oireachtais i gcomhthráth leis an Tuarascáil Bhliantúil. Tá figiúirí na bhfáltas comhlán agus glan ón Státchiste agus Neamh-Státchiste ar fáil ag Táblaí 1 agus 2 faoi seach sa tuarascáil seo.





Tá an Cuntas Leithreasa maidir leis an tsuim a chaith na Coimisinéirí Ioncaim i leith tuarastail agus costais sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2022 curtha faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste taobh istigh den amlíne reachtúil. De réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, foilseofar an cuntas iniúchta faoi Mheán Fómhair mar chuid den Tuarascáil maidir le cuntais na Seirbhísí Poiblí. Déanfar an cuntas fhoilsiú agus a chur ar fáil ar www.audgen.gov.ie. Dá réir, is figiúirí sealadacha iad na figiúirí dá ndéantar tagairt thíos agus tabharfar chun críche iad ar chríochnú an iniúchta ar Chuntas Leithreasa na gCoimisinéirí Ioncaim ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Feidhmíocht Airgeadais

In 2022, ba ionann €491.7 milliún agus caiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim ar riar agus bailiú cánacha agus dleachta, agus ar bhainistíocht teorann. Tháinig cuid den chaiteachas seo ó fháltais Leithreasaí i gCabhair ar luach €64.2 milliún, a fuarthas ó sheirbhísí maidir le ÁSPC den chuid is mó, chomh maith le sciar de na dleachtanna Custam a bailíodh tríd an gcóras Imréitigh Láraithe. Tá barrachas sealadach deireadh bliana ar luach de bhreis agus €14 milliún i gceist go príomha mar gheall ar bharrachas fáltais Leithreasaí i gcabhair.



Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022



**Ábhar
Leathanach**

| | |
|---|---------|
| Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 77 - 81 |
| Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste | 82 - 83 |
| Beartais Chuntasaíochta | 84 - 86 |
| Cuntas ar Fháiltas agus Diúscairt an Ioncaim a bailíodh | 87 |
| Ráiteas ar Iarmhéideanna | 88 |
| Nótaí leis an gCuntas | 89 - 94 |

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socrúithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgais maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméid na bpríomhphróiseas gnó á n-athbhreithniú agus á fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil cur síos uileghabhálach ann a nascann príomhchórais, próisis agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras fála agus aisíocaíochta cuntas.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdháileadh dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig chun rioscaí féideartha a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú tá:
 - Struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim.
 - Scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca.
 - Pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ag leibhéal na heagraíochta, na Rannóige agus na mBrainse.
 - Creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a áirithiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra aige atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil a bhfuil mé tar éis a cheadú. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat Riosca agus Rialaithe

Feidhmíonn an Oifig seo córas bainistíochta riosca Corparáideach a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, luacháil agus grádú ar na rioscaí seo de réir a dóchúlachta agus a dtionchar. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá próiseas athbhreithnithe ráithiúil ann don Chlár Riosca Corparáideach. Tuairiscíonn rannóga ar éifeachtacht na rialuithe maolaithe riosca agus na leibhéal riosca iarmharach tar éis maolaithe. Déantar athbhreithnithe ar an gclár, lena n-áirítear ar chóir aon athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó ar rangú rioscaí aonair, a mheas mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR). Ansin cuireann an RMC an clár nuashonraithe i láthair lena fhógra ón gCoiste Comhairleach Bainistíochta (MAC). Leis an bpróiseas seo, aithnítear ardú riosca, go n-athbhreithnítear é, go dtuairiscítear agus go gcuirtear san áireamh é sa Chlár Riosca Corparáideach. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus a tugann siad dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartais bhainistíochta riosca na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí i bhfeidhm le freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar straitéis agus cur i bhfeidhm cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (RGCS) agus tacaíonn Aonad Cosanta Sonraí leis.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe.

Bonn eolais d'obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deacrachtaí Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 a raibh nó a bhféadfaidh cailleanas ábhartha a bheith mar thoradh air.

Ag Teacht Amach as an bPaidéim COVID-19

I mí Feabhra 2022 d'aontaigh an Rialtas deireadh a chur le beagnach gach srian Covid-19 a bhí fágtha. Tugadh isteach an Creat Beartais Oibre Cumaiscthe don Státseirbhís i Márta 2022 agus, bunaithe air seo, tugadh isteach beartas oibre cumaiscthe na gCoimisinéirí Ioncaim i Meán Fómhair 2022. D'aontaigh thart ar 5,400 de 6,850 ball foirne na gCoimisinéirí Ioncaim (coibhéis lánaimseartha 6,676 amhail an 31 Nollaig 2022) socrú foirmiúil oibre cumaiscthe faoi dheireadh na bliana. Áirítear ar an bhfoireann eile iad siúd i réimsí oibre amhail bainistíocht teorann nuair nach bhfuil obair chumaisc indéanta agus baill foirne a roghnaigh freastal ar an oifig ar bhonn lánaimseartha. Tá athbhreithniú déanta ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar a thimpeallacht rialaithe chun tionchar Covid-19 a chur san áireamh agus tá sé sásta go bhfuil an creat oibre riosca agus rialaithe láidir a dhóthain chun freagairt d'aon leibhéal méadaithe riosca..

Scéimeanna Tacaíochta Gnó

Le tiomantas agus rannpháirtíocht bhaill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim, d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim ár gcroí-chláir ghnó a sholáthar, chomh maith le ról breise a ghlacadh ó thaobh na scéimeanna tacaíochta gnó a riar.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag baint úsáid as a mbonneagar ardteicneolaíochta agus as a chumais láidre oibriúcháin agus bainistíochta tionscadail chun bainistiú a dhéanamh ar an raon scéimeanna fóirdheontais agus tacaíochta a thug an Rialtas isteach chun tacú le gnóthaí agus a bhfostaithe. Dúnadh an Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG) d'iarratais i mí na Samhna 2021 nuair a dúnadh an Scéim Tacaíochta Srianáil Covid (STSC) i mí Eanáir 2022. Tháinig deireadh leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid (SFPF) d'fhostóirí i mí Bealtaine 2022. Tugadh isteach An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG) i mí na Nollag 2022 chun tacú le gnóthaí a bhfuil méadú tagtha ar a gcuid costais leictreachais agus gáis nádúrtha (fuinneamh).

Chinntigh na scéimeanna seo gur cuireadh íocaíochtaí rithábhachtacha tacaíochta ar fáil d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do ghnólachtaí.

Is éard a bhí i gceist le riaradh na scéimeanna seo ná suimeanna suntasacha a bhainistiú, le glaniomlán de €770.6 milliún íochta i leith SFPF in 2022 (maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí) agus €5.5 milliún íochta i leith SSTFG (maoinithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta). B'ionann glan-aisghabhálacha don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus €26.3 milliún in 2022. Is i gCuntas Leithreasa 2022 na gCoimisinéirí Ioncaim a thabharfar cuntas ar aon iarmhéid atá dlite do nó ag cibé Rannóg

Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta

Mar fhreagra do Covid-19, chuir na Coimisinéirí Ioncaim gníomhaíochtaí iniúcháireachta agus idirghabhálacha comhlíontachta eile ar áitreabh na gcáiníocóirí ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020. Nuair ab fhéidir, lean na Coimisinéirí Ioncaim de bheith i dteagmháil le gnóthaí chun idirghabhálacha a bhrú chun cinn trínár dtairseach M'Fhiosruithe nó ar an bhfón. D'ullmhaigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte chun idirghabhálacha comhlíontachta a reáchtáil ó chian le linn phaindéim Covid-19, agus comhairle sláinte poiblí fhoilsithe an Rialtais curtha san áireamh. Cé gur tharla leibhéal méadaithe gníomhaíochta ar an láthair le linn an dara cuid de 2022, leanadh le go leor idirghabhálacha a dhéanamh go cianda ag féachaint do na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime.

Ar an 1 Bealtaine 2022, arna thacú ag Cód Cleachtas athbhreithnithe d'Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim, tháinig Creat Idirghabhálacha Comhlíontachta nua i bhfeidhm. Tacaíonn an creat nua 3 leibhéal seo le comhlíontacht trínár gcur chuige traidisiúnta iniúchta cánach a ionchorprú laistigh de Chreat Idirghabhála Comhlíontachta lena bhforáiltear d'fhreagairt chomhsheasmhach, chéimnithe ar iompar riosca agus comhlíontacht cáiníocóra. Cuimsíonn na freagairtí seo ó dheiseanna inrochtana chun earráidí a cheartú go deonach go himscrúdú coiriúil do chásanna tromchúiseacha calaoise nó imghabhála. Gheobhaidh cáiníocóirí a bhaineann leas as deiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas comhlíontacht chánach agus a thugann aghaidh go deonach ar aon saincheisteanna a shaináithnítear, an t-íosleibhéal pionóis agus de ghnáth ní bheidh siad i mbaol foilsíú nó ionchúiseamh. Ar an láimh eile,

déantar foráil sa chreat maidir le freagairt bhríomhar chuí do cháiníocóirí nach gcloíonn go saorálach nó nach n-athraíonn iompar neamhchomhlíontach.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim 428,316 idirghabháil chomhlíontachta i gcrích in 2022 le toradh €813 milliún. Le linn 2022, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi chur chuige ilghnéitheach maidir le seiceálacha comhlíontachta chun sláine na scéimeanna tacaíochta Gnó a chosaint. Áirítear leis seo seiceáil chórasach fíor-ama ar éilimh ó ghnóthaí a bhaineann leas as scéimeanna agus éilimh chrostartha i gcoinne foinsí sonraí eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun aimhrialtachtaí nó treochothaí a dteastaíonn aird uathu a aithint.

D'fhóin na próisis seo ní hamháin chun rioscaí mí-úsáide scéimeanna a aithint, ach freisin chun a chinntiú gur éiligh gnóthaí a dteidlíocht cheart.

Bailiú agus Stórasú Fiachais

Go luath in 2022, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le filleadh céimnithe ar bhailiú caighdeánach fiachais neamhstórasaithe agus críochnaíodh an chéim dheireanach i mí Lúnasa 2022. Leanann na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do ghnóthaí agus do dhaoine aonair a ndualgais chánach reatha a chomhlíonadh agus iad ag téarnamh ó thionchair na paindéime. I gcás cáiníocóirí a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu, oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim go réamhghníomhach leo chun Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí solúbtha a chomhaontú chun aisíoc fiachais thar thréimhse ama a cheadú. Maidir le fiachas stórasaithe, i mí Dheireadh Fómhair 2022, mar gheall ar an staid dhúshlánach eacnamaíoch atá i gceist do ghnóthaí faoi láthair, d'fhógair muid síneadh tábhachtach agus suntasach leis an Scéim Stórasaithe Fiachais. Bhí an chuid is mó de ghnóthaí a raibh fiachas stórasaithe acu dlite le dul isteach i gcomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim chun tús a chur leis an bhfiachas sin a aisíoc roimh dheireadh na bliana 2022. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim an t-amlíne sin siar go dtí an 1 Bealtaine 2024. Ba chóir go dtacódh an síneadh go dtí an 1 Bealtaine 2024 le stádas airgeadais gnóthaí beaga ach go háirithe, agus ba chóir go gcabhródh sé le haisíoc fiachais chánach, lena n-áirítear aon fhiachas stórasaithe, thar thréimhse inoibrithe. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá os cionn 68,000 custaiméir aonair ag baint leas as an áis Stórasaithe Fiachais agus tá €2.371 billiún á stórasaithe faoi láthair.

Cé gur leanadh le hús ar íocaíochtaí déanacha a ghearradh mar chuid de Shocraíochtaí Tráthíocaíochtaí, socraíochtaí Dócmhainneachta agus ar bhonn cás ar chás nuair ba ghá le linn sriantaí Covid, cuireadh ar fionraí é i gcásanna eile. Breithneofar an cur chuige maidir le hús a atosú go hiomlán ar gach íocaíocht dhéanach eile in 2023.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le filleadh céimnithe ar ghnáth-athbhreithnithe tréimhsiúla le haghaidh imréiteach cánach ó Bealtaine 2022 do bhonn cásanna iomlán na gcáiníocóirí a raibh imréiteach cánach acu ag an am sin. Cuireadh tús arís leis an bpróiseas ar bhonn incriminteach i bhfianaise an líon mór cásanna a bhí i gceist agus tugadh chun críche é ar an 21 Samhain 2022.

Rialuithe Custam

D'aithin Coimisiún an AE patrún calaoise uile-Aontais arb éard é iompórtálacha teicstílí agus coisbhirte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar luach a bhí ró-íseal agus ba chúis le cailleanas córasach acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) thar roinnt blianta. Ag baint úsáid as modh staidrimh, ríomh an Coimisiún cailleanais ADT na hÉireann ag €30.4m nó 0.69% de na cailleanais a tabhaíodh ar leibhéal an AE28. Tríd an Roinn Airgeadais, rinne Éire íocaíocht €30.4 milliún ar chúlchiste ar an 30 Iúil 2021 tar éis cuireadh a fháil ó Choimisiún an AE carnadh úis ar íocaíocht dhéanach a bhaineann le cailleanas measta acmhainní dílse traidisiúnta a sheachaint.

Tar éis cás dlí a thug an Ríocht Aontaithe chun críche, inar breithníodh freisin an mhodheolaíocht a d'úsáid coimisiún an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais AE28, dheimhnigh an Coimisiún ag cruinniú Choiste Comhairleach an Aontais Eorpaigh um Acmhainní Dílse ar an 01 Nollaig 2022, gur thángthas ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe agus maidir leis an modheolaíocht atá le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais chríochnaitheacha. Cuirfidh an Coimisiún tús leis an obair chun athmheasúnú a dhéanamh ar na méideanna atá dlite ó na Ballstáit, agus tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil

le iarratais ar fhaisnéis bhreise i ráithe a dó, 2023. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur luaigh an Coimisiún ina litir an 7 Bealtaine 2021 go raibh i bhfad níos mó ná 0.69% de na caillteanais iomlána clúdaithe ag Éirinn trína ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN, rud a thug cúiteamh ar chaillteanais ADT a tabhaíodh i mBallstáit eile. Mar sin laghdófar na glan-ranníocaíochtaí ó Éirinn le buiséad an AE agus féadfar an caillteanas ADT seo a chlúdach cheana féin trínár ranníocaíochtaí OIN.

Tar éis cigireacht de chuid Choimisiún an AE ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) a rinneadh in Éirinn, dúirt an Coimisiún nach ráthaíonn an córas aisíocaíochta uathoibríthe go gcosnófar leas airgeadais an AE. Ar an 2 Márta 2022 chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl d'Éirinn i scríbhinn go bhfuil an nós imeachta inmheánach seolta acu roimh imeachtaí sáraithe féideartha.

Ina litir dar dáta an 16 Meitheamh 2022, chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl d'Éirinn go bhfuil an t-easnamh sin á bhreithniú acu faoin nós imeachta um shárú in Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Déanfar athbhreithniú ar an gcéad chomhfhreagras eile ón gCoimisiún, nuair a gheofar é.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

17 Aibreán 2023



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2022 faoi fhorálacha Alt 3 (7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá an cuntas comhdhéanta den mhéid seo a leanas

- an cuntas ar fháltas agus ar dhiúscairt an ioncaim a bailíodh
- an ráiteas ar iarmhéideanna, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas léargas fíor ar fháltas agus ar dhiúscairtí ioncaim arna bhailiú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus na hiarmhéideanna iarmharacha amhail an dáta sin.

Bonn tuairime

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (caighdeán ISA), de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar na Coimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim. Glacaim dearbhú freisin ó mo scrúduithe ar chórais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas an cuntas, agus ar ábhair eile

In éineacht leis an gcuntas, tá eolas áirithe eile tíolactha ag na Coimisinéirí Ioncaim. San áireamh leis seo tá an tuarascáil bhliantúil agus ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín don tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Aibreán 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an méid seo a leanas:

- ullmhú an chuntais bhliantúil
- a chinntiú go dtugann an cuntas léiriú ceart ar fháil agus ar dhiúscairt an ioncaim a bhailítear
- rialtacht idirbheart a chinntiú; agus
- rialú inmheánach cuí de réir mar a mheasann siad a bheith riachtanach chun cumasú d'ullmhú an chuntais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Iarrtar orm, faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (An tAcht) iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas ar fháltais ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus tuairisciú a dhéanamh ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gcaighdeán ISA míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh sé go dtagann míraitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomhiomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gcaighdeán ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i gcrích nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist le gan míráiteas ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí foluiteacha.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go gceadófaí an cuntas a bheith iniúchta go réidh agus go cuí, nó
- nach dtagann an cuntas leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas an cuntas

Ní chlédaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na caighdeán ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis an gcuntas nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinnim go raibh míráiteas ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Is le tagairt do na cúinsí speisialta i dtaca le bainistiú agus oibríochtaí comhlachtaí poiblí a dhéantar m'iniúchadh. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a reáchtáiltear gnó poiblí.

Iarraim fianaise a fháil i leith rialtacht idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tugaim tuairisc má thugaim faoi deara aon eachtra ábhartha nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríocha a bheartaítear dó, nó sa chás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Córais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Faoi Alt 3 (7) den Acht, déanaim scrúduithe ar bhonn timthriallach d'fhonn

- fíorú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na córais, nósanna imeachta agus cleachtais arna mbunú ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhaingniú ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh cuí ioncaim an Stáit
- mé féin a shásamh gur leordhóthanach an bealach a dhéantar na córais, nósanna imeachta agus cleachtais sin a fhosú agus a fheidhmiú.

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 (10) den Acht, tugaim tuairisc gach bliain ar thorthaí mo scrúduithe córais i mo Thuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí.

Polasaithe Cuntasaíochta

Réamhrá

Cuireann an Cuntas seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, mar aon le haistriú na bhfáltas chuig an Státchiste. Cuireann an Cuntas seo na fáltais neamh-Státchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Ballstáit AE eile i láthair mar a shonraítear faoi Fáltais agus Aisíocaíochtaí.

Ní áirítear sa Chuntas seo costais riaracháin nó oibriúcháin ar bith de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí i gcomhair na gcostas seo a vótáil agus cuirtear san áireamh iad sa Chuntas Leithreasa bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ullmhaíodh an Cuntas faoi réir Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Bonn an Chuntais

Ullmhaíodh an Cuntas seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail Cuntasaíochta Rialtais. Léiríonn an Cuntas na suimeanna iarbhír a fuarthas agus a íocadh le linn na bliana. I gcás go bhfaightear suimeanna breise i mblianta tar éis na bliana reatha, nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na suimeanna sin a thaifeadadh sa bhliain ina bhfaightear nó ina n-aisíoctar iad.

Fáltais agus Aisíocaíochtaí

Aithnítear fáltais agus aisíocaíochtaí ar bhonn airgid thirim seachas mar a shonraítear thíos;

- Tá fritháirimh cuimsithe sna fáltais chomhlána agus sna figiúirí aisíocaíochta do gach ceannteideal cánach, is é sin, cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar í a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile amuigh.
- Chun fáltais Cánach Ioncaim áirithe a chionroinnt chuig an gceanteideal cánach bainteach, cuirtear céatadán measta i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag an gcionroinnt sin ar fháltais ÍMAT, ÁSPC, MSU agus CMÁ. A luaithe is atá na tuairisceáin ábhartha tíolactha, déantar athbhreithniú ar an meastachán agus déantar na fáltais a ath-chionroinnt mar is cuí.
- Bailítear dleachtanna custam ar bhonn gníomhaireachta thar ceann an AE agus aithnítear iad ar bhonn fáiltas comhlán, ach amháin i gcás dleachtanna custam a bhailítear faoi Imréiteach Láraithe nós imeachta custam AE (ar ar tugadh Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe roimhe seo). Taispeántar na fáltais seo glan ó na costais bhailithe. Féach Nóta 1 *2.
- Maidir le suimeanna a fuarthas i leith pionós agus úis a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim, áirítear sa chuntas iad le cois na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Áirítear fíneálacha agus pionóis chúirte sa chuntas mar Leithreasáí i gCabhair de chuid Vóta 9.
- Coinnítear íocaíochtaí Custam agus Máil mar thaisc, agus aithnítear mar fháltais iad nuair a thíolactar na tuairisceáin chuí, ach amháin i gcás ceadúnas máil, siúcra, cáin carbóin ar bhreosla soladach agus cáin gealltóireachta, rudaí atá ar bhonn fáltais airgid. Tá taisc i seilbh curtha san áireamh sa Ráiteas ar Iarmhéideanna.
- Cuimsíonn na fáltais Mháil suimeanna a bhailigh na gníomhaireachtaí seo a leanas thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim:
 - An tSeirbhís Chúirteanna (Ceadúnais Mháil).
 - Applus+ Car Testing Service Ltd (Cáin Cláráithe Feithiclí).

Gearrann Applus+ Car Testing Service Ltd tobhach ar Cháin Cláráithe Feithiclí a bhailiú. Déantar an muirear a mhaoiniú as caiteachas Vótáilte agus áirítear i gCuntas bliantúil Leithreasa Vóta 9 é.

- g. Tagraíonn an teideal Ionad Uileghnó CBL (IUG) sna cuntais do gach/cuid ar leith de na nochtadh cuntais ar scéimeanna Ionad Uileghnó. Folaíonn na fáltais seo fáltais CBL Éireannaigh a nochtar i Nóta 1 agus suimeanna a bailíodh thar ceann Ballstáit eile an AE a nochtar i Nóta 2.
- h. Is mar seo a leanas atá fáltais neamh-Stáitchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Ballstáit AE eile:
- An Ciste Árachais Shóisialaigh (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa)
 - An Roinn Sláinte (Tobhach Tobac)
 - An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)
 - An Ciste Comhshaoil (an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha)
 - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna)
 - Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Tithe Solais)
 - An Roinn Airgeadais (íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais agus Ioncam Ilghnéitheach ar Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána, agus Táillí Clárúcháin Cuideachtaí)
 - Ciste Cúitimh Árachais (tobhach an Chiste Cúitimh Árachais)
 - Ballstáit an AE (Scéim An Ionaid Uileghnó CBL)
 - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Cháin Maoine Áitiúil)

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim tobhach chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha, Dleachtanna Tithe Solais, íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais agus Tobhach an Chiste Cúitimh Árachais a bhailiú. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirir freisin ar chustaiméirí a dhéanann iarratas ar aisíocaíocht CCF faoin Scéim Aisíocaíochta Easpórtála. Suimeanna a fhaightear i leith na muirear seo, áirítear iad sa chuntas mar Leithreasáí i gCabhair de chuid Vóta 9.

Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

Léiríonn airgead tirim i mbanc agus ar láimh an t-airgead iomlán i gcuntais tráchtála agus i gcuntas an Bhainc Ceannais coigeartaithe chun seiceanna nár tugadh i láthair agus difríochtaí ama a chur san áireamh.

Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh

